


TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH FOLLÁINE

SA TSRAITH
SHÓISEARACH



NCCA 

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnach
National Council for Curriculum and Assessment





An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnach
National Council for Curriculum and Assessment

TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH 2017

1

RÉAMHRÁ

6

- 1.1 Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an bhfolláine? 10
- 1.2 An comhthéacs beartais 12
- 1.3 I dtreo tuiscint a fháil ar fholláine an scoláire sa tsraith shóisearach 15

2

FOLLÁINE AGUS AN CREAT DON TSRAITH SHÓISEARACH

18

3

FOLLÁINE - SAOTHAR SCOILE UILE

24

- 3.1 Ceithre ghné den fholláine i scoileanna 26
- 3.2 Folláine an mhúinteora 29
- 3.3 An timpeallacht fhisiciúil agus folláine 30
- 3.4 Ionchais agus tuairimí agus folláine 31
- 3.5 Teagasc agus foghlaim, agus folláine 32
- 3.6 Guth an scoláire agus folláine 34
- 3.7 Cleachtais measúnaithe agus folláine an scoláire 35
- 3.8 Beartais scoile 36
- 3.9 Córais tacaíochta do scoláirí 37
- 3.10 Comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus caomhnóirí 39
- 3.11 Pleanáil 40

4

AN FHOLLÁINE AGUS AN CURACLAM**42**

4.1	Táscairí na folláine	44
4.2	An fholláine agus an curaclam	46
4.3	Treoir	48
4.4	Réimsí eile foghlama agus folláine	50
4.5	Prionsabail phleanála agus céimeanna chun clár Folláine a fhorbairt	52
4.6	Curaclam le haghaidh clár Folláine	56
4.7	Clár shamplacha	60

5

MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ**70**

5.1	Measúnú	72
5.2	Tuairisciú ar an bhFolláine sa chéad bhliain agus sa dara bliain	73

6

AGUISÍNÍ**76**

Aguisín A:	Gearrchúrsaí CNCM agus clár Folláine sa tsraith shóisearach	78
Aguisín B:	An chaoi a nascann na táscairí Folláine le Ráitis Foghlama agus leis an bPríomhscil <i>Fanacht folláin</i>	88
Aguisín C:	Tosú amach – Breac-chuntas molta le haghaidh ceardlann foirne	89
Aguisín D:	Na táscairí Folláine a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas scoile	91
Aguisín E:	Úsáid táscairí Folláine le tacú le féinmheasúnú an scoláire	92
Aguisín F:	Grúpa fócais scoláirí chun clár Folláine a fhorbairt	94
Aguisín G:	Grúpa fócais tuismitheoirí chun clár Folláine a fhorbairt	96
Aguisín H:	Folláine sa tSraith Shóisearach: Ceistneoir féinmheastóireachta le haghaidh lucht bainistíochta agus fhoireann na scoile	98
Aguisín I:	Teimpléad chun tacú le scoileanna agus aonaid foghlama níos giorra san Fholláine á bpleanáil	104

1





RÉAMHRÁ

Folaítear do réimse nua foghlama ar a dtugtar Folláine sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015). Trasnóidh an fholláine na trí bliana den tsraith shóisearach agus tógfaidh sí ar an obair shuntasach atá á déanamh cheana i scoileanna le tacú le folláine scoláirí. Mar gheall ar an réimse foghlama seo, beidh cultúr agus éiteas agus tiomantas na scoile don fholláine le feiceáil ag an scoláire. Cuimseofar leis deiseanna foghlama chun cur le folláine fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach agus shóisialta an scoláire.

**TÁ RÓL LÁRNACH
LE HIMIRT AG AN
SCOIL I DTACÚ LEIS AN
SCOLÁIRE AGUS CHUN
FOGHLAIM AN SCOLÁIRE A
CHUR CHUN CINN FAOIN
BHOLLÁINE AGUS DON
FHOLLÁINE.**




Cuirfidh sé ar chumas an scoláire scileanna saoil a thógáil agus ómós láidir ceangailteachta a fhorbairt leis an scoil agus lena phobal. Tosóidh Clár Folláine na sraithe sóisearaí le 300 uair an chloig ar an gclár ama in 2017 agus tiocfaidh méadú air go 400 uair an chloig faoi 2020 de réir mar a chuirfear an tsraith shóisearach nua chun feidhme ina hiomláine i scoileanna.

Is é aidhm na dtreoirínte seo tacú le scoileanna i bpleanáil agus i bhforbairt clár soiléir Folláine a thógann ar na tuiscintí, ar na cleachtais agus ar na curaclaim don fholláine atá i scoileanna cheana féin.

Sé chuid atá sna treoirínte. Leagtar amach i gCuid 1 an fáth a bhfuil tábhacht leis an bhfolláine in oideachas na sraithe sóisearaí agus an comhthéacs beartais chun machnamh a dhéanamh ar an bhfolláine in oideachas na sraithe sóisearaí. Breathnaítear i gCuid 2 ar na ceangailtí idir folláine agus an *Creat don tSraith Shóisearach*. Déantar breith i gCuid 3 ar na gnéithe a chuireann le cur chuige scoile uile ar an bhfolláine, agus tugtar forbhreathnú i gCuid 4 ar na breithnithe pleanála agus ar roinnt samplaí de chlár folláine. Leagtar amach i gCuid 5 moltaí maidir le conas is féidir le scoileanna measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí sa réimse foghlama seo. Tá uirlisí chun Clár Folláine a phleanáil agus a mheas le fáil sa chuid deiridh.

Agus na treoirínte seo á bhforbairt, baineadh leas ar leith as saothar Maeve O'Brien in *Leas Daltaí agus an Scolaíocht Iar-bhunoideachais; léirmheas ar an litríocht agus ar an taighde* (CNCM, 2008) agus as an doiciméad eolais *A Human Development Framework for Orienting Education and Schools in the Space of Wellbeing* (CNCM, 2016) le Maeve O'Brien agus Andrew O'Shea.



**BÍONN
FOLLÁINE SCOLÁIRE
I GCEIST NUAIR A
AITHNÍONN AN SCOLÁIRE
A CHUMAIS FÉIN, NUAIR A
THUGANN SÉ AIRE DÁ FHOLLÁINE
FHIŞICIÚIL, NUAIR ATÁ SÉ ÁBALTA
DÉILEÁIL LE GNÁTHSTRUIS
AN TŞAOIL, AGUS NUAIR A
MHOHAÍONN SÉ GO BHFUIL
CUSPÓIR AIGE AGUS GUR
CUID DE PHOBAL NÍOS
LEITHNE É.**

AN GHAELG

1.1

CÉN FÁTH A BHFUIL TÁBHACHT LEIS AN BHFOLLÁINE?

Tá níos mó airde á díriú ar fholláine in go leor córais oideachais. Tá tionchar ag Coinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, ina leagtar béim ar cheart páistí chun a gcumas iomlán a bhaint amach agus a bheith páirteach i gcinntí a bhaineann leo, air seo. Tá cur chuige bunaithe ar chearta i leith na folláine úsáideach mar cuireann sé i gcuimhne dúinn go bhfuil an fholláine tábhachtach mar go mbíonn torthaí oideachais níos fearr ag baint leis nó go bhfuil sé d'acmhainn ann dul i bhfeidhm ar thorthaí na ndaoine óga mar dhaoine fásta, ach ní ar na cúiseanna sin amháin. Tá tábhacht leis an bhfolláine san am i láthair. Tá an fholláine tábhachtach aisti féin mar tá sé de cheart ag gach scoláire a bhrath go bhfuil aire á tabhairt dó ar scoil.

É sin ráite, is eol dúinn freisin go mbíonn torthaí cognaíocha níos fearr ag an scoláire a mbíonn leibhéil níos airde folláine aige¹. Léiríodh i dtaighde a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) go mbíonn 'leibhéil níos airde gnóthachtála acadúla ina dhiaidh sin ag leanaí ag a raibh leibhéil ní b'airde folláine mothúchánaí, iompraíochta, sóisialta agus scoile (ag 11, 14 agus 16 bliana d'aois).² Mar sin, tá an fholláine agus an fhoghlaim fite fuaite ina chéile.

Na daoine atá ar son caighdeáin arda acadúla a chur chun cinn agus na daoine atá ar son sláinte mheabhrach, mhothúcháinach agus shóisialta a chur chun cinn, tá sé ríthábhachtach go dtuigeann siad sin ar fad go bhfuil siad ar an taobh céanna agus gur féidir leis an oideachas sóisialta agus mothachtálach tacú leis an bhfoghlaim acadúil seachas baint di. Tá fianaise an-láidir ann gur éifeachtaí i bhfad an fhoghlaim, lena

**TÁ AN FHOLLÁINE
TÁBHACHTACH MAR GO
MBÍONN TORTHAÍ OIDEACHAIS
NÍOS FEARR AG BAINTE LEIS NÓ GO
BHFUIL SÉ D'ACMHAINN ANN DUL I
BHFEIDHM AR THORTHAÍ NA NDAOINE
ÓGA MAR DHAOINE FÁSTA, ACH NÍ
AR NA CÚISEANNA SIN AMHÁIN. TÁ
TÁBHACHT LEIS AN BHFOLLÁINE
SAN AM I LÁTHAIR.**

n-áirítear sna hábhair acadúla, má tá an scoláire sásta ina chuid oibre, má chreideann sé ann féin, agus má mheasann sé go bhfuil an scoil ag tacú leis.³

Tá saothar mór taighde idirnáisiúnta ann freisin ina léirítear nasc idir cáilíocht an chaidrimh idir an múinteoir agus an scoláire agus torthaí áirithe a bhíonn á mbaint amach ag an scoláire lena n-áirítear folláine shocheacnamaíoch, rannpháirtíocht in obair scoile, braistint chomhuintearais a mhothú ar scoil, leibhéil na bhfadhbanna araíonachta, agus gnóthachtáil acadúil.⁴

I suirbhé *My World* de chuid Headstrong, sainathníodh na príomhthosca riosca agus cosanta⁵ maidir le meabhairshláinte daoine óga. I measc na ndaoine óga idir 12 bhliain agus 18 mbliana d'aois a ghlac páirt sa suirbhé (N=7,000), ba é an fáistineoir ba chumhachtaí i leith meabhairshláinte mhaith 'duine fásta maith amháin' ar a laghad a bheith ina saol – duine a raibh aithne phearsanta aige orthu, a chreid iontu, agus a bhí ar fáil dóibh. Fuarthas amach go raibh féinmheas níos láidre, misneach go bhféadfaidís déileáil le dúshláin an tsaoil, agus braistint folláine ag na daoine óga sin a raibh aithne acu ar dhuine fásta den sórt sin. Maidir leo siúd nach raibh in ann duine den sórt sin a aithint ina saol, bhí riosca mór imní, dúlagair, pleidhcíochta agus féindíobhála ag baint leo. I gcás fhormhór na n-ógánach a ghlac páirt sa suirbhé, ba thuismitheoir an 'duine fásta maith'

1 *Student wellbeing: Literature review.* (2015) Centre for Education Statistics and Evaluation.

2 Smyth, E. (2015). *Learning in focus: Wellbeing and school experiences among 9-13-year-olds: Insights from the growing up in Ireland study.* ITES/CNCM lch 4.

3 Weare, K. (2000). *Promoting mental, emotional, and social health: A whole-school approach.* London: Routledge.

4 Smyth, E. (2015). *Learning in focus: Wellbeing and school experiences among 9-13-year-olds: Insights from the growing up in Ireland study.* ITES/CNCM lch 3.

5 Is é atá i gceist le tosca cosanta dálaí nó tréithe i ndaoine aonair, teaghlach, scoileanna nó sa tsochaí níos leithne a chuireann le sláinte agus le folláine leanaí agus teaghlach nuair a bhíonn siad ann.

(a máthair i bhformhór na gcásanna), ach ba sheantuismitheoir, gaol níos sine leo nó múinteoir a bhí ann in go leor cásanna.

Molann an fealsúnaí Nel Noddings go bhfuil cúram i gcoilár an tsaoil dhaonna agus i ndéanamh go maith agus gur c heart amharc air mar idéal eiticiúil oideachais. Luann sí:

Ní mór go mbeadh cothabháil agus feabhsú an chúraim ina phríomhaidhm de gach iarracht oideachasúil.⁶

Ag leanúint ó Noddings, chuir teoricithe cúraim eile eitic seo an chúraim i scoileanna in iúl agus mhol siad go mbíonn tionchar láidir ag an gcaoi a múnlaíonn múinteoirí eitic cúraim dá scoláirí ar an gcaoi a bhforbraíonn an scoláire mar fhoghlaiméir agus mar dhuine óg.

Mar sin féin, caithfear a aithint chomh maith go bhfuil go leor de na tosca a chuireann cruth agus a mbíonn tionchar acu ar fholláine scoláire taobh amuigh de ghreim agus de thionchar na scoile. Bíonn tionchar ag tosca geilleagracha, polaitiúla agus sóisialta ar fholláine an scoláire chomh maith. Bíonn tionchar mór ag cúinsí agus ag comhthéacs áirithe teaghlach an scoláire ar a thaithí folláine chomh maith. Tá cur síos forleathan déanta ar na naisc idir an bhochtaineacht agus drochshláinte fhisiciúil agus mheabhrach. Sa chomhthéacs sin, léirítear i dtaighde na Príomh-Oifige Staidrimh gur tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar líon na dteaghlach ag maireachtáil i mbochtaineacht sheasta idir 2008 agus 2014, le hardú ó 4.2% go 8%, rud a raibh tionchar aige ar fholláine leanaí ar ndóigh.⁷

Cé go n-aithnítear na tosca seachtracha sin, tá sé tábhachtach nach ndéanfaí beag is fiú de ról na scoile i ndáil le folláine. Trí dheiseanna do dhaoine óga foghlaim faoin bhfolláine a mhéadú oiread is féidir agus trí bheith feasach ar na tosca cosanta gur féidir le pobail uile na scoile a thabhairt chun ómós folláine daoine

óga a bhreisiú, féadfaidh scoileanna difríocht shuntasach a dhéanamh.

Is féidir féachaint ar an óige mar phróiseas dea-fhorbartha ina bhfaigheann daoine óga an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí a chothóidh iad i rith a saoil ar fad⁸. Aistear ar feadh an tsaoil atá ann, ach tá ról tábhachtach ag scoileanna ann. Is é sprioc na folláine an bláthú daonna agus braitheann bláthú ar chúig cholún: mothúchán dearfach, rannpháirtíocht, caidrimh, brí agus éachtaí⁹. Nuair a bhíonn páistí agus daoine óga ag ‘bláthú’, ní amháin go mbíonn siad fiosrach agus ag súil le foghlaim, bíonn siad:

- cruthaitheach agus samhlaíoch
- ceangailte agus ionbháil
- go maith mar bhall foirne
- muiníneach fúthu féin
- athléimneach agus seasmhach
- dearfach fúthu féin agus á bhfeiceáil féin ag fás ina ndaoine níos fearr.¹⁰

Tá ról lárnach le himirt ag an scoil i dtacú leis an scoláire agus chun foghlaim an scoláire a chur chun cinn *faoin bhfolláine* agus *don fholláine*. Foghlaimíonn sé *faoin bhfolláine* trí réimsí áirithe den churaclaim agus trí imeachtaí agus tionscnaimh folláine a eagraítear chun feasacht, faisnéis agus scileanna folláine a fhorbairt. Foghlaimíonn sé *don fholláine* nuair a bhíonn a thaithí iomlán ar shaol na scoile lena n-áirítear gach idirghníomhaíocht laethúil sa seomra ranga agus taobh amuigh de idir mheasúil agus chomhbhách. Le smaoineamh ar an bhfoghlaim *don fholláine*, ní mór dúinn an méid a foghlaimíonn an scoláire a chur san áireamh chomh maith leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé é. Is féidir an fhoghlaim *don fholláine* a chothú i ngach ábhar agus le gach múinteoir.

6 Noddings, N. (1984). *The challenge to care in schools: An alternative approach to education*. Nua-Eabhrac, Ich 172.

7 An Phríomh-Oifig Staidrimh. (2014). *Survey on income and living conditions*.

Faighte ó: www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/silc/surveyonincomeandlivingconditions2014/

8 Awartani, M and Looney, J. (2015). Learning and well-being: An agenda for change.

9 Seligman, M. (2011). ‘Happiness is not enough.’

Faighte an 21 Márta 2016 ó www.authentic happiness.sas.upenn.edu/newsletters/flourishnewsletters/newtheory

10 Growing great kids: helping young people to flourish in life.

Faighte an 23 Márta 2016 ó growinggreatschools.com.au/growing-great-kids-helping-young-people-flourish-in-life

1.2

AN COMHTHÉACS BEARTAIS

Sa phlé agus sna comhairliúcháin a bhaineann le forbairtí sa tsraith shóisearach, léirigh idir mhúinteoirí agus scoláirí a thábhachtaí atá sé aird ar leith a dhíriú ar fholláine an scoláire sa tsraith shóisearach nua. Dá bhrí sin, luaitear sa *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015)

Am criticiúil i saol daoine óga is ea blianta na sraithe sóisearaí. Bíonn daoine óga faoi thionchair éagsúla agus bíonn gá acu le tacaíocht chun cinntí dearfacha freagracha a dhéanamh maidir lena sláinte agus lena bhfolláine féin agus le folláine daoine eile. Baineann folláine sa tsraith shóisearach le daoine óga a bheith ag mothú muiníneach, sona, sláintiúil agus i dteagmháil le daoine agus leis an saol.¹¹

Moltar sa Straitéis Náisiúnta Leanaí¹² fíis d'Éirinn

ina mbeidh meas ar leanaí mar shaoránaigh óga atá in ann cur leis an tsochaí ar dhóigh luachmhar agus ina mbeidh guth suaithinseach acu; áit a dtugann a muintir féin agus an tsochaí i gcoitinne grá agus tacaíocht do gach leanbh; áit a mbeidh siad in ann óige shásta a chaitheamh agus áit a mbeidh siad ábalta a bpoitéinseal a bhaint amach.

Leagtar amach creat den chineál céanna in Éirinn in *Éire Shláintiúil: creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe*¹³:

...Éire Shláintiúil inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus áit a bhfuil luach ar fholláine agus go dtacaítear leis ar gach leibhéal den tsochaí agus go bhfuil sé mar fhreagracht ar chách.

Tá folláine a áireamh mar réimse foghlama ag coinneáil chomh maith le creat beartais an rialtais *Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile – Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020*. Leagtar amach sa chreat seo fíis agus torthaí a n-oibreoidh gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, seirbhísí reachtúla agus na hearnálacha deonacha agus pobail ina dtreo, chun folláine leanaí a bhaint amach. (Feic tábla 1 thall don fhíis, do na torthaí agus do na haidhmeanna)

Cuireann na treoirínte seo le fíis scoileanna mar áiteanna mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.¹⁴

Sa *Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020*, soláthraítear teachtaireacht shoiléir freisin maidir leis an nasc idir an tOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus cur chun cinn na folláine. Sa chás seo, is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar ar an bhforbairt inbhuanaithe:

forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an ama i láthair gan cur isteach ar chumas na nglún amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin. Is próiseas leanúnach treoraithe í an forbairt inbhuanaithe ina mbíonn athrú eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta, athrú a bhfuil sé mar aidhm aige folláine agus leas saoránach a chur chun cinn san am i láthair agus sa todhchaí.

11 An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (2015). *Creat don tsraith shóisearach*, lch 22.

12 An Roinn Oideachais agus An Roinn Sláinte. (2000). *An Straitéis Náisiúnta Leanaí: Ár Leanaí – A Saol*.

13 An Roinn Sláinte. (2013). *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe. 2013-2025*. Faighte an 23 Márta 2016 ó www.hse.ie/eng/services/publications/corporate/hieng.pdf

14 An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga, 2014-2020*. Lch. 1V.

Fíor 1: Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Fís agus Torthaí Náisiúnta

FÍS


Is í an fhís atá againn ná go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.

TORTHAÍ NÁISIÚNTA



Fíor 2: Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Aidhmeanna

AIDHMEANNA: BAINENN NA RUDAÍ SEO A LEANAS LE LEANAÍ AGUS LE DAOINE ÓGA...



Tugadh níos mó airde ar an bhfolláine i mbeartais oideachais le deireanaí. Thacaigh an Roinn Sláinte agus an Roinn Oideachais agus Scileanna le réimse tionscnamh a bhfuil mar aidhm leo an tsláinte agus an fholláine a chur chun cinn i scoileanna, amhail an *Creat maidir le Scoil a fhorbairt ina gcuirtear an tsláinte chun cinn, na Treoirlínte maidir le Cothú na Meabhairshláinte, treoirlínte chun freagairt do theagmhais chriticiúla i scoileanna*, agus an Brat do Scoileanna Gníomhacha, gan ach beagán a lua. Chuir na tionscnaimh seo agus tionscnaimh eile go mór leis an bhfeasacht mhéadaithe i scoileanna maidir leis an gcaoi ar féidir le scoileanna folláine a chur chun cinn.

I gcomhthéacs curaclaim, tá téama na folláine lárnach in *Aistear Creatchuraclam na Luath-Óige* ina ndéantar cur síos ar fholláine i dtéarmaí leanáí a bheith ‘féinmhuiníneach, sona, sláintiúil’¹⁵. Tá gnéithe den fholláine le feiceáil chomh maith i roinnt réimsí curaclaim den Churaclam Bunscoile lena n-áirítear Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus corpoideachas. Tá deiseanna ar leith ag baint le OSPS chun forbairt phearsanta, sláinte agus folláine an linbh ar leith a chothú, chun cabhrú leis caidrimh thacúla a chruthú agus a choinneáil, agus chun bheith ina shaoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Cothaíonn an corpoideachas forbairt chothrom chomhchuí agus folláine ghinearálta an linbh trí réimse eispéireas éagsúil lena soláthraítear gníomhaíocht choirp atá rialta agus dúshlánach.

**IS GÁ DO
SCOILEANNA
FÉACHAINT AR
AN BHFOLLÁINE
MAR PHRÓISEAS DE-
FHORBARTHA SEACHAS MAR
STÁID INTI FÉIN. AISTEAR
SAOIL ATÁ INTI.**



15 *Creat Aistear* www.ncca.biz/Aistear/pdfs/PrinciplesThemes_ENG/WellBeing_ENG.pdf

16 www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Social-Personal-and-Health-Education-Curriculum

17 www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Physical-Education

1.3

I DTREO TUIŠCINT A FHÁIL AR FHOLLÁINE AN SCOLÁIRE SA TŢRAITH SHÓISEARACH

Tá sé tábhachtach do phobal na scoile uile tuiscint choitianta a thógáil agus a roinnt ar an bhfolláine, go háirithe ar a bhfuil i gceist againn nuair a labhraímid faoi fholláine an scoláire. Baineann daoine éagsúla bríonna éagsúla as an bhfolláine. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach spás a chruthú do mhúinteoirí ina mbeidh siad ag cur agus ag cúiteamh, agus a bhfís agus a dtuiscint féin ar an bhfolláine a roinnt (féach Aguisíní C, D agus H).


Dúshlán is ea teacht ar shainmhíniú a chuireann ilghnéitheacht fholláine an scoláire in iúl. Faightear dearcadh éagsúil agus uaireanta iomaíoch ar fholláine i ndisciplíní éagsúla. Sainmhíneann folláine an scoláire i bhformhór an taighde agus na cáipéisíochta beartais i dtéarmaí síceolaíochta agus mar sin feictear folláine go minic mar mheascán de mhothúcháin dhearfacha agus de mheonta dearfacha – daoine óga sona, sláintiúla agus muiníneacha a mhothaíonn sábháilte, slán agus a fhaigheann cúram, iad cuimsithe, páirteach agus rannpháirteach, agus mar sin de. Is iondúil go sainaithníonn amharc cúng mar seo ar an bhfolláine le staid intinne chuspóireach an scoláire. Tá roinnt fadhbanna leis an gcur chuige seo. Ar an gcéad dul síos, tugann sé neamhaird ar an bhfíric go bhfuil folláine agus neamhfolláine le chéile mar chuid de bhail an duine agus nach ionann folláine agus easpa drochghíúmar, drochmhothúchán nó drochsmainte. Ar an dara dul síos, táthar ag breathnú ar an duine aonair amhail is go bhfuil sé go hiomlán freagrach as a fholláine gan tagairt don chomhthéacs níos leithne ná do choinníollacha sóisialta riachtanacha le go mbláthóidh folláine. Fiú lenár n-iarrachtaí is fearr, is féidir leis an tírdhreach sóisialta, geilleagrach agus cultúrtha níos leithne drochthionchar a bheith aige ar fholláine an duine aonair. Ní féidir neamhaird a dhéanamh de thosca amhail aicme shóisialta, féiniúlacht eitneach, agus féiniúlacht inscne agus ghnéasach agus folláine an scoláire á meas.

Ar an ábhar sin, tá sé tábhachtach go léirítear sa sainmhíniú ar an bhfolláine nádúr ilghnéitheach na folláine agus go dtarraingítear ann ar léargais ón tsíceolaíocht, ón bhfealsúnacht agus ón tsocheolaíocht¹⁸. Tá samhail éiceolaíoch Bronfenbrenner ar fhorbairt an duine úsáideach mar soláthraítear leis cur chuige cuimsitheach bunaithe ar chórais chun tuiscint a fháil ar an bhfolláine. (Feic fíor 3 ar an gcéad leathanach eile)

Ar dtús, aithnítear ann a thábhachtaí atá an duine agus a dhlúthchaidrimh agus bogtar amach ansin le taispeáint gur gá comhthéacs an phobail agus an comhthéacs sóisialta níos leithne a chur san áireamh chun freastal ar chur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar chórais i leith na folláine. Aithnítear sa pheirspictíocht seo go dtarlaíonn sé uaireanta go gcuireann tosca sóisialta, eacnamaíochta nó cultúrtha níos leithne isteach ar fholláine an duine. Os a choinne sin, d'fhéadfadh iompar, roghanna nó spríocanna an duine féin díobháil a dhéanamh don fholláine choiteann ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal uilíoch araon. Ina theannta sin, cuirtear i gcuimhne dúinn go bhfuil ár bhfolláine phearsanta féin agus folláine an phobail áitiúil ceangailte leis an domhan níos forleithne, agus go bhfuil an fholláine sin tógtha ar luachanna an chirt, an chomhionannais, na dlúthpháirtíochta agus an mheasa ar éagsúlachtaí i ndomhan idirnasctha. Go hachomair, léiríonn an tsamhail seo gur gné den duine é a bheith caidreamhach, agus gur laistigh de phobal a bhaintear an fholláine amach.

18 O'Brien, M. agus O'Shea A. (2016). *A human development framework for orienting education and schools in the space of wellbeing*.

Fíor 3: Samhail éiceolaíoch Bronfenbrenner ar fhorbairt an duine¹⁹



DUINE AONAIR
Aois, inscne, sláinte, srl

MICREACHÓRAS
Garthimpeallachtaí
Idirghníomhaíocht dhíreach i ngníomhaíochtaí, ról agus caidreamh le daoine eile agus le nithe

MÉISEACHÓRAS
Naisc idir córais agus micreachórais

EISEACHÓRAS
Timpeallachtaí indíreacha
Córais a théann i bhfeidhm ar an duine aonair go hindíreach trí mhicreachórais

MACRACHÓRAS
Idé-eolaíochtaí sóisialta agus luachanna cultúr agus fochultúr

TEICNEA-FHOCHÓRAS
Tionchar na meán ríomhairí idirlíon gléasanna póca na meáin shóisialta teilifís fón

19 Awartani M. agus Looney J. *Learning and wellbeing: An agenda for change*. lch 19. Faighte ó www.wise-qatar.org/sites/default/files/asset/document/wise-research-5-eispptu-11_17.pdf

Ar deireadh, is gá do scoileanna féachaint ar an bhfolláine mar phróiseas dea-fhorbartha seachas mar staid inti féin. Aistear saoil atá inti. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach eispéireas reatha an scoláire a bhailíochtú agus tacú leis an duine óg chun teacht ar eolas, scileanna agus meonta dá fholláine anois agus amach ina shaol mar dhuine fásta freisin. Tá sé tábhachtach a dhearbhú nach mbainfear amach folláine ina hiomláine riamh: d'fhéadfadh céimeanna ar gcúl tarlú am ar bith agus is fíor é sin i gcás gach aon duine. Ba cheart féachaint ar ísle brí, mothúcháin agus smaointe lagbhriocha, agus féinmheas íseal mar ghnéithe den staid dhaonna seachas mar bhaic ar an bhfolláine. Trí eispéireas na neamhfolláine a aithint mar chuid de chontanam na folláine, foghlaimíonn an scoláire gur gá glacadh leis go mbraitheann gach duine leochaileach agus go mbíonn gá aige le cúram ag céimeanna áirithe dá aistear. Is féidir an scoláire a spreagadh le haithint nach gá gurb ionann an fholláine agus easpa struis nó mothúcháin diúltach ina shaol.

Sa sainmhíniú²⁰ seo a leanas, déantar iarracht nádúr ilghnéitheach na folláine a chur san áireamh lena n-áirítear an fholláine shóisialta, mhothúcháin, spioradálta, intleachtúil, chomhshaoil, agus choirp:

IS ANN D'FHOLLÁINE AN SCOLÁIRE NUAIR A ÉIRÍONN LEIS AN SCOLÁIRE BARR A CHUMAS A BHAINN AMACH, NUAIR A THUGANN SÉ AIRE DÁ FHOLLÁINE CHOIRP, MÁ ÉIRÍONN LEIS DÉILEÁIL LE GNÁTHSTRUS AN TSAOIL, AGUS MÁ MHOHTAÍONN SÉ GO BHFUIL BRAISTINT CHOMHUINTEARAIS AIGE LE POBAL NÍOS LEITHNE.

Cuid den aistear i dtreo comhthuisceana agus físe le haghaidh na folláine is ea go dtuigeann gach duine sa phobal scoile go bhfuil ról aige agus freagracht air chun tacú le folláine na scoláirí. Tá an méid sin ar aon dul le creat *Éire Sláintiúil*, ina leagtar amach físe le haghaidh:

Éire shláintiúil inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as sláinte agus folláine fhisiceach agus meabhrach chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus áit a bhfuil luach ar fholláine agus go dtacaítear leis ar gach leibhéal den tsochaí agus go bhfuil sé mar fhreagracht ar chách.²¹

Cé gur féidir le gach aon mhúinteoir tacú le folláine an scoláire, cuirtear leis arís nuair a bhíonn gnéithe tábhachtacha den fholláine ina n-ábhar foghlama agus teagaisc i réimse sonraíthe den churaclam agus nuair a chuirtear am ar leith ar leataobh dóibh.

Tá samplaí i gCuid 4 de na treoirí seo de bhealaí ina bhféadfadh scoileanna cláir folláine a phleanáil.

20 Curtha in oiriúint ó shainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte. (2001). www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/Well-Being-in-Post-Primary-Schools-Guidelines-for-Mental-Health-Promotion-and-Suicide-Prevention-2013.pdf

21 An Roinn Sláinte. *Éire Shláintiúil: Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe, 2013-2025*. Faighte ó <http://www.hse.ie/eng/services/publications/corporate/hieng.pdf>

2





**FOLLÁINE
AGUS AN CREAT
DON TSRAITH
SHÓISEARACH**


Tréimhse thábhachtach i saol an duine óig is ea blianta na sraithe sóisearaí mar foghlaimíonn sé conas freagracht níos mó a ghlacadh as a shaol agus conas déileáil le heispéiris, le tionchair agus le brúnna nua. Tá folláine an scoláire ag croílár na físe do shraith shóisearach nua, agus soláthraítear bonn iontach in *Creat don tSraith Shóisearach* chun clár folláine sraithe sóisearaí a phleanáil.

Ocht bprionsabal atá in *Creat don tSraith Shóisearach* lena gcuirtear eolas ar fáil chun clár sraithe sóisearaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sna scoileanna ar fad. Tá tábhacht ag baint leis na prionsabail sin ar fad chun tacú le heispéireas folláine an scoláire sa tsraith shóisearach. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an fholláine ina prionsabal d'oideachas na sraithe sóisearaí agus ina réimse curaclaim araon.



**TÁ FOLLÁINE
AN SCOLÁIRE
AG CROÍLÁR NA
FÍSE DO SHRAITH
SHÓISEARACH NUA.**

Fíor 4: Prionsabail d’oideachas na sraithe sóisearaí



Cuimsítear 24 ráiteas foghlama (RF) sa Chreat mar aon leis na hocht bprionsabal, agus tá siad ríthábhachtach don phleanáil i leith eispéireas an scoláire ar chlár sraithe sóisearaí na scoile. Baineann roinnt de na ráitis foghlama go follasach leis an bhfolláine, lena n-áirítear:

- Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálaí (RF 5).
- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne (RF 7).
- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe (RF 10).
- Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (RF 11).
- Is rannpháirtí muiníneach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go fisiciúil (RF 12).
- Tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh (RF 13).

Soláthraítear sna ráitis agus sna prionsabail an bonn chun pleanáil agus measúnú a dhéanamh ar gach clár scoile sa tsraith shóisearach. Tá ról tábhachtach ag baint le cur chun cinn príomhscileanna sa teagasc agus san fhoghlaim freisin ó thaobh tacú le folláine an scoláire de. Nuair a dhéanann an múinteoir ceachtanna ina gcuimsítear go leor scileanna, bíonn an scoláire níos gníomhaí ina chuid foghlama, mothaíonn sé níos dearfaí faoin bhfoghlaim, agus glacann sé freagracht bhreise as a chuid foghlama. Cé go bhfuil an phríomhscil ‘Fanacht folláin’ dírithe go sonrach ar an bhfolláine, déantar go leor de na meonta dearfacha a bhaineann le folláine an scoláire a chothú trí fhorbairt chomhfhiosach na bpríomhscileanna ar fad sa seomra ranga.

Tá an neamhspleáchas ag gach aon scoil a clár sraithe sóisearaí féin a dhearadh, ag tarraingt ar mheascán de chomhpháirteanna an churaclaim (ábhair, gearrchúrsaí, aonaid foghlama, agus eispéiris foghlama eile). Critéar tábhachtach chun na comhpháirteanna éagsúla a chuimsiú is ea go soláthrófar leo eispéiris foghlama atá tarraingteach, dúshlánach agus taitneamhach don scoláire, rud a thacóidh lena bhraistint folláine.

Tá comhairle ar an gcaoi ar féidir comhpháirteanna éagsúla den churaclam a úsáid agus a chur le chéile i gclár folláine sa tsraith shóisearach, agus samplaí de sin, leagtha amach i gCuid 4 de na treoiríníte seo.



3






**FOLLÁINE -
SAOTHAR
SCOILE UILE**

3.1

CEITHRE GHNÉ DEN FHOLLÁINE I SCOILEANNA

Is gá na gnéithe seo a chur san áireamh sa phleanáil don fholláine: cultúr; caidrimh; beartas agus pleanáil; agus an curaclam. Díritear ar na chéad trí ghné sa chuid seo, agus féachtar ar bhealaí inar féidir le pobal scoile uile cabhrú chun an cineál cultúir, caidreamh agus beartas a thógáil lena dtacaítear le folláine an scoláire. Tagann na ceithre ghné sin go maith leis na ceithre réimse gníomhaíochta atá molta in *Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéimharaithe* (2013) agus in *Schools for Health in Ireland: Framework for Developing a Health Promoting School*.

Tá plé mionsonraithe ar cheist na folláine agus an curaclam le fáil i gCuid 4.



Coincheap ilghnéitheach is ea an fholláine, agus is gá cur chuige sa scoil uile sna hiarrachtaí chun folláine an scoláire a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is gá féachaint ar na struchtúir, na heispéiris, na hacmhainní agus ar na gnéithe eile is féidir le pobail uile na scoile a chur ar fáil chun braistint folláine daoine óga a bhreisiú. Is é tátal go leor den taighde sa réimse seo go bhfuil caidrimh dhearfacha²² idir an múinteoir agus an scoláire, agus idir an scoláire agus a chomhscoláirí, mar aon lena bhraistint cheangailteachta, ar na príomhthionchair ar bhraistint folláine an scoláire agus é ar scoil.

Tá an bhraistint chomhuintearais le timpeallacht na scoile ina toisc cosanta sheanbhunaithe do shláinte an linbh agus an ógánaigh, don oideachas agus don fholláine shóisialta.²³

Is trí cháilíocht na gcuidreamh laistigh de thimpeallacht na scoile agus trí na luachanna agus trí chultúr na scoile a bhraitear gach lá a bhaintear amach an cheangailteacht agus a dhéantar í a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, ní hamháin gur féidir an fholláine a theagasc trí chomhpháirteanna follasacha den churaclam, ach is féidir leo siúd atá ag obair sa scoil í a léiriú de réir mar a léiríonn siad cúram, meas agus tuiscint ar dhaoine eile ina n-idirghníomhaíochtaí le scoláirí.

I gclár na Scoileanna ina gCuirtear an tSláinte Chun Cinn agus sa taighde a bhaineann leis, léirítear a thábhachtaí is atá eispéiris oideachasúla iomlánaíochta don scoláire. Ar an ábhar sin, ní leor a bheith ag teagasc ‘maidir le’ caidrimh mhaithe agus meas; is gá é sin a léiriú agus a mhothú i measc phobal na scoile.²⁴

Léirítear freisin sa taighde gur féidir dul i gcion ar fhorbairt scileanna sóisialta agus mothúchánacha laistigh den scolaíocht

fhoirmiúil as a dtiocfaidh torthaí foghlama agus gnóthachtáil acadúil níos fearr ina dhiaidh sin.

Níos mó ná riamh, meastar gur ríthábhachtach don tsláinte agus do thorthaí acadúla é a thábhachtaí atá an bhraistint cheangailteachta leis an scoil, go mothaíonn tú go bhfuil sé tábhachtach go mbeifeá ann.²⁵

Is rud maith é gur féidir dul i bhfeidhm ar roinnt de na scileanna sóisialta agus mothúchánacha, agus bíonn ról ríthábhachtach ag múinteoirí trí fheabhas a chur ar thimpeallachtaí foghlama chun na scileanna sin a bhreisiú. ... trí leibhéal scileanna sóisialta agus mothúchánacha – amhail buanseasmhacht, féinmheas agus caidreamhacht – a ardú, d’fhéadfaí dul i bhfeidhm go mór ina dhiaidh sin ar thorthaí a bhaineann leis an tsláinte agus leis an bhfolláine shuibiachtúil, mar aon le hionpraíocht fhrithshóisialta a laghdú.²⁶

Tá an fhreagracht ar gach aon duine sa scoil, beag beann ar leibhéal nó minicíocht na teagmhála a bhíonn acu le daoine óga, maidir le héiteas dearfach agus meas agus cúram a chruthú – timpeallacht inar féidir le gach aon duine cur ar bhealach dearfach le folláine gach duine ar leith laistigh den scoil agus leis an bpobal níos forleithne. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le gníomhartha beaga cineáltais, spéise, tuisceana, agus dearfachta gach lá. Leis na gnéithe sin de chaidrimh agus d’idirghníomhaíochtaí, léirítear don scoláire go n-aithnítear é, go dtugtar cúram dó, go bhfuil meas air, agus go n-éistear leis, agus cabhraíonn siad, ar an ábhar sin, le braistint folláine an scoláire.

22 ‘The quality of teacher-student relationships emerges as a key influence on child self-image’. Smyth, E. (2015). *Wellbeing and school experiences among 9- and 13-year-olds: Insights from the growing up in Ireland study*. ITES/CNCM lch v.

23 Roinn Oideachais agus Pobal New South Wales. (2015). *Student wellbeing: Literature review*. Centre for Education Statistics and Evaluation.

24 O’ Brien, M. (2009). *Well-being and post-primary schooling*. CNCM. lch 180.

25 Blum, 2005; Rowe, Stewart agus Patterson, 2007.

26 ECFE. (2015). *Skills for social progress*. lch 13 agus lch 14.

27 Bates, T. (2016, 2 Aibreán). We have the power to help those in a dark place. *The Irish Times*.

Tá ‘duine fásta maith’ amháin ar ár son ag teastáil uainn go léir. Duine é sin inár saol a bhfuil tuiscint aige orainn, a éisteann linn agus a chreideann inár n-acmhainneacht.²⁷

Mar shaothar scoile, féadfaidh an fholláine tacú leis an uile scoláire, ach ar bhealaí éagsúla. I gcás ina mbíonn béim mhór sa scoil ar aire a thabhairt do riachtanais na scoláirí ar fad, téann sé sin chun leas na leanaí sin atá leochaileach nó a bhfuil deacrachtaí ar leith acu freisin. Mar oideachasóirí, tá sé tábhachtach nach nglacaimid leis gur eol dúinn a bhfuil de dhíth

ar leanaí agus nach ndearaimid an curaclam chun freastal ar na riachtanais mheasta sin amháin. Ba cheart go mbeadh deiseanna ag an scoláire a riachtanais a chur in iúl ionas go bhforbrófaí cláir folláine chun freastal ar na riachtanais iarbhír atá curtha in iúl acu seachas ar thuairimí daoine fásta ar a bhfuil de dhíth.²⁸ Tá príomhbhéim na dtreoirínte sin bunaithe ar chur chuige sa scoil uile a thógáil i leith na folláine agus ar churclam don fholláine a bhfuil gach duine freagrach as agus lena dtacaítear leis an bhfolláine do chách.

**I GCÁS INA MBÍONN
BÉIM MHÓR SA SCOIL
AR AIRE A THABHAIRT DO
RIACHTANAIŠ NA ŠCOLÁIRÍ
AR FAD, TÉANN ŠÉ ŠIN CHUN
LEAŠ NA LEANAÍ ŠIN ATÁ
LEOCHAILEACH NÓ A BHFUIL
DEACRACHTAÍ AR LEITH
ACU FREIŠIN.**



28 Noddings, N. (2005). Identifying and responding to needs in education. *Cambridge Journal of Education, Imleabhar 35(2)*.

3.2

FOLLÁINE AN MHÚINTEORA

Tosaíonn folláine ar scoil leis an bhfoireann. Is iad atá sa líne thosaigh den obair, agus ní bhíonn sé éasca ar bhaill foirne a bheith spreagtha i gceart chun folláine mhothúchánach agus shóisialta daoine eile a chur chun cinn más rud é go mbraitheann siad nach dtugtar aird ar bith orthu nó go mbraitheann siad spionta.²⁹

Tá go leor múinteoirí tiomanta do thacú le folláine a scoláirí cheana féin. Is léir é sin i scoileanna ina mbíonn an fhoireann cúraim thréadaigh, teagascóirí ranga, treoirchomhairleoirí agus ceannairí bliana ag saothrú le cinntiú go bhfaigheann an duine óg an tacaíocht agus an aird atá ag teastáil uaidh chun go mbeidh rath air agus go n-éireoidh leis ar scoil. Is léir é sin freisin i gcás ina mbíonn ionchais arda ag múinteoirí maidir le scoláirí, i gcás ina mbíonn múinteoirí ag pleanáil chun scoláirí a mhealladh go gníomhach ina gcuid foghlama féin, i gcás ina n-iarrann siad aiseolas ó scoláirí maidir le gnéithe tábhachtacha dá bhfolláine agus na nithe a chabhraíonn leo san fhoghlaim agus ina mbaineann múinteoirí leas as an aiseolas sin, agus i gcás ina n-úsáidtear cur chuige measúnaithe sa ghnáthchúrsa a thacaíonn le scoláirí agus a spreagann chun feabhais iad.

Cuid den obair chun an fholláine a chur ar mhapa na scoile is ea deiseanna a chruthú do mhúinteoirí smaoineamh ar a mbraistint folláine féin. Aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta ‘an tábhacht a bhaineann le féinchúram ionas gur féidir cúram a thabhairt do dhaoine eile agus, sa chomhthéacs sin, tá ríthábhacht le folláine múinteoirí má tá siad leis an bhfoghlaim a threorú go héifeachtach, agus tacú le foghlaim múinteoirí agus é a éascú ina gcuid iarrachtaí.’³⁰

Téann tosca ar leibhéal an duine, tosca caidreamhacha agus tosca comhthéacsúla i bhfeidhm ar fholláine an mhúinteora.³¹

Ar leibhéal an duine, baineann folláine an mhúinteora leis an ngá le neamhspleáchas, braistint inniúlachta a bheith ann, acmhainneacht éirime mothúchánaí, dearcadh dearfach, agus cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil. Ar leibhéal caidreamhach, aithnítear mar ghnéithe bunriachtanacha d’fholláine an mhúinteora cáilíocht na n-idirghníomhaíochtaí idir an ball foirne agus an scoláire agus caidrimh oibre atá gairmiúil agus dearfach. Sa chomhthéacs sin, tá tábhacht freisin ag baint le cultúr uilechuimsitheach sa scoil uile ina bhfuil ceannaireacht dhearfach dheimhneach. Ar aon dul leis an scoláire, tá braistint chomhuintearais an mhúinteora agus a cheangailteacht lena scoil bunriachtanach dá fholláine freisin. Ar deireadh, is ann do thosca comhthéacsúla amhail tionscnaimh bheartais agus cultúr na scoile a théann i bhfeidhm ar fholláine an mhúinteora freisin. Tá tábhacht ag baint le deiseanna chun folláine an mhúinteora a phlé ar an leibhéal seo.

Beidh forbairt ghairmiúil de dhíth ar an múinteoir le cinntiú go bhfuil tuiscint dhomhain choincheapúil aige ar an bhfolláine agus go bhfuil muinín aige as úsáid a bhaint as na cuir chuige oideolaíocha arb eol go dtacaíonn agus go gcuireann siad le folláine an scoláire. Tá sé sin tábhachtach mar bíonn tionchar ag a thuiscint phearsanta agus a luachanna ar an gcaoi a dtugann sé aire dá fholláine féin agus d’fholláine a scoláirí. Sa chomhthéacs sin, is fíor go mbíonn ár luachanna féin a dteagasc againn.³²

I ndeireadh na dála, tá sé tábhachtach do scoileanna go mbíonn dearcadh maith ag múinteoirí ar an gClár Folláine agus go dtuigeann siad conas is féidir leo cur leis agus eispéireas dearfach a thabhairt don scoláire de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim *faoin* bhfolláine agus *lena haghaidh* thar an gcuraclam ar fad.

29 Weare, K. (2015). *What works in promoting social and emotional well-being and responding to mental health problems in schools? Advice for schools and framework document*. Lch 6.

30 An Chomhairle Mhúinteoireachta. (2016). *Cosán: Creatlach um Foghlaim Múinteoirí*. Lch 20.

31 Teacher wellbeing in neoliberal contexts: A review of the literature. *In Australian Journal of Teacher Education Vol. 40(8)* Airteagal 6.

32 Palmer, P.J. (1997). *The heart of the teacher*. Lch 15.

3.3

AN TIMPEALLACHT FHISIÚIL AGUS FOLLÁINE

Téann timpeallacht fhisiciúil na scoile i bhfeidhm ar fholláine an scoláire.

Tá atmaisféar ann féin ag gach scoil, a léiríonn de ghnáth an méid lena ndéanann an scoil cúram de riachtanais shóisialta, mhothúchána agus fhisiciúla na ndaoine a fhoghlaimíonn, a oibríonn agus a thagann ar cuairt.³³

Tá sé léirithe go dtéann glaineacht, slacht agus carachtar ginearálta na bhfoirgneamh scoile i bhfeidhm ar iompar an scoláire agus ar a rannpháirtíocht san fhoghlaim.³⁴ Tá sé

tábhachtach do scoileanna a chinntiú go bhfuil an timpeallacht fhisiciúil glan agus i ndea-chaoi, agus go bhfuil aerú agus solas maith ann. Nuair is féidir, ba cheart do scoileanna deiseanna a chur ar fáil do na scoláirí a bheith gníomhach go fhisiciúil le linn an lae scoile, agus rochtain ar shaoráidí spóirt a chur ar fáil nuair is cuí. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar áiseanna a sholáthar amhail spásanna sóisialta/cruinnithe, seomra ciúin, áiteanna deasa taobh amuigh, agus timpeallacht saor ó mheaisíní díolta bia mhíshláintiúil.

**TÉANN TIMPEALLACHT
FHISIÚIL NA SCOILE I
BHFEIDHM AR FHOLLÁINE
AN SCOLÁIRE.**



33 ROS, FSS, an Roinn Sláinte. (2013). *Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéimhraithe*.

34 Kutsyuruba, B., Klinger, D, Hussain, A. (2015). relationship among school climate, school safety, and student achievement and well-being: a review of the literature. *Review of Education Volume 3(2)* 103 -135.

3.4

IONCHAIS AGUS TUAIRIMÍ, AGUS FOLLÁINE

Tá sé tugtha le fios ag Linda Allal³⁵ go gcuimsítear cruthú na féiniúlachta féin leis an bhfoghlaim, mar aon le heolas agus scileanna a shealbhú. Sa chomhthéacs sin, téann na luachanna, toimhdí agus tuairimí maidir leis an bhfoghlaim atá ag an scoláire agus ag an múinteoir i bhfeidhm go mór ar fhéiniúlacht an scoláire agus ar a thuairimí air féin.

Tá sé léirithe i dtaighde Carol Dweck go bhfuil éifeacht chumhachtach ag baint le dearcadh meoin fáis agus le dearcadh meoin sheasta den éirim.³⁶ Sa mheon seasta, glactar leis gur nithe statacha iad ár n-éirim agus ár gcumais chruthaitheacha nach féidir linn aon athrú mór a dhéanamh orthu, agus is leis an ráth a dhearbhaítear an éirim ó dhúchas. Tá meon fáis bunaithe ar an dearcadh go mbíonn éagsúlachtaí idir daoine ó thaobh na mbuanna agus na gcumas, na spéiseanna, nó na meonta a bhíonn acu ón tús, ach gur féidir leis an uile dhuine athrú agus fás trí iarracht agus trí thaithí. Dá réir sin, tá de chumas ag an uile dhuine fás ó thaobh éirime agus cumais de. Bíonn rath ar an meon fáis roimh dhúshláin. Ní fhéachtar ann ar bhotúin ná ar theipeanna mar fhianaise ar an easpa éirime, ach mar fhoinsé foghlama. Ar an taobh eile den scéal, nuair a ghlactar meon seasta, seachnaítear dúshláin, féachtar ar an éirim mar rud atá ag duine ó bhroinn agus más rud é nach mbíonn rath ar an scoláire baineann sé le heasnamh éigin ann.

Lena chinntiú go leanann gach scoláire d'fheabhas a chur ar a chuid foghlama agus de bheith rannpháirteach ann, bíonn sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Céard é an dearcadh ceannasach inár scoil? Cén chaoi a dtógaimid meonta fáis seachas meonta seasta lenár scoláirí?
- An nglactar cur chuige bunaithe ar fhás i leith na héirime agus muid ag caint faoi scoláirí agus le scoláirí?
- An meabhraítear go rialta do scoláirí, mar dhaoine aonair, an cumas agus na láidreachtaí atá iontu mar fhoghlaiméoirí agus conas is féidir leo feabhas a chur orthu féin?
- An bhfuil ionchais arda ann do *chách*?
- An moltar do na scoláirí labhairt faoina gcuid foghlama, mar shampla céard a chabhraíonn leo san fhoghlaim agus i leagan amach spriocanna dá bhfoghlaim?
- An gcothaítear agus an aithnítear réimsí éagsúla den ghnóthachtáil?

35 Allal, L. (2010). In P. Peterson et al, *Intercultural encyclopedia of education*. Oxford. (Iml. 13 lch. 348-352).

36 Dweck, C. (2006). *Mindset: The new psychology of success*. Nua-Eabhrac.

3.5

TEAGASC AGUS FOGHLAIM, AGUS FOLLÁINE

Bíonn ról an-tábhachtach ag an múinteoir chun féinmheas, spreagadh agus muinín an linbh a ardú sa chaoi a n-eagraíonn sé an teagasc agus an fhoghlaim.³⁷

Tá tábhacht ag baint leis an gcaoi a ndéantar an teagasc! Ós rud é gur sa seomra ranga a chaitheann an scoláire formhór an lae, is dócha gurb in eispéireas laethúil an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga atá an deis is mó chun cur le folláine an scoláire. Tacaítear leis an bhfolláine trí fhoghlaim agus trí theagasc a cabhraíonn leis an scoláire mothú muiníneach, ceangailte agus rannpháirteach go gníomhach ina chuid foghlama féin. Cuirtear feabhas breise ar an bhfolláine nuair a éiríonn leis an scoláire dul chun cinn agus máistreacht a bhaint amach ar na hábhair agus na cúrsaí éagsúla a bhfuil staidéar á dhéanamh aige orthu.

Bonn tábhachtach atá i bpríomhscileanna na sraithe sóisearaí agus sna hábhair thacaíochta agus sna huirlisí a ghabhann leo³⁸ chun scileanna an scoláire a fhorbairt i réimsí a bhfuil tábhacht mhór leo ó thaobh na folláine de: Mé féin a bhainistiú, Fanacht folláin, A bheith cruthaitheach, Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú, Cumarsáid, agus Obair le daoine eile. I dtaighde a rinneadh le múinteoirí, fuarthas amach gur féidir cabhrú leis an scoláire mothú muiníneach, ceangailte agus rannpháirteach go gníomhach ina chuid foghlama féin trí mhodheolaíochtaí foghlama agus teagasc a bhaineann le forbairt na bpríomhscileanna.

Go háirithe, múinteoirí a ghlac cur chuige príomhscileanna i leith an teagaisc agus na foghlama, thuairiscigh siad na torthaí seo a leanas:

- bhí na ceachtanna níos dírithe ar an bhfoghlaim
- tháinig feabhas ar spreagadh agus ar rannpháirtíocht an scoláire san fhoghlaim
- ba léir caidrimh níos dearfaí agus iompar sóisialta sa seomra ranga
- tharla foghlaim níos gníomhaí³⁹.

Chreid na múinteoirí gur tháinig na torthaí sin chun cinn de bharr úsáid níos mó a bheith á baint as straitéisí comharfhoghlama, neamhspleáchas níos mó an scoláire á chothú, agus labhairt leis an scoláire faoina chuid foghlama. Go háirithe, luaigh siad an tionchar dearfach a bhaineann leis an bhfoghlaim comhoibríoch, míniú ag piaraí, agus aiseolas mar aon leis an luach a bhaineann le deiseanna a chur ar fáil don scoláire machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim, spriocanna a leagan amach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a dhul chun cinn. Trí na príomhscileanna a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, baintear amach timpeallacht foghlama níos daonlathaí freisin ina mbíonn guth an scoláire le cloisteáil. Cabhraíonn sé sin le folláine an scoláire freisin.

37 ECFE. *Skills for Social Progress*. Ich 83.

38 juniorcycle.ie/Planning/Key-Skills.aspx

39 Is féidir teacht ar thuairiscí ar obair forbartha a rinneadh i 20 scoil maidir le príomhscileanna a leabú (2006-2009) ag http://ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas_lar-Bhunscoile/An_tSraith_Shinsearach/Priomhscileanna/Fais-neis-agus-Taighde.html

40 Féach ar scoláirí ó Éirinn ag labhairt ar an bhfoghlaim dhaonlathach trí phríomhscileanna i bhfíseán a rinneadh ar son UNESCO vimeo.com/42553073.

Maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trína dtacaítear le folláine an scoláire:

- Tá sé daonlathach agus cuirtear tuairimí agus eispéiris an scoláire san áireamh ann
- Tá sé cuimsitheach, agus tugann sé go comhfhiosach faoi shainriachtanais na ngrúpaí scoláirí mionlaigh
- Bíonn an scoláire rannpháirteach mar úsáidtear cuir chuige éagsúla lena n-áirítear foghlaim ghníomhach, comharfhoghlaim agus piarfhoghlaim
- Cuimsítear ann foghlaim dhifreálach agus gníomhaíochtaí measúnaithe lena gcuirtear san áireamh riachtanais agus réimsí spéise éagsúla na scoláirí ar leith
- Cothaíonn sé ionchas ar ghnóthachtáil ard agus cuireann sé deiseanna ratha ar fáil do gach duine
- Spreagann sé na scoláirí chun tacú lena chéile agus gníomhú mar eiseamláirí dearfacha dá chéile
- Spreagann sé an acmhainneacht chun an fhoghlaim agus dúshláin nua a bhlaiseadh amuigh faoin aer agus sa phobal níos leithne, agus baineann sé leas as an acmhainneacht sin.

Toisc go bhfuil an fhreagracht ar gach múinteoir cur leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt sa réimse seo, bítear ag súil go mbíonn gach ball foirne réamhghníomhach:

- maidir le timpeallacht a chruthú ina mbraitheann leanaí agus daoine óga slán sábháilte agus ina ndéantar cearta agus folláine leanaí a urramú agus a fhorbairt
- maidir le caidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla a bhunú thar an bpobal scoile ar fad, ina mothaíonn daoine óga go n-éistear leo agus ina mbraitheann siad gur féidir leo gnéithe íogaire dá saol a phlé ar a gcompond
- maidir le heiseamláir a thabhairt d'iompar a chuireann chun cinn an fholláine do chách
- maidir le modhanna foghlama agus teagaisc a úsáid trína gcuirtear an fhoghlaim rannpháirteach rathúil chun cinn.

In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iar-bhunscoileanna* (Cigireacht ROS, 2016), soláthraítear sraith ráiteas ar féidir le scoileanna iad a úsáid chun féinmheasúnú a dhéanamh agus chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí bhithin na folláine scoláire.



**TACAÍTEAR LEIS
AN BHFOLLÁINE TRÍ
FHOGHLAIM AGUS TRÍ
THEAGASC A CABHRAÍONN
LEIS AN SCOLÁIRE MOTHÚ
MUINÍNEACH, CEANGAILTE
AGUS RANPHÁIRTEACH GO
GNÍOMHACH INA CHUID
FOGHLAMA FÉIN.**

3.6

GUTH AN SCOLÁIRE AGUS FOLLÁINE

Cuirtear feabhas ar fholláine daoine óga trí eispéiris chuí den tsaoirse, roghanna, rannpháirtíocht agus cinnteoireacht. Struchtúir, caidrimh agus rannpháirtíocht dhaonlathach ar fud na scoile, spreagann siad an bhraistint rialaithe a bhíonn ag an scoláire agus cuireann ar a chumas a ghuth féin a aimsiú agus a fhorbairt. Tá sé rithabhachtach go n-éisteann an scoil i gceart le haghaidh na n-eispéireas sin: tarlaíonn a leithéid nuair a iarrtar tuairimí agus moltaí ó dhaoine óga, nuair a aithnítear iad sin agus nuair a thugtar freagairt bhríoch orthu⁴¹ (Flynn, 2014). Bíonn an ‘éisteacht i gceart’ sin le brath ag an scoláire i gcomhthéacsanna éagsúla sa scoil. Tarlaíonn sé ar leibhéal scoile uile, mar shampla, nuair a dhéantar beartais a fhorbairt, a chur i bhfeidhm nó a athbhreithniú. Tarlaíonn sé i seomraí ranga ar leith nuair a bhíonn plé leanúnach ar an bhfoghlaim, ar an teagasc agus ar an measúnú ar siúl idir an múinteoir agus na scoláirí. Bíonn buntáistí suntasacha ag baint leis na gcomhráite sin d’fholláine an scoláire. Trí éisteacht i gceart leis an scoláire ar leibhéal na scoile uile agus ar leibhéal an tseomra ranga araon, aithníonn an scoil an scoláire mar shaineolaí ina fhoghlaim féin agus faigheann an scoil aiseolas ar a bhfuil i gceist le bheith mar scoláire ann. Trí chur ar chumas an scoláire páirt bhríoch a ghlacadh ina eispéireas sa scoil agus sa rang a fheabhsú, spreagtar rannpháirtíocht

an scoláire san fhoghlaim (Sebba & Robinson, 2010⁴²) ach, ina theannta sin, cuirtear feabhas ar an gcaidreamh idir an scoláire agus na múinteoirí (Tangen, 2009⁴³).

I staidéar a rinneadh le déanaí i bPoblacht na hÉireann ar ghuth an scoláire, i gcás ina n-éistear le tuairimí an scoláire agus ina gcuirtear a dhearcadh san áireamh, fuarthas amach go dtagann feabhas mór ar cháilíocht a chaidreamh le múinteoirí agus ar a bhraistint chomhuintearais agus ar a gceangal leis an scoil. (Flynn et al. 2012⁴⁴; 2013⁴⁵; 2014⁴⁶). Mar thoradh air sin, ghin na caidrimh dhearfacha sin idir an scoláire agus na múinteoirí agus ceangal níos láidre leis an scoil feabhas sna leibhéil féintuairiscithe muiníne agus folláine; bhí braistint níos mó ag an scoláire go raibh aire á tabhairt dó, agus bhí compord le brath go ginearálta ina thimpeallacht oideachais.

-
- 41 Flynn, P. (2014). Empowerment and transformation for young people with social, emotional and behavioural difficulties engaged with student voice research. *New Zealand Journal of Educational Studies* 49(2).
- 42 Sebba, J. agus Robinson, C. (2010). *The evaluation of UNICEF UK's rights respecting schools award*. Londain: UNICEF.
- 43 Tangen, R. (2009) Conceptualising Quality of School Life from Pupils' Perspective: A Four Dimensional Model. *International Journal of Inclusive Education*, 13 (8) 829-844
- 44 Flynn, P., Shevlin, M., agus Lodge, A. (2012). Pupil voice and participation: Empowering children with emotional and behavioural difficulties. In Cole, T., Daniels, H., & Visser, J. (Eag.). *The Routledge international companion to emotional and behavioural difficulties*. Oxon: Routledge.
- 45 Flynn, P. (2013). The transformational potential in student voice research for young people identified with social, emotional and behavioural difficulties. *Trinity Education Papers*, 2(2) 70-91.
- 46 Flynn, P. (2014). Empowerment and transformation for young people with social, emotional and behavioural difficulties engaged in student voice research. *New Zealand Journal of Educational Studies* 49(2) 162-175.

3.7

CLEACHTAIS MEASÚNAITHE AGUS FOLLÁINE AN SCOLÁIRE

Téann eispéireas an scoláire ar mheasúnú i gcion ar a fholláine.

Bíonn go leor daoine óga sona sásta agus baineann siad taitneamh as bheith ar scoil, ach bíonn deacrachtaí ag daoine eile leis an méid measúnaithe a dhéantar. D'fhéadfadh sé cabhrú leo dá ndéanfadh scoileanna athbhreithniú ar a gcleachtais measúnaithe agus dá mbeadh na scoláirí rannpháirteach sa chinnteoireacht ar bhealach níos díri.⁴⁷

Gné thábhachtach de na forbairtí ar an tsraith shóisearach is ea athruithe ar an measúnú. San athrú sin, léirítear méid mór taighde ina dtugtar le fios go dtarlaíonn na buntáistí is mó d'fhoghlaim an scoláire nuair a thugtar aiseolas ardchaighdeán dó a chabhraíonn leis a thuiscint conas a d'fhéadfaí a chuid foghlama a fheabhsú. Cabhraíonn sé sin leis an scoláire mothú níos rannpháirtí sa phróiseas foghlama, go bhfuil smacht níos mó aige ar a fhoghlaim, agus go bhfuil muinín níos mó aige ina chumas feabhas a bhaint amach.

Ba cheart go gcabhródh measúnú leanúnach lena chinntiú go mbraitheann an scoláire go maith ann féin mar fhoghlaiméir agus go bhfuil tuiscint mhaith aige ar a éifeachtúlacht féin agus ar a acmhainneacht feabhais. Sa chomhairliúchán as ar eascair forbairt na dtreoirí seo, luaigh idir thuismitheoirí agus scoláirí gur cabhraí i bhfad aiseolas i bhfoirm nótaí tráchta agus tuairimí seachas marcanna agus gráid, go háirithe nuair a luaitear iontu na nithe atá déanta go maith ag an scoláire agus nuair a mholtar bealaí chun feabhas a chur ar an obair.

Anuas ar chleachtas a fhorbairt ina dtugtar aiseolas cabhrach don scoláire, ba ghné thábhachtach freisin a bhí in éagsúlacht níos mó de chuir chuige measúnaithe a úsáid amhail tionscadail, cuir i láthair, féinmheasúnú agus piarmheasúnú. Le cuir chuige éagsúla den chineál sin, cuirtear ar chumas an scoláire a fhoghlaim a léiriú ar bhealaí éagsúla, rud a sholáthraíonn pictiúr níos forleithne de ghnóthachtáil an scoláire. Ina theannta sin, éascaíonn siad rannpháirtíocht níos mó an scoláire sa phróiseas foghlama agus measúnaithe, agus a úinéireacht ar an bpróiseas sin. Tá sé tábhachtach a bheith tuisceanach faoi na héilimh ar leith a bhaineann le cuir chuige measúnaithe níos éagsúla, agus ba cheart go mothódh an scoláire go bhfuil tacaíocht á tabhairt dó agus na scileanna á bhforbairt aige atá riachtanach chun gabháil do na cuir chuige sin. Tá sé tábhachtach freisin féachaint ar mhéid na ngníomhaíochtaí measúnaithe a bhíonn os comhair an scoláire. D'fhéadfadh cuid mhór struis a bheith ag baint leis sin, go háirithe toisc go mbaineann an measúnú le tástáil, marcáil agus grádú, agus leo sin amháin, den chuid is mó.

Tá tacaíocht do mhúinteoirí chun a gcleachtais measúnaithe leanúnacha a fhorbairt le fáil san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú de chuid CNCM.

47 New Zealand Education Review Office. (2015). *Wellbeing for Young People's Success at Secondary School*. Faighte ó <http://ero.govt.nz/National-Reports/Wellbeing-for-Young-People-s-Success-at-Secondary-School-February-2015>

3.8

BEARTAIS SCOILE

Tugtar treoir i mbeartais na scoile, agus úsáideann an scoil an treoir sin chun a bealach a dhéanamh. In athbhreithniú ar an raon réimsí beartais, léirítear go tapa go mbaineann go leor de na réimsí go díreach le folláine an scoláire. Is iad seo a leanas na beartais is ábhartha: an beartas iompraíochta, an beartas obair bhaile, beartas OSPS (lena n-áirítear oideachas caidrimh agus gnéasachta), beartas sábháilteachta idirlín, beartas frithbhulaíochta, beartas maidir le dínit san ionad oibre, beartas cosanta leanaí, agus beartas maidir le teagmhais chriticiúla. Go minic, is é an beartas iompraíochta atá ar an mbeartas is tábhachtaí d'fholláine an scoláire dar le ceannairí scoile. Tá sé léirithe sa taighde go nglactar cur chuige tacaíochta i leith na hiompraíochta seachas cur chuige pionóis i scoileanna ina dtugtar tús áite d'fholláine an scoláire. Is iomaí straitéis iompraíochta dearfaí is féidir a ghlacadh i scoileanna.

Nuair a dhéantar athbhreithniú ar bheartais scoile ó dhearcadh fholláine an scoláire de, spreagtar ceisteanna mar seo a leanas:

- Conas a fhorbraítear beartais scoile? An é líon beag daoine a fhorbraíonn iad nó trí chomhpháirtíocht le pobal na scoile uile? An mbíonn guth na scoláirí le cloisteáil?
- Conas a scríobhtar beartais scoile? An úsáidtear teanga dheas shoiléir iontu? An bhfuil sé pionósach nó dearfach?
- Conas a roinntear iad? An mínítear iad agus an gcuirtear iad ar fáil do chách? An bhfuil ceangal idir iad agus sraith luachanna comhchoiteanna?
- Conas a chuirtear i bhfeidhm iad? An gcuirtear chun feidhme iad ar bhealach cóir tuisceanach?

Próiseas comhoibríoch, cuimsitheach agus daonlathach is ceart a bheith san fhorbairt beartas ar son na folláine. Tá sé tábhachtach freisin athbhreithniú rialta a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtacht bheartais na scoile ó dhearcadh fholláine an scoláire de:

I suíomh scoile, má mheasann scoláire go bhfuil ceangal aige leis an scoil agus go mbíonn meas air i bpobal na scoile, rachaidh sé sin i bhfeidhm ar chumas foghlama an scoláire agus ar a chumas barr a acmhainneachta a bhaint amach. Rachaidh sé i bhfeidhm freisin ar a shláinte agus ar a fholláine. Bíonn buntáiste ann freisin don suíomh ina spreagtar rannpháirtíocht bhríoch, mar is éasca beartais agus pleananna a chur i bhfeidhm má ullmhaíodh iad ar bhealach comhoibríoch. Is dócha gur fearr a fhreastalóidh siad ar riachtanais phobal na scoile uile freisin.⁴⁹

**TUGTAR
TREOIR
I MBEARTAIS
NA SCOILE, AGUS
ÚSÁIDEANN AN SCOIL
AN TREOIR SIN CHUN
A BEALACH A
DHÉANAMH.**

48 Mar a tuairiscíodh i gcuinínú comhairliúcháin le príomhoidí scoile, 19 Deireadh Fómhair 2015.

49 FSS. *Schools for Health in Ireland, Post Primary Coordinator's Guide*, lch 14.
Faighte ó www.healthpromotion.ie/hp-files/docs/HPM00838.pdf

3.9

CÓRAIS TACAÍOCHTA DO SCOLÁIRÍ

Bíonn réimse leathan riachtanas sóisialta, mothúchánach, iompraíochta agus foghlama ag daoine óga sa tsraith shóisearach. I gcomhthéacs na pleanála do chur chuige sa scoil uile i leith na folláine, bíonn sé úsáideach cuimhneamh go mbíonn leibhéil agus cineálacha éagsúla tacaíochta de dhíth ar an scoláire le bheith folláin, faoi mar atá luaite in *Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí*⁵⁰ agus in *Folláine in Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe*.⁵¹

Sa chiall sin, cuimsítear leis an bhfolláine mar shaothar scoile uile sainriachtanais an scoláire ar na trí leibhéal sin.

1. Faoin tacaíocht scoile do *chách*, aithnítear go mbíonn riachtanais folláine ag gach aon scoláire. Fiú amháin i gcás na scoláirí sin a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad rannpháirteach sa scoil agus ag gabháil dá n-oideachas gan stró, is gá tacú leo freisin chun torthaí na folláine a bhaint amach. Nuair a dhírítear ar thacaíocht scoile do chách, de réir thaithí na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), baineann gach aon scoláire leas as lena n-áirítear na scoláirí sin a bhféadfadh deacrachtaí ar leith a bheith acu.
2. Ar an dara leibhéal, tá *roinnt* scoláirí ann a d'fhéadfadh deacrachtaí a fhorbairt agus a bhfuil tacaíocht agus spreagadh sa bhreis de dhíth orthu chun tacú leo ina bhfolláine. I gcásanna den sórt sin, ba cheart go mbeadh rochtain thráthúil chuí ag na scoláirí sin ar threoirchomhairleoir ar bhonn duine le duine.

3. Ar deireadh, tá *líon beag* daoine óga ann ag a bhfuil riachtanais níos casta agus níos seasmhaí. B'fhéidir go mbeadh tacaíocht ó ghníomhaireachtaí seachtracha de dhíth orthu chun tacú agus chun cur le hobair na scoile.

I ngach scoil, is ann do ghrúpaí scoláirí ar gá machnamh ar leith a dhéanamh orthu lena chinntiú go bhfuil an phleanáil don fholláine iomlán cuimsitheach. Mar shampla, tá sé léirithe sa taighde go mbíonn leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu (go háirithe iad sin a bhfuil deacrachtaí mothúchánacha-iompraíochta nó deacrachtaí foghlama acu) i bhfad níos diúltaí fúthu féin ná mar atá a gcomhscoláirí.

I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, measann siad go bhfuil siad níos inmíche, nach bhfuil siad chomh sásta ná chomh muiníneach mar fhoghlaimoirí, go bhfuil siad níos cáintí faoina gcuma fhisiciúil, nach bhfuil an-ghean ag a gcomhscoláirí orthu, agus nach bhfuil siad chomh múinte céanna. Is difríochtaí measartha mór iad sin, idir an séú cuid go dtí beagnach leath de dhiall caighdeánach. Bíonn na difríochtaí an-mhór i ndáil leis an bhféiníomhá acadúil.⁵²

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn deiseanna ag baill foirne machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr ar féidir leo cúram a dhéanamh de gach scoláire ina gcuid ranganna agus i dtimpeallacht na scoile. Tá méadú ag teacht ar líon na scoláirí a bhfuil easláinte mheabhrach ag cur as dóibh agus d'fhéadfaí go mbeidís ag baint leas as tacaíocht lasmuigh den scoil. Tá sé tábhachtach go mbraitheann múinteoirí muiníneach go bhfuil ar a gcumas tacú leis na scoláirí sin agus iad sa rang leo. Trí dheiseanna le haghaidh comhráite idir an scoláire agus an fhoireann cúraim thréadaigh/tacaíochta do scoláirí, is féidir cabhrú lena chinntiú go bhfuil an scoil ag tacú le folláine an scoláire ar leibhéal scoile uile agus tríd an

50 ROS. (2010). *Leanúntas Tacaíochta le haghaidh Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí*. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Faighte ó: www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%3%A1ist%3AD/Seirbh%3ADs%3AD/An-tSeir%3ADs-N%3%A1isi%3ABAnta-S%3ADceola%3ADochta-Oideachais-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_ir.pdf

51 ROS, FSS, an Roinn Sláinte. (2013). *Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaíthe*. Lgh 14-15.

52 Smyth, E. (2015). *Wellbeing and school experiences among 9- and 13-year-olds: Insights from the growing up in Ireland study*. ITES/CNMC lch v.

gClár Folláine agus sa churaclam a chuirtear ar fáil ann. Is féidir úinéireacht, tiomantas agus freagrach chomhroinnte níos mó as cur i bhfeidhm beartas a chinntiú leis freisin⁵³.

Chabhrófaí go mór le folláine an scoláire freisin trí chórais tacaíochta do scoláirí amhail córais mheantóireachta, cláir mheantóireachta i measc na scoláirí féin, cláir ionduchtúcháin, séiplíneacht scoile, córais ceannairí bliana agus teagascóirí, clubanna bricfeasta nó lóin, clubanna obair bhaile, agus cumainn scoile. Tá ról ríthábhachtach ag treoirchomhairleoirí, foirne cúraim thréadaigh agus tacaíochta do scoláirí⁵⁴, foirne bainistíochta teagmhas criticiúil, múinteoirí idirchaidrimh idir an baile agus an scoil, agus múinteoirí OSPS chun córais tacaíochta a thógáil ina gcuirtear san áireamh riachtanais na scoláirí ar fad agus a bhfolláine.

Is féidir leis an scoláire gnéithe áirithe den tsláinte agus den fholláine a bhlaiseadh trí chláir spriocdhírithé scoilbhunaithe atá forbartha ag gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha amhail clár Cairde don Saol, an Brat do Scoileanna Gníomhacha, Tionscadal na Nuálaithe Sóisialta Óga, agus tionscnaimh eile. Tá deiseanna tábhachtacha ag baint leo sin chun go mbeidh scoláirí in ann oibriú le chéile ar thionscadail atá deartha chun a bhfolláine féin agus folláine na scoláirí eile a fheabhsú.

Trí naisc agus chomhpháirtíochtaí le gairmithe sláinte, síceolaithe oideachais, eagraíochtaí pobail agus spóirt, agus daoine agus grúpaí eile, soláthraítear saeolas agus tacaíocht thábhachtach bhreise freisin. Sampla amháin de nasc atá an-úsáideach, dar le scoileanna, is ea fáil ar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus *Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirínte do Scoileanna nuair a tharlaíonn teagmhas criticiúil i scoil*.⁵⁵

53 ROS, FSS, *An Roinn Sláinte*. (2013). *Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe*. Lch 25.

54 *Foirne Tacaíochta Scoláirí Iarbhunscoileanna*, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, ROS (2014)

55 ROS. *Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirínte do Scoileanna*. Faighte an 21 Márta 2016 ó www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_critical_incidents_guidelines_schools.pdf .

3.10

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ LE TUISMITHEOIRÍ AGUS CAOMHNÓIRÍ

Is sa bhaile a fhoghlaimíonn leanaí faoin bhfolláine agus is ann a fhaigheann siad blaiseadh ar an bhfolláine i gcás fhorhóir mór na scoláirí. De réir mar a fhorbraíonn an scoláire a thuiscint ar an bhfolláine agus ar a acmhainneacht freagracht níos mó a ghlacadh aisti, b'fhéidir go mbeadh tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí chun déileáil leis na fadhbanna agus na dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá leanbh.

Tá a fhios againn go bhfuil comhpháirtíochtaí réamhghníomhacha le thuismitheoirí agus caomhnóirí fíorthábhachtach chun Clár Folláine bríoch a chur ar fáil sa scoil. Is iomaí dúshlán a bhain le hiarrachtaí an pobal thuismitheoirí níos mó a mhealladh isteach i dtionscnaimh éagsúla faoi stiúir na scoile.

Mar sin féin, b'fhéidir go soláthrófaí comhthéacs do rannpháirtíocht níos mó tríd an bpleanáil don fholláine, mar is léir ó chomhairliúcháin le thuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis na treoirí seo go measann thuismitheoirí/caomhnóirí gur rud an-tábhachtach ar fad é folláine an scoláire. Ba cheart go gcuimseofaí sa phleanáil don fholláine deiseanna chun dul i gcomhairle le thuismitheoirí/caomhnóirí go rialta agus ar bhealach bríoch. D'fhéadfadh thuismitheoirí a bheith rannpháirteach sa phleanáil don fholláine ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, d'fhéadfá iarradh orthu ceistneoir ar líne a fhreagairt maidir le folláine scoláirí agus/nó tuairim a thabhairt ar na torthaí ó chomhairliúcháin maidir leis an bhfolláine. D'fhéadfá iarradh orthu freisin páirt a ghlacadh i ngrúpaí fócais maidir le folláine scoláirí agus a bheith páirteach san fhoireann pleanála don fholláine.

Aidhm thábhachtach den Fholláine sa tsraith shóisearach is ea acmhainneacht an scoláire i leith a fholláine féin a fhorbairt mar aon lena chumas labhairt faoi. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh an deis ag thuismitheoirí dul i dtáthí ar an gClár Folláine agus tuairiscí rialta a fháil ar a bhfuil á fhoghlaim ag a leanbh faoin bhfolláine.

I gcás ina n-éiríonn le scoileanna rannpháirteachas thuismitheoirí a bhaint amach, is léir na gnéithe seo de chultúr agus de chleachtas:

- Caidrimh mhaithe – mothaíonn thuismitheoirí go bhfuil fáilte rompu agus gur cuid den scoil iad, bíonn baill foirne ar fáil agus is éasca labhairt leo, agus tugann siad freagraí agus tacaíocht neamhbhreithiúnach.
- Cumarsáid – úsáidtear réimse modhanna chun faisnéis shoiléir a thabhairt do thuismitheoirí maidir le folláine agus leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a leanbh. Is fearr is féidir le thuismitheoirí ansin tacú le foghlaim agus folláine a linbh sa bhaile.
- Tuiscint agus luachanna comhroinnte – tugann na scoileanna ar thuismitheoirí a bheith páirteach i bplé chun teacht ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí don fholláine agus chun an dul chun cinn a mheas.
- Aithnítear scileanna – aithníonn an scoil an taithí agus na scileanna atá ag thuismitheoirí chun tacú le feabhas a chur ar thorthaí folláine.

**BA CHEART
GO GCUIMSEOFAÍ
SA PHLANÁIL DON
FHOLLÁINE DEISEANNA
CHUN DUL I GCOMHAIRLE
LE TUISMITHEOIRÍ/
CAOMHNÓIRÍ GO RIALTA
AGUS AR BHEALACH
BRÍOCH.**

3.11

PLEANÁIL

Faoi láthair, bíonn Féinmheastóireacht Scoile le déanamh ag gach scoil agus tá roinnt scoileanna páirteach sa Tionscnamh um Scoileanna ina gCuirtear an tSláinte Chun Cinn. Tacaíonn na próisis phleanála sin lena chéile agus soláthraíonn siad treoir úsáideach do scoileanna faoin gcaoi a bhféadfaidís tabhairt faoin bpleanáil don fholláine sa tsraith shóisearach. Moltar sa dá phróiseas gur cheart gur phróiseas comhoibríoch, machnamhach agus cuimsitheach a bheadh sa phleanáil. Cuireann próiseas na féinmheastóireachta ar chumas scoileanna:

1. An deis a thapú agus feabhas a chur ar an oideachas a chuireann siad ar fáil dá scoláirí.
2. Gnéithe a fheidhmíonn go maith a dhearbhu agus tógáil orthu sin.
3. Réimsí ar gá iad a fhorbairt a shainnithint agus cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí is ceart a ghlacadh chun feabhas a chur i bhfeidhm sna réimsí sin.
4. Tuairisciú do phobal na scoile maidir le láidreachtaí in obair na scoile agus lena tosaíochtaí don fheabhas agus don fhorbairt.

Úsáideann scoileanna na ceisteanna seo a leanas faoi láthair agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí féinmheastóireachta scoile. Is féidir le scoileanna na ceisteanna seo a úsáid chun machnamh sonrath a dhéanamh ar a gcuid oibre i réimse na folláine sa tsraith shóisearach. Mar sin féin, ba cheart go gcuimseofaí béim ar an bhfolláine i ngach gníomhaíocht féinmheastóireachta:

- Céard atá ar siúl againn faoi láthair?
- Cén fáth a bhfuil sé ar siúl againn?
- Cé chomh maith is atá ag éirí linn?
- Cén fhianaise atá againn?
- Cén chaoi ar féidir linn tuilleadh eolais a fháil?
- Cé na láidreachtaí atá againn?
- Cé na réimsí atá le feabhsú againn?
- Cén chaoi ar féidir linn feabhsú?

**PRÓISEAS LEANÚNACH
IS EA PLEANÁIL AGUS
ATHBHREITHNIÚ MAR GO
MBÍONN SCOILEANNA SEASTA
AG LÁIDRIÚ A GCUMAIS LE
CLÁR BRÍOCH FOLLÁINE DON
TSRAITH SHÓISEARACH A
CHUR AR FÁIL.**

Is féidir na ceisteanna sin a chur de réir an tsainmhíneithe agus na dtáscairí folláine atá leagtha amach sna treoirínte seo. Tá uirlisí sna haghaidís chun cabhrú le scoileanna sa phróiseas phleanála. Is iad na scoileanna iad féin is fearr atá in ann cinneadh céard air a gcuirfean an bhéim ina gClár Folláine féin agus conas is fearr agus is féidir leo na hacmhainní atá ar fáil dóibh a úsáid chun an clár a phleanáil do na scoláirí ar leith atá acu. Próiseas leanúnach atá sa phleanáil agus san athbhreithniú mar tá feabhas á chur ag scoileanna i gcónaí ar a gcumas Clár Folláine bríoch a chur ar fáil sa tsraith shóisearach.

4



A young boy with short brown hair, wearing a dark sweater, is looking at a tablet computer. A hand is pointing at the screen of the tablet. The background is a blurred indoor setting, possibly a classroom. An orange dashed line highlights the tablet and the hand pointing at it. An orange circle is overlaid on the bottom right of the image, containing the text.

**AN FHOLLÁINE
AGUS AN
CURACLAM**

Tá mar aidhm le curaclam tiomnaithe don fholláine ag an tsraith shóisearach a chinntiú go bhfoghlaímíonn gach scoláire na nithe tábhachtacha faoin bhfolláine trí phríomhréimsí an churaclaim. Chuige sin, beidh suas le 400 uair an chloig ar fáil don fhoghlaim i réimse na folláine sa tsraith shóisearach. Cuirfear 300 uair an chloig ar fáil sa chlár ama ar a laghad ag tosú in 2017, agus cuirfear leis an líon uaireanta sin de réir mar a chuirtear an tsraith shóisearach nua i bhfeidhm ina hiomláine i scoileanna.

Laistigh de shraith shóisearach nua, is mó neamhspleáchas atá ag scoileanna anois chun clár sraithe sóisearaí a phleanáil timpeall ar rogha ábhar, gearrchúrsaí agus eispéireas foghlama eile a fhreastalaíonn ar riachtanais agus réimsí spéise na scoláirí. Tá níos lú ama de dhíth ar na sonraíochtaí ábhair nua don tsraith shóisearach i gcomparáid le siollabais roimhe seo – 240 uair an chloig don Ghaeilge, don Bhéarla agus don Mhatamaitic agus 200 uair an chloig do na hábhair eile ar fad. Toradh amháin air sin is ea go mbeidh am breise ar fáil don fhoghlaim san fholláine.

4.1

TÁSCAIRÍ NA FOLLÁINE

Agus a gClár Folláine á dhearadh ag scoileanna, tá sé tábhachtach go mbeadh an tsolúbthacht acu chun clár a fhorbairt a oireann dá scoláirí agus dá gcomhthéacs áitiúil. Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeidh gach scoil ag obair i dtreo fíis chomhroinnte agus sraith táscairí ina ndéantar cur síos ar na rudaí atá tábhachtach do dhaoine óga agus dá bhfolláine. Ar an mbonn sin, aithníodh sé tháscaire – **Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach** – mar a bheith ríthábhachtach i bhfolláine scoláirí. Leis na táscairí sin, léirítear go follasach na rudaí atá tábhachtach do scoláirí, múinteoirí, tuismitheoirí agus pobal na scoile níos leithne. Tá líon beag tuairisceoirí ag gabháil le gach táscaire.

Agus clár sraithe sóisearaí á phleanáil, ní mór fíis agus luachanna comhroinnte na scoile a úsáid mar thúsphointe i dteannta machnaimh ar na prionsabail agus ar na ráitis foghlama atá leagtha amach in *Creat don tSraith Shóisearach* (2015)

Maidir le clár sraithe sóisearaí ina gcruthaítear na bunchlocha don fholláine:

- tá sé leathan agus cothromaithe
- tá rogha ann
- tá brí agus ábharthacht ag baint leis
- tá sé taitneamhach agus mealltach
- cuirtear deiseanna ar fáil ann chun taithí a fháil ar dhúshláin agus ar an rath
- soláthraíonn sé an t-eolas, na scileanna agus na meonta do scoláirí le forbairt mar fhoghlaimeoirí agus caidrimh dhearfacha a chruthú.

Is féidir na táscairí agus na tuairisceoirí a úsáid ar roinnt bealaí:

- athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar reatha i leith na foghlama san fholláine
- planáil don teagasc agus don fhoghlaim laistigh de Chlár Folláine scoile
- comhráite le páirtithe leasmhara lena n-áirítear scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí a phleanáil maidir le conas is fearr a d'fhéadfadh Clár Folláine scoile tacú le folláine agus dea-fhorbairt na ndaoine óga
- comhráite a scafláil le scoláirí maidir le foghlaim sa Chlár Folláine
- comhthéacs a thabhairt d'fhéinmheasúnú an scoláire maidir lena chuid foghlama san fholláine
- tuairisciú ar an bhfoghlaim san fholláine.

Fíor 6: Táscairí na folláine



4.2

AN FHOLLÁINE AGUS AN CURACLAM

Cé gur féidir le gach múinteoir i ngach ábhar tacú le foghlaim na scoláirí faoin bhfolláine agus lena haghaidh, cuirtear feabhas ar an bhfolláine nuair a bhíonn sí leabaithe sa churaclam agus le feiceáil ag scoláirí laistigh d’am sainithe ar leith. Trí phleanáil go follasach don fholláine sa churaclam agus trí spás a shainiú di ar an gclár ama, léirítear do scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí go bhfuil tábhacht leis an réimse foghlama seo – léiríonn sé béim na scoile ar an bhfolláine ar bhealach feiceálach agus dearbhaíonn sé do na scoláirí ar bhealach so-aitheanta go mbaineann tábhacht lena bhfolláine. Ar an ábhar sin, cuirtear béim mhór sna treoirínte ar an ról atá ag Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), corpoideachas, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus treoir chun tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus *lena haghaidh*.

Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP): Cuid thábhachtach den Chlár Folláine is ea OSSP ar roinnt cúiseanna. Cabhraíonn OSSP le scoláirí tuiscint a fháil ar an nasc atá idir a bhfolláine féin agus folláine daoine eile. Tá sé tábhachtach don duine a bheith go maith ann féin, agus baineann sé sin i gcónaí le mothú go maith i measc daoine eile agus sa tsochaí. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh an scoláire nach mbaineann an fholláine leis an tsláinte phearsanta, mhothúchánach agus fhisiceach amháin. Trí leas a bhaint as creat forbartha agus chearta an duine, cabhraíonn OSSP leis an scoláire tuiscint níos iomlánaíche agus éiceolaíche a fhorbairt ar an bhfolláine de réir mar a théann sé i dtaithe ar an gcaidreamh idir a fholláine féin, folláine daoine eile agus folláine na timpeallachta. Gan OSSP, tá an baol ann go gcothófaí an t-indibhidiúlachas trí phlé a dhéanamh ar an bhfolláine agus go gcaillfí an deis naisc a dhéanamh idir folláine an duine agus an fholláine choiteann, idir an ghné phearsanta agus an ghné pholaitiúil, agus, i ndeireadh na dála, idir ár bhfolláine féin agus folláine an phláinéid. Spreagann OSSP an scoláire freisin chun machnamh a dhéanamh ar an iliomad gnéithe sóisialta, polaitiúla, cultúrtha agus eacnamaíocha a théann i bhfeidhm ar an bhfolláine phearsanta agus choiteann. Ina theannta sin, trí dhíriú ar an tsaoránach

ghníomhach in OSSP, soláthraítear deiseanna don scoláire a mhuinín, a athléimneacht agus acmhainneacht a fhás de réir mar a ghlacann sé páirt i ngníomhartha agus a cheanglaíonn sé le pobal níos leithne chun cabhrú le todhchaí níos cothroime, níos córa agus níos inbhuanaithe a chruthú. Ar deireadh, ní faoi dhaonlathas, cearta daonna agus freagrachtaí amháin atá an scoláire ag foghlaim. Tá daonlathas, freagracht agus cinnteoireacht á bhfeidhmiú aige sna bealaí ina bhfuil sé ag foghlaim agus á mheasúnú sa rang OSSP.

Corpoideachas: Soláthraítear leis an gcorpoideachas deiseanna foghlama atá taitneamhach agus fiúntach do gach scoláire, mar a bhforbraíonn sé a mhuinín agus a chumas páirt a ghlacadh agus gníomhú i réimse gníomhaíochtaí coirp éagsúla. Tá an scoláire sraithe sóisearaí ag céim thábhachtach dá shaol ina ndéanann sé a chinntí féin maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp agus conas a ghlacfaidh sé páirt i ngníomhaíocht choirp mar chuid dá shlí mhaireachtála. Tá an fhoghlaim sa chorpoideachas deartha lena chinntiú go dtuigeann an scoláire a thábhachtaí atá sé a bheith páirteach go rialta i mearthacht gníomhaíochta coirp, ní amháin ar son a fholláine fisiciúla ach ar son a fholláine síceolaíche agus sóisialta freisin. Trí réimse leathan cothromaithe gníomhaíochtaí a chur ar fáil, tá mar aidhm leis an gcorpoideachas cur le spreagadh agus tiomantas an scoláire a bheith páirteach i ngníomhaíocht choirp rialta atá taitneamhach agus a chuireann lena shláinte.

Níor cheart féachaint ar an oideachas don tsláinte coirp agus don mheabhairshláinte mar dhá rud ar leith. Ina áit sin, is deis atá iontu naisc a chruthú idir roghanna stíle maireachtála amhail gníomhaíocht choirp rialta, bia sláintiúil, bainistíocht ar an strus agus scíth a ligean, agus meabhairshláinte dhearfach.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS): Soláthraíonn OSPS deiseanna teagaisc agus foghlama a bhaineann go díreach leis an tsláinte agus leis an bhfolláine. Trí leas a bhaint as modheolaíochtaí eispéreasacha lena n-áirítear grúpobair, tá sé d’aidhm ag OSPS tuiscint dhearfach an scoláire air féin agus ar a shláinte agus ar a fholláine fhisiciúil, shóisialta, mothúcháinach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé d’aidhm aige freisin cumas an scoláire a thógáil caidrimh fholláine a fhorbairt agus a choinneáil. Trí staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de OSPS, bíonn an t am ag an scoláire díriú ar scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt lena n-áirítear féinbhainistíocht, cumarsáid, straitéisí déileála, agus fadhbréiteach.

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina ghné lárnach de OSPS na sraithe sóisearaí agus den churaclam Folláine. Tá mar aidhm leis:

deiseanna struchtúrtha [a thabhairt] do dhaltáí chun eolas agus tuiscint ar chaidrimh dhaonna agus ar ghnéasacht a fháil trí bhíthin próisis a chuirfidh ar a gcumas luachanna agus modhanna iompair a mhúnlú laistigh de chreatlach morálta, spioradálta agus sóisialta.⁵⁷

Ag an aois sin, faigheann scoláirí go leor faisnéise ar ghnéas, gnéasacht agus caidrimh ó fhoinsí éagsúla. Tugann OCG an comhthéacs inar féidir leis an scoláire foghlaim faoi na saincheisteanna fisiciúla, sóisialta, mothúcháin agus morálta a bhaineann le caidrimh, sláinte ghnéis, gnéasacht agus féiniúlacht inscne, lena n-áirítear cén áit ar féidir leo teacht ar fhaisnéis iontaofa. Ní mór do scoileanna OCG a mhúineadh mar chuid de OSPS i ngach bliain de chlár OSPS na sraithe sóisearaí.⁵⁸



**SPREAGANN OSSP AN
SCOLÁIRE CHUN MACHNAMH
A DHÉANAMH AR AN
ILIOMAD GNÉITHE SÓISIALTA,
POLAITIÚLA, CULTÚRTHA AGUS
EACNAMAÍOCHA A THÉANN I
BHFEIDHM AR AN BHFOLLÁINE
PHEARŞANTA AGUS
CHOITEANN.**

57 www.sess.ie/sites/default/files/rse_policy_guidelines_0.pdf Ar fáil i nGaeilge ag www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Beartais-agus-Pleananna/rse_policy_guidelines_ir.pdf

58 Ciorcláin M4/95, M20/96, M22/00, M11/03 agus M27/2008 atá ar fáil ar www.education.ie. Sna ciorcláin sin, ceanglaítear ar scoileanna beartas agus clár a fhorbairt don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus chun iad sin a chur i bhfeidhm do na scoláirí ar fad idir an chéad bhliain agus an séú bliain.

4.3

TREOIR

Tagraíonn treoir i scoileanna do:

shraith d'imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socraithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá éagsúil ach atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme.⁵⁹

Faoi Alt 9C den Acht Oideachais (1998)⁶⁰, ceanglaítear ar scoileanna rochtain chuí a thabhairt do scoláirí ar threoir chuí chun cabhrú leo i dtaca lena roghanna oideachais agus gairme. In *Creat don tSraith Shóisearach*, sonraítear gur féidir soláthar don treoir a áireamh sna huaireanta a bheidh ar fáil don Fholláine “mar aitheantas don chion ar leith gur féidir leis an treoir a dhéanamh do chothú folláine scoláirí⁶¹. Sa chiorclán dar teideal *Socrúithe do Chur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach*, luaitear nach mór ‘go mbeadh oideachas treorach mar chuid den chlár’.⁶²

Is iad scoileanna is fearr atá in ann a chinneadh conas is féidir leo treoir a chuimsiú ina gclár Folláine don tsraith shóisearach. Is féidir an soláthar a dhéanamh ar bhealaí éagsúla: trí ghearrchúrsa tiomnaithe, trí aonaid ghearra agus/nó mar chuid d'ábhair ghaolmhara. Is féidir réimse eispéireas foghlama a fhorbairt chun trí réimse atá éagsúil ach atá nasctha lena chéile a chuimsiú: forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais, agus treoir ghairme. Is féidir iad sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhoibríoch chun freastal ar riachtanais na scoláirí an oiread agus is féidir. Mar shampla, d'fhéadfadh freagracht a bheith ar mhúinteoir eile atá ag obair leis an treoirchomhairleoir as an bhfoghlaim a bhaineann leis an aistriú sa chéad téarma den chéad bhliain.

B'fhéidir nach mbeadh ar chumas an treoirchomhairleora oibriú le gach rang céad bhliana thar roinnt seachtainí sa chéad téarma.

D'fhéadfadh samhail leanúntais tacaíochta a chur i bhfeidhm i gclár treorach na scoile sa tsraith shóisearach. Agus an leanúntas á chur i bhfeidhm, is féidir leis an gclár treorach freastal ar riachtanais na scoláirí trí theagasc agus foghlaim ranga uile, grúpaí níos lú, agus seisiúin aghaidh ar aghaidh le scoláirí aonair a bhfuil tacaíocht ar leith de dhíth orthu. Chun críocho na dtreoirínte seo, áfach, tá an bhéim ar ról an chlár treorach scoile chun tacú le folláine gach aon scoláire sa tsraith shóisearach.

SCOLÁIRÍ NA CHÉAD BHLIANA

In *Moving Up*, staidéar de chuid ITES (2004) maidir le heispéiris scoláirí na chéad bhliana ag tosú amach ar an oideachas tríú leibhéal, léirítear roinnt de na dúshláin atá os comhair daoine óga:

Bíonn mothúcháin éagsúla ag baint leis an aistriú go hoideachas dara leibhéal; bíonn scoláirí ar bís agus iad ag dul isteach i scoil nua, ach bíonn siad neirbhíseach maidir lena bhfuil rompu. Tá difríochtaí idir eanáil na bunscoile agus eanáil na hiar-bhunscoile ó thaobh an eagrúcháin agus an struchtúir de, agus bíonn ar scoláirí dul i dtaithí ar shuíomh an-éagsúil agus iad ag dul isteach san iar-bhunscoil. Bíonn go leor múinteoirí éagsúla ag scoláirí na chéad bhliana seachas aon mhúinteoir amháin. In go leor cásanna, téann siad go scoil níos mó agus bíonn an lá scoile níos faide. Ní ionann an caidreamh a bhíonn acu lena múinteoirí ná leis na scoláirí eile ach an oiread. Toisc go mbíonn níos mó múinteoirí acu, bíonn caidreamh níos foirmiúla acu le foireann na scoile go hiondúil agus bíonn ar go leor scoláirí líonraí cairdis nua a chruthú.⁶³

59 ROS. (2005). *Treoirínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Alt 9(c) den Acht Oideachais 1998, a bhaineann le rochtain mac léinn ar sholáthar treorach cuí*. Lch. 4.

60 www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/51/section/9/enacted/en/html

61 ROS. (2015). *Creat don tSraith Shóisearach*. Lch. 22.

62 ROS. (2016). Ciorclán 0024/2016, lch. 5.

63 ITES. (2004). *Moving up: The experiences of first-year students in post-primary education*.

Le clár treorach atá deartha chun díriú ar riachtanais phearsanta agus shóisialta ar leith na leanaí atá ag aistriú chuig an iar-bhunscoil, d'fhéadfaí cabhrú lena chinntiú go mbíonn an t eolas, an tuiscint agus na scileanna ag an scoláire chun dul i ngleic lena fhoghlaim agus chun go n-éireoidh go maith leis ina scoil nua. B'fhéidir gur ghlac na scoláirí páirt i dtionscnaimh atá deartha chun tacú leis an aistriú dearfach chuig an iar-bhunscoil nuair a bhí siad i rang a sé, agus d'fhéadfadh sé a bheith cabhrach eolas a chur ar na tionscnaimh sin.

I gcás ina gcuireann scoileanna blaiseadh d'ábhair ar fáil sa chéad bhliain, d'fhéadfaí treoir a sholáthar maidir le roghanna ábhair don tsraith shóisearach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí cabhrú le scoláirí céadbhlíana na scileanna déileála atá riachtanach don timpeallacht seo a fhorbairt, mar aon leis na scileanna don fhoghlaim.

D'fhéadfaí go mbeadh sé tairbhiúil treoir a chur ar an gclár ama mar chuid d'Fholláine sa chéad bhliain mar thabharfadh sé deis do na scoláirí ar fad aithne a chur ar an treoirchomhairleoir agus caidreamh a chruthú. Is caidreamh tábhachtach é sin i gcomhthéacs na tacaíochta aghaidh ar aghaidh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó scoláirí níos déanaí. I gcás nach féidir leis an treoirchomhairleoir bualadh le gach aon rang, d'fhéadfaí an fhoghlaim sin a chuimsiú faoi OSPS. Anuas ar thacaíocht ranga uile, is féidir tacaíocht ar leith, do dhuine aonair agus/nó do ghrúpa, a chur ar fáil don líon beag scoláirí a bhfuil riachtanais shonracha oideachais, shóisialta agus/nó mhothúchána acu a chuirfidh isteach ar a gcuid foghlama mura dtugtar aghaidh orthu. D'fhéadfaí tacú leis an bhfoghlaim sa treoir le hoícheanta eolais do thuismitheoirí scoláirí na chéad bhliana.

SCOLÁIRÍ AN DARA BLIAIN

Cé go bhfuil *Creat don tSraith Shóisearach* deartha chun feabhas a chur ar chaighdeán eispéiris foghlama na scoláirí ar fud na sraithe sóisearaí, is fiú a thabhairt faoi deara go tháinig sé chun cinn i dtaighde ITES, *Pathways Through Junior Cycle* (2006), go raibh grúpa suntasach scoláirí sa dara bliain ar seachrán nó ag tarraingt siar as an bhfoghlaim. Dá bhrí sin, measadh go raibh rochtain na scoláirí ar an treoir sa dara bliain an-tábhachtach ar fad. D'fhéadfadh an fhoghlaim a bhaineann leis an treoir sa dara bliain cabhrú le scoláirí ceangal a choinneáil leis an scoil trí spás a sholáthar le haghaidh comhráite agus machnamh struchtúrtha ar a bhfoghlaim. D'fhéadfaí deiseanna foghlama atá deartha chun scileanna féinbhainistíochta agus eagrúcháin phearsanta a chur san áireamh, lena n-áirítear spriocanna a leagan amach, scileanna staidéir, scileanna déileála, agus scileanna machnaimh. D'fhéadfaí eolas a thabhairt do scoláirí freisin maidir lena ábhartha is atá a bhfoghlaim in ábhair éagsúla don saol laethúil agus do shaol na hoibre. Ina theannta sin, d'fhéadfaí díriú ar mhuintir na scoláirí a neartú ina gcumas a bheith rathúil agus ar spreagadh a thabhairt dóibh freagracht níos mó a ghlacadh as a bhfoghlaim.

SCOLÁIRÍ AN TRÍÚ BLIAIN

I dtaighde ITES maidir le heispéiris scoláirí sa tríú bliain den tsraith shóisearach (2007), léirítear an tábhacht a bhaineann le faisnéis chruinn atá cothrom le dáta a thabhairt do scoláirí maidir le conairí oideachais agus gairme ag an gcéim seo dá n oideachas. Bíonn an t aistriú chuig an tsraith shinsearach dúshlánach do go leor scoláirí agus cinntí móra á nglacadh acu maidir le páirt a ghlacadh i gclár Idirbhliana, dul ar aghaidh chuig an Ardteistiméireacht (Ardteistiméireacht Bhunaithe nó Ardteistiméireacht Fheidhmeach), mar aon le cinntí i leith ábhar don tsraith shinsearach agus gairmeacha beatha níos déanaí.

4.4

RÉIMSI EILE FOGHLAMA AGUS FOLLÁINE

Cé gur le OSSP, corpoideachas, OSPS agus foghlaim a bhaineann le treoir a sholáthraítear na príomhcholúin chun clár Folláine scoile a thógáil, bíonn tábhacht ag baint le hábhair eile agus le gearrchúrsaí freisin. I scoileanna ina soláthraítear Aonaid Tosaíochta Foghlama Leibhéal 2⁶⁴ (Cumarsáid agus litearthacht, Uimhearthacht, Cúram pearsanta, Maireachtáil i bpobal, Ullmhú don obair), beifear ar an eolas go gcuimsítear sna haonaid sin go leor foghlama faoin bhfolláine agus lena haghaidh.

Le planáil chúramach agus comhoibriú ó mhúinteoirí, d'fhéadfaí gnéithe den fhoghlaim nó de ghníomhaíochtaí a dhéantar san ealaín, ceol, eacnamaíocht bhaile, eolaíocht agus oideachas reiligiúin, gan ach cúpla ábhar a lua, a chuimsiú. Mar shampla, in eacnamaíocht bhaile, d'fhéadfaí gnéithe den staidéar bia agus staidéar sláinte a chuimsiú ar chlár folláine. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí aonad ar an maireachtáil inbhuanaithe a chur ar fáil in eacnamaíocht bhaile, eolaíocht nó tíreolaíocht agus é a áireamh mar chuid de chlár folláine na scoile. D'fhéadfaí imeachtaí aon uaire, amhail cúrsaí spioradálta scoile, a áireamh freisin. Agus gnéithe foghlama (lasmuigh de OSSP, corpoideachas, OSPS agus foghlaim a bhaineann le treoir) á sainiú ar féidir iad a ionchorprú i gclár Folláine na scoile, tá sé tábhachtach go bhfuil cúiseanna soiléire lena gcur san áireamh sa chlár, go bhfuil ceangal idir iad agus na sé tháscaire den fholláine,

64 Bíonn Clár Foghlama Leibhéal 2 dírithe ar ghrúpa an-sonrach scoláirí ag a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama sna catagóirí ardfheidhmiúil measartha agus ísealfheidhmiúil éadrom, agus bíonn Plean Oideachais don Dalta Aonair ag gach duine díobh. Tá na Clár Foghlama bunaithe ar Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) trína bhforbraítear bunscileanna, scileanna sóisialta agus scileanna réamhghairme na scoláirí lena mbaineann. Féach <https://level2planning.ncca.ie/?lang=ga>

**CÉ GUR LE OSSP,
CORPOIDEACHAS,
OSPÓS AGUS FOGHLAIM
A BHAINNEANN LE TREOIR
A SHOLÁTHRAÍTEAR NA
PRÍOMHCHOLÚIN CHUN CLÁR
FOLLÁINE SCOILE A THÓGÁIL,
BÍONN TÁBHACHT AG BAINN
LE HÁBHAIR EILE AGUS LE
GEARRCHÚRSAÍ FREISIN.**



4.5

PRIONSBAIL PHLEANÁLA AGUS CÉIMEANNA CHUN CLÁIR FOLLÁINE A FHOBAIRT

PRIONSBAIL PHLEANÁLA

- **Cur chuige comhoibríoch i leith na pleanála don Fholláine:** Ba cheart go mbeadh pobal na scoile uile rannpháirteach, lena n-áirítear lucht bainistíochta, múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus pobal na scoile níos leithne. Ní leor cruinniú pleanála aon uaire chun tacú le pleanáil agus cur i bhfeidhm chlár Folláine na scoile agus le hathbhreithniú air.
- **Cur chuige comhairliúcháin i leith na pleanála don Fholláine:** Agus í treoraithe ag eitic cúraim, ba cheart don scoil tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ar fad le fáil amach céard iad na gnéithe a bhfuil ag éirí go maith leo agus céard air ar gá díriú maidir leis an bhfolláine sa tsraith shóisearach. D'fhéadfaí gur ghá cleachtais a aithint freisin trína gcuirtear le heispéireas neamhfolláine na scoláirí.
- **Solúbthacht chun freagairt do riachtanais agus do chomhthéacs na scoláirí:** Ba cheart go mbeadh an comhthéacs áitiúil agus riachtanais shainiúla na scoláirí sa scoil a bheith ina ngné lárnach agus clár bríoch, ábhartha agus solúbtha á fhorbairt. Má tharraingítear scoláirí isteach i gcomhráite faoina bhfolláine, cabhróidh sé chun clár Folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina bhfreagraítear do na riachtanais atá curtha in iúl acu seachas na riachtanais a mheastar atá acu.
- **Acmhainní an phobail áitiúil a mhapáil:** Tá sé ríthábhachtach go sainnithníonn scoileanna an réimse seirbhísí atá ar fáil go háitiúil agus léarscáil a chruthú de dhaoine teagmhála agus líonraí ábhartha sa phobal ar féidir leo cabhrú le folláine na scoláirí a chur chun cinn. B'fhéidir go bhfuil na naisc sin cruthaithe ag go leor scoileanna trína bheith rannpháirteach i bpróiseas na Scoileanna a chuireann an tSláinte chun Cinn agus i bpróiseas an Bhrait do Scoileanna Gníomhacha mar is cuid lárnach de na tionscnaimh sin comhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an bpobal níos leithne. B'fhéidir go bhfuil liostaí de sheirbhísí áitiúla agus de ghníomhaireachtaí atreoraithe ábhartha ag a treoirchomhairleoir cheana féin.
- **Oiriúnú d'athruithe agus do chúinsí nua agus atá ag teacht chun cinn:** Ba cheart athbhreithniú agus measúnú rialta a dhéanamh nuair a bheidh an clár forbartha.
- **Pleanáil don Fholláine a cheangal leis an bpleanáil don scoil uile agus le próisis phleanála eile:** Is féidir an uirlis measúnaithe (Aguisín H) a úsáid nó a chur in oiriúint chuige sin.

CÉIMEANNA

Tá roinnt céimeanna ann ar gá do scoil iad a ghlacadh agus a clár Folláine á fhorbairt:

Céim 1: Cuireadh a thabhairt do dhaoine ó phobal na scoile a bhfuil spéis acu i dtacú le pleanáil agus forbairt an chlár Folláine sa tsraith shóisearach, agus a mbeadh ar a gcumas é sin a dhéanamh, foireann a chur le chéile. D'fhéadfaí a chuimsiú ar an bhfoireann sin ionadaithe do na scoláirí, an lucht bainistíochta, múinteoirí OSPS, OSSP agus corpoideachais, an treoirchomhairleoir, ionadaithe ón bhfoireann tacaíochta scoláirí agus ó fhoireann riachtanas oideachais speisialta/tacaíochta foghlama, agus aon bhall foirne eile a bhfuil spéis ar leith aige i bhfolláine scoláirí. Ba cheart tuismitheoirí a cuimsiú ar an bhfoireann sin freisin nuair is féidir.

Céim 2: Comhairliúchán leis an scoláirí agus le tuismitheoirí a eagrú chun a dtuairimí agus a moltaí a bhailiú maidir leis an réimse foghlama seo (féach Aguisíní E, F, G).

Céim 3: Ceardlann a eagrú don fhoireann ar fad chun machnamh a dhéanamh ar a dtuiscint ar an bhfolláine d'fhonn fíis choiteann a chruthú den fholláine dá scoláirí (féach Aguisíní C, D, H).

Céim 4: Déanann scoileanna machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Céard atá ar siúl againn cheana féin chun folláine na scoláirí sa tsraith shóisearach a chur chun cinn? Cé chomh maith is atá ag éirí linn agus cá bhfios dúinn? Cén chaoi ar féidir linn tuilleadh eolais a fháil ar ár láidreachtaí agus ar na réimsí atá le feabhsú? Conas a chuireann na hábhair éagsúla agus na réimsí foghlama éagsúla le foghlaim ár scoláirí faoin bhFolláine agus lena haghaidh?

Ba cheart na táscairí folláine a úsáid sa chleachtadh seo.

Céim 5: Ba cheart torthaí na gcomhairliúchán leis an bhfoireann, leis na scoláirí agus leis na tuismitheoirí a chomhthiomsú agus a roinnt le pobal na scoile uile. Beidh sé sin mar bhonn agus taca don phleanáil gníomhaíochta ag an gcéad chéim eile.

Céim 6: Tar éis don fhoireann féachaint ar an bhfolláine sa tsraith shóisearach ar leibhéal na scoile uile, an chéad rud eile atá le déanamh ag an bhfoireann is ea plean gníomhaíochta a chruthú chun tacú le folláine na scoláirí, lena n-áirítear conas is fearr is féidir soláthar a dhéanamh don 300–400 uair an chloig d'am tiomnaithe don Fholláine mar atá leagtha amach in *Creat don tSraith Shóisearach*. San obair sin, féachann an fhoireann ar riachtanais shainiúla na scoláirí, ar chomhthéacs uathúil na scoile, agus ar na hacmhainní atá ar fáil.

Céim 7: Nuair a bheidh an clár i bhfeidhm, ba cheart don ghrúpa pleanála measúnú rialta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an clár bríoch agus dinimiciúil i gcónaí agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na scoláirí. Ba cheart torthaí na gcruinnithe comhairliúcháin agus measúnaithe a thaifeadh agus a thabhairt ar ais do phobal na scoile uile. Ba cheart iad a úsáid mar an bonn do phleanáil gníomhaíochta do na chéad chéimeanna eile. Ina theannta sin, cuireann measúnú rialta ar chumas baill foirne nua, scoláirí nua agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí cur leis an gclár Folláine. Tá uirlis in Aguisín H chun tacú le scoileanna leis an tasc seo.

GNÉITHE EILE NACH MÓR BREIS MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU

Ba cheart machnamh a dhéanamh orthu seo a leanas chun soláthar ardchaighdeán a chinntiú in OSSP, corpoideachas agus OSPS:

- Bíonn ga le planáil chomhoibríoch rialta idir múinteoirí OSSP, corpoideachais agus OSPS lena chinntiú go bhfuil fíis choiteann, cur chuige stuama agus deiseanna le haghaidh tacaíocht chomhghleacúil sna trí réimse. Ba cheart féachaint go mion ar dheiseanna chun leas a bhaint as teagasc foirne freisin.
- Ba cheart gach iarracht a dhéanamh le cinntiú go mbíonn an fhoghlaim in OSSP, corpoideachas agus OSPS cuimsitheach agus go dtuigtear ann na riachtanais ar leith a bhíonn ag grúpaí éagsúla scoláirí amhail daoine atá díreach tar éis teacht go hÉirinn, scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, scoláirí LADT, agus scoláirí a bhfuil deacrachtaí acu.
- In Aguisín A, léirítear go follasach na naisc idir na táscairí Folláine agus torthaí folláine na ngearrchúrsaí CNCM in OSSP, OSPS agus corpoideachas. I gcás ina roghnaíonn scoileanna gan na cúrsaí sin a chuimsiú mar chuid dá gclár Folláine, ba cheart planáil sna hábhair sin a dhéanamh le hAguisín I.
- Ba cheart modhanna gníomhacha eispéireasacha teagaisc agus foghlama a úsáid chun tacú le lán-rannpháirteachas na scoláirí.
- Ba cheart ranganna a sceidealú chun foghlaim agus teagasc ardchaighdeán a éascú .i. tréimhsí dúbailte nuair is cuí, agus don chorpoideachas i gcónaí.
- Ba cheart dul i gcomhairle na scoláirí maidir lena bhfoghlaim sna trí réimse sin agus tharstu chun planáil níos eolasaí agus níos éifeachtaí a éascú.
- Agus planáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaim, ba cheart deiseanna do mheasúnú leanúnach a shainnithint ionas go mbeidh deiseanna ann d'aiseolas múnlaiteach chun tacú le foghlaim na scoláirí. Ba cheart leas a bhaint as measúnú suimitheach chun fianaise a chur ar fáil ar fhoghlaim fhoriomlán na scoláirí ag pointe ar leith.

- Ba cheart dul chun cinn na scoláirí in OSSP, corpoideachas, agus OSPS a thuairisciú go rialta i dteannta ábhair eile sa tsraith shóisearach. Tá treoirínte breise maidir le measúnú agus tuairisciú le fáil sa chéad chuid eile de na treoirínte seo.

Ba cheart machnamh a dhéanamh orthu seo a leanas sa chorpoideachas:

- Ba cheart clár leathan cothrom a phleanáil chun tacú le rannpháirtíocht agus dul chun cinn na scoláirí. Níl ach múinteoirí láncháilithe corpoideachais in ann clár den sórt sin a theagasc.
- Mar gheall ar nádúr na foghlama sa chorpoideachas, is é dhá thréimhse ranga i ndiaidh a chéile an t íosmhéid ama atá ag teastáil chun eispéireas ardchaighdeán a chur ar fáil. Leis an leithdháileadh ama sin, bíonn deis ag scoláirí a gcuid éadaí a athrú gach cur isteach ar an am a chaitear sa rang corpoideachais ná i ranganna eile.

Ba cheart machnamh a dhéanamh orthu seo a leanas in OSSP agus OSPS:

- Ba cheart na hábhair sin a thabhairt do mhúinteoirí agus é sin ar eolas acu roimh ré. Nuair a fhágtar na hábhair sin faoi mhúinteoirí a bhfuil spéis acu sa réimse seo agus iad tiomnaithe dó, is mó an seans go gcuirfidís eispéireas leathan cothrom ar an bhfoghlaim ar fáil, go háirithe in OSPS inar féidir na réimsí casta agus níos dúshlánaí a sheachaint.
- I gcás múinteoirí a dtugtar ranganna OSPS agus OSSP dóibh, ba cheart go mbeadh tuiscint agus taithí acu ar na modhanna eispéireasacha gníomhacha a bhaineann leis an oideachas sa réimse seo.
- I bhformhór na gcásanna, críochnaíonn múinteoirí an t oideachas tosaigh múinteoirí gan cháilíocht in OSSP ná in OSPS. Sa dá réimse sin, ba cheart go mbeadh sé éasca ar mhúinteoirí freastal ar dheiseanna leanúnacha forbartha gairmiúla leanúnaí. Sa chaoi sin, forbraítear acmhainn ghairmiúil na scoile sna réimsí sin.

- Tá sé tábhachtach go ndearfaí eispéiris foghlama timpeall ar thopaicí agus ar shaincheisteanna a bhfuil spéis ar leith ag scoláirí iontu agus atá ábhartha dóibh.

Ba cheart machnamh a dhéanamh orthu seo a leanas in OSPS:

- Ba cheart go mbeadh spéis ag múinteoirí OSPS san ábhar agus ba cheard go mbeidís sásta an t-ábhar a theagasc. Ba cheart go mbeadh sé d'acmhainn acu timpeallacht muiníne agus cúraim a chruthú sa seomra ranga OSPS, lena n-áirítear a bheith in ann saincheisteanna íogaire a láimhseáil dá dtiocfadh a leithéid chun cinn. Ba cheart go mbeidís eolach ar bheartas OSPS na scoile, go háirithe maidir le cuid de na saincheisteanna íogaire a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus gnéithe d'OCG á dteagasc.
- Ba cheart go mbeadh múinteoirí OSPS sásta páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil a bhaineann le OSPS agus ar fáil chuici sin.
- Is é an múinteoir OSPS atá freagrach as

a chinntiú gur timpeallacht shábháilte atá sa seomra ranga do gach aon scoláire. Sa chás go dteastaíonn tacaíocht ó scoláirí anuas ar a mbíonn ar fáil sa rang OSPS, ba cheart go mbeadh an múinteoir eolach ar na tacaíochtaí tréadacha agus comhairleoireachta atá ar fáil laistigh den scoil agus lasmuigh di araon.

- Agus an curaclam OSPS á phleanáil, ba cheart do scoileanna, ar an gcéad dul síos, machnamh a dhéanamh ar an ngearrchúrsa OSPS le CNCM a úsáid. Ba cheart a dhéanamh cinnte réimsí a bhaineann go saineiúil le OSPS agus le scoláirí ag an gcéim seo dá saol a chuimsiú, amhail Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Is féidir cúrsa leathan cothrom OSPS a dhearadh ach na ceithre shnáithe i ngearrchúrsa OSPS CNCM a úsáid: Snáithe 1: Cé mé? Snáithe 2: Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile, Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile, Snáithe 4: Mo shláinte mheabhrach.

TORTHAÍ FOGHLAMA LE HAGHAIDH CLÁR FOLLÁINE

I gcás na gclár Folláine samplach atá curtha ar fáil níos faide anonn sa chuid seo, baintear leas as anailís ar thorthaí foghlama na ngearrchúrsaí nua in OSSP, Corpoideachas, agus OSPS agus ar an mbaint atá acu lena chéile agus le sé tháscaire na folláine – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach (Féach Aguisín A). Léirítear iontu freisin na torthaí foghlama a bhaineann le treoir le haghaidh clár Folláine atá leagtha amach thuas.

Úsáidtear an ceacht anailíse nó clibeála (atá curtha ar fáil in Aguisín A) le léiriú an méid a chuireann torthaí foghlama OSSP, Corpoideachas, agus OSPS go díreach leis na táscairí folláine sa tsraith shóisearach. Ar an iomlán, is maith mar a réitíonn na torthaí foghlama thar na trí réimse agus sé tháscaire na folláine le chéile. Ní aon iontas é sin mar rinneadh comhairliúchán forleathan leis na comhpháirtithe oideachas mar chuid den phróiseas forbartha do na trí chúrsa lena chinntiú go dtugtar aghaidh iontu ar fhoghlaim thábhachtach, ábhartha agus bhríoch do dhaoine óga in OSSP, Corpoideachas agus

OSPS. Bhíothas cúramach freisin le cinntiú go seachnaítear aon fhorluí nach gá idir na torthaí foghlama do na trí chúrsa.

Sa cheacht clibeála atá le fáil in Aguisín A, léirítear freisin féidearthachtaí éagsúla le haghaidh clár Folláine ina nasctar torthaí foghlama thar na gearrchúrsaí le torthaí foghlama ó réimse amhail treoir chun cabhrú le freastal ar raon iomlán riachtanas na scoláirí i réimse na Folláine. Mar shampla, d'fhéadfaí torthaí foghlama Shnáithe 1 (Corpoideachas): *Gníomhaíocht choirp don tsláinte agus don fholláine* agus Shnáithe 1 (OSPS): *Cé mé?* a chur le chéile chun díriú ar an bhfoghlaim a bhaineann lena thábhachtaí atá gníomhaíocht choirp rialta mar chuid de shlí mhaireachtála shláintiúil. D'fhéadfaí torthaí foghlama ó Shnáithe 1 (OSSP): *Cearta agus freagrachtaí* agus ó Shnáithe 2 (OSPS): *Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile* a chur le chéile chun foghlaim faoi chearta agus riachtanais, an tábhacht a bhaineann le hiompar ómósach uilechuimsitheach, agus bealaí chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta.

4.6

CURACLAM LE HAGHAIDH CLÁR FOLLÁINE

Tar éis don scoil féachaint ar riachtanais shainiúla na scoláirí sa tsraith shóisearach, ar chomhthéacs uathúil na scoile, agus ar na hacmhainní atá ar fáil, is ann do raon leathan roghanna curaclaim ar ar féidir machnamh a dhéanamh. Áirítear leo sin:

- cúrsaí atá ann cheana féin, m.sh. corpoideachas na sraithe sóisearaí⁶⁵, curaclam OSPS na sraithe sóisearaí⁶⁶, siollabas OSSP⁶⁷
- gearrchúrsaí OSSP, corpoideachais agus OSPS atá forbartha ag CNCM
- gearrchúrsaí atá forbartha sna réimsí sin ag an scoil
- aonaid níos giorra bunaithe ar thorthaí foghlama a roghnaítear ó ghearrchúrsaí CNCM in OSSP, Corpoideachas agus OSPS
- aonaid níos giorra bunaithe ar thorthaí foghlama a bhaineann le folláine ó ghearrchúrsaí eile (féach tábla 1 thíos le haghaidh samplaí)
- foghlaim a bhaineann le treoir
- cúram tréadach/am le teagascóirí
- cúrsaí/aonaid atá á gcur ar fáil ag an scoil ina dtugtar aghaidh ar ghné den fholláine atá tábhachtach dá scoláirí
- gnéithe d'ábhair eile a bhfuil nasc soiléir idir iad agus foghlaim thábhachtach don fholláine
- tionscnaimh scoile, m.sh. cúrsaí spioradálta scoile, laethanta feasachta, srl. ina mbíonn gach scoláire páirteach

- cúrsaí agus aonaid ábhartha atá forbartha ag gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí seachtracha.

Tá múinteoirí eolach ar na cúrsaí reatha in OSSP, corpoideachas agus OSPS, agus b'fhéidir go bhféadfaí iad a úsáid mar thúsphointe chun an fhoghlaim a phleanáil i ngach ceann de na réimsí seo. Is fiú machnamh a dhéanamh freisin ar na gearrchúrsaí atá forbartha ag CNCM. Tá na cúrsaí sin cothrom le dáta agus forbraíodh iad mar thoradh ar chomhairliúchán forleathan leis na comhpháirtithe oideachas lena chinntiú go dtugtar aghaidh sna cúrsaí ar fhoghlaim thábhachtach, ábhartha agus bhríoch do dhaoine óga in OSSP, Corpoideachas agus OSPS. Bhíothas cúramach freisin le cinntiú gur seachnaíodh aon fhorlúí nár ghá idir na torthaí foghlama do na trí chúrsa. Cuimsítear leo freisin comhairle maidir le measúnú leanúnach agus measúnú suimitheach araon. Ar an ábhar sin, tá na gearrchúrsaí sin, ina n-aonar nó lena chéile, ina mbloic thógála shámhaithe do chlár Folláine scoile.

D'fhéadfaí foghlaim i ngearrchúrsaí eile a úsáid i gclár Folláine scoile freisin. Tá dhá shampla sa tábla seo a leanas de thorthaí foghlama ábhartha a bhféadfaí iad a chur san áireamh ar chlár Folláine. Baineann siad le gearrchúrsaí fealsúnachta agus litearthachta sna meáin dhigiteacha de chuid CNCM.

65 jcpe.ie/index.php?option=com_mtree&task=listcats&cat_id=43&Itemid=

66 www.sphe.ie/downloads/resources/sphe%20junior%20cycle%20irish%20syllabus.pdf

67 www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/An-tSraith-Sh%C3%B3isearach/Curaclaim-agus-Siollabas-Treoir/jc_civics_sy_ir.pdf

Tábla 1: Torthaí foghlama samplacha a bhféadfaí iad a chur san áireamh i gclár Folláine

Gearrchúrsa	Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Litearthachta sna meáin dhigiteacha	<ul style="list-style-type: none"> • a mbuartha a phlé faoina sábháilteacht phearsanta agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an idirlín • cairt um chearta agus freagrachtaí ar líne don rang a chruthú • cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí ar chásanna a d'fhéadfadh bheith dochrach • tabhair samplaí de conas is féidir le téacsanna na meán digiteach tacú le saoránacht agus bheith ina mbonn eolais don chinnteoireacht
Fealsúnachta	<ul style="list-style-type: none"> • ceisteanna a aithint atá coitianta (a bhíonn ag gach duine), lárnach (a chabhraíonn linn tuiscint a fháil orainn féin agus ar an domhan timpeall orainn) agus inchonspóide (atá ina n-ábhar argóinte agus tuiscintí éagsúla) • a rá céard iad na ceisteanna móra atá agam agus conas is féidir liom dul i ngleic leis na ceisteanna sin • teacht ar chomhaontú mar rang maidir le roinnt 'ceisteanna móra' ba mhaith leo a iniúchadh mar chuid den chúrsa seo • éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach le tuairimí eile • mothúcháin a léiriú ar bhealaí cuí • cabhrú le daoine eile a mhothú go bhfuil siad mar chuid den ghrúpa • cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

Tá sé beartaithe go gcuimseofaí foghlaim a bhaineann le treoir mar chuid de na bloic thógála de chlár Folláine scoile. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go bhfaighidh na scoláirí an t eolas, na scileanna agus na meonta ar a bhfuil na trí ghné idirnasctha den oideachas treorach dírithe – forbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachais agus gairmthreoir.

Torthaí foghlama samplacha le haghaidh foghlaim a bhaineann le treoir

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire

- a modhanna foghlama féin agus a nósanna, a spéiseanna, a láidreachtaí agus a laigí foghlama a aithint
- na tosca a chruthaíonn bac nó bacainní ar an bhfoghlaim a aithint agus teacht ar bhealaí chun iad a shárú
- spriocanna foghlama a leagan amach agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach
- scileanna staidéir agus pleananna staidéir a fhorbairt
- deiseanna foghlama a aithint laistigh den scoil agus lasmuigh di, agus meas a beith aige ar na deiseanna sin
- cinntí tomhaiste a dhéanamh maidir lena rogha ábhar, lena n-áirítear an tionchar a bheidh ag na hábhair sin ar staidéar amach anseo agus ar shaol na hoibre

I gcás ina bhfuil cleachtas láidir bunaithe ag an scoil i réimse áirithe den fholláine, b'fhéidir go gcinneadh an scoil a gearrchúrsaí féin a fhorbairt agus úsáid a bhaint as treoirínte CNCM do ghearrchúrsaí⁶⁸. Próiseas an-fhiúntach a d'fhéadfadh a bheith ann, ina gcuirí ar chumas na scoile díriú go sainiúil ar a riachtanais agus ar a leasanna féin. Mar sin féin, bíonn go leor ama agus dua i gceist le gearrchúrsa 100 uair an chloig a fhorbairt. B'fhéidir gurbh fhearr dul i muinín na gcúrsaí atá ar fáil cheana féin i dtosach báire.

I gcás ina roghnaíonn scoil cur chuige bunaithe ar aonad a ghlacadh bunaithe ar líon beag torthaí foghlama, d'fhéadfaí iad sin a roghnú ó ghearrchúrsaí CNCM nuair ab infheidhme. Agus na haonaid go léir á bpleanáil, ba cheart cúram a ghlacadh torthaí foghlama a chuimsiú ina dtugtar aghaidh ar an bhfoghlaim thábhachtach san Fholláine. Tá treoir le fáil sa teimpléad pleanála in Aguisín I maidir le haonaid a phleanáil san Fholláine.

Ina theannta sin, is féidir le scoil torthaí foghlama a chur le chéile ó roinnt gearrchúrsaí atá roghnaithe don chlár Folláine. D'fhéadfadh an-éifeacht a bheith ag an gcur chuige sin i gcás ina bhfuil cur chuige téamach á ghlacadh chun an clár a fhorbairt. Sa chur chuige sin, ba cheart leas a bhaint as an teimpléad pleanála in Aguisín I chun aonad nó gearrchúrsa a chruthú a mbeadh spéis ag scoláirí ann agus a thacóidh lena bhfoghlaim san fholláine.

I gcás scoláire atá ag obair ar Chlár Foghlama Leibhéal 2 pearsantaithe (L2LP), is lena phiaraí a dhéanfar formhór a chuid foghlama sa chorpoideachas, OSPS, OSSP agus san fhoghlaim a bhaineann le treoir. Mar sin féin, d'fhéadfaí go dtarlódh foghlaim áirithe i ngrúpaí

beaga nó i dtimpeallacht duine le duine, mar shampla agus iad ag obair ar ghnéithe de na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna).

Bíonn an-éifeacht le haoichainteoirí agus le himeachtaí aon uaire chun cur leis an bhfoghlaim ar an gclár Folláine i scoileanna. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil sé léirithe go comhsheasmhach sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta gurb é an múinteoir sa seomra ranga is fearr atá in ann oibriú ar bhealach íogair comhsheasmhach le scoláirí⁶⁹. Is minic nach mbíonn éifeacht le himeachtaí aon uaire aonarach. Ach pleanáil chúramach a dhéanamh, is féidir a chinntiú go mbaineann na scoláirí an buntáiste is mó ó eispéiris a sholáthraítear le cainteoirí agus imeachtaí seachtracha, go háirithe nuair a dhéantar nasc idir a gcuid foghlama agus an fhoghlaim roimh an imeacht agus ina dhiaidh. Tá eolas ar fáil i gCiorclán 0023/2010⁷⁰ agus i gCuid 7 den lámhleabhar OSPS⁷¹ maidir leis an gcur chuige is fearr i leith aoichainteoirí.

Maidir le tionscnaimh roghnacha a bhaineann leis an bhfolláine agus ina mbíonn líon beag scoláirí páirteach seachas an rang ar fad, bíonn siad an-éifeachtach do na scoláirí rannpháirteacha. Mar sin féin, níor cheart na heispéiris foghlama sin a áireamh mar chuid den chlár Folláine.

Cuirtear ocht gcinn de chlár shamplacha Folláine i láthair thíos. Dearadh na cláir sin chun léiriú a thabhairt ar na bealaí éagsúla ina bhféadfadh scoileanna clár a leagan amach. Is iomaí féidearthacht eile laistigh de gach clár díobh agus lasmuigh díobh, agus is mar léiriú a chuirtear na samplaí ar fáil.

68 juniorcycle.ie/Planning/Short-Course-Development

69 ROS, FSS, an Roinn Sláinte. (2013). *Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe*. Lch 22.

70 www.sphe.ie/downloads/Circulars/DES%20CIRCULAR-0023%20APRIL%202010.pdf

71 www.sphe.ie/downloads/RESOURCES/SPHE%20SCHOOL%20HANDBOOK.pdf

AM A THABHAIRT

Tá an fhoghlaim in OSSP, Corpoideachas, agus OSPS bunriachtanach don fhoghlaim faoin bhFolláine agus lena haghaidh. Nuair a thugtar isteach clár Folláine, níor cheart go dtiocfadh laghdú ar an am a chaitheann scoláirí sa rang Corpoideachais, OSSP nó OSPS le hais an tsoláthair reatha. Ar an ábhar sin, is ann do thairseach íosta ama is ceart a sholáthar i ngach réimse. Mar seo a leanas a leagtar amach an tairseach sin:

- **CORPOIDEACHAS:** 135 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain (.i. is é dhá thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine an leithdháileadh is coitianta i scoileanna).
- **OSPS:** 70 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain (.i. an leithdháileadh ama céanna is atá ann d’OSPS lena n-áirítear OCG faoi chreat reatha na sraithe sóisearaí).
- **OSSP:** 70 uair an chloig roinnte idir an chéad bhliain, an dara bliain agus an tríú bliain (.i. an leithdháileadh ama céanna is atá ann faoi láthair).

Agus na híosmhéideanna sin á leagan amach,

bíonn an tsolúbthacht ag scoileanna breis ama a leithdháileadh do na réimsí sin de réir a dtosaíochtaí féin agus na riachtanas a bhíonn an scoláirí. Tar éis na riachtanais íosta sin a chomhlíonadh, bíonn am breise suas leis an líon iomlán de 400 uair an chloig ar fáil do scoileanna le leithdháileadh ar ghnéithe eile na folláine. Mar shampla, d’fhéadfaí na huairéanta sin a úsáid chun torthaí foghlama a chuimsiú nach mbaineann go díreach le Corpoideachas, OSPS ná OSSP, mar shampla treoir. Ina theannta sin, tugann siad deis do scoileanna am a chur i leataobh do roinnt de na chlár shármhaithe a bhaineann leis an bhfolláine agus atá ann cheana féin. Leithdháileadh ama 300-400 uair an chloig atá léirithe sna cláir seo a leanas ar fad. Glactar leis gur gá solúbthacht áirithe i mblianta tosaigh na Sraithe Sóisearaí maidir le conas a chuirtear na huairéanta don Fholláine i bhfeidhm.



**MÁ THARRAINGÍTEAR
SCOLÁIRÍ ISTEACH I
GCOMHRÁITE FAOINA
BHFOLLÁINE, CABHRÓIDH
SÉ CHUN CLÁR FOLLÁINE
A FHORBAIRT AGUS A CHUR I
BHFEIDHM INA BHFREAGRAÍTEAR
DO NA RIACHTANAIS ATÁ
CURTHA IN IÚL ACU SEACHAS
NA RIACHTANAIS A
MHEASTAR ATÁ ACU.**

4.7

CLÁIR SHAMPLACHA

CLÁR 1

Sa chlár Folláine seo, tá an riachtanas íosta 300 uair an chloig leagtha amach ag an scoil dá clár Folláine i dtosach.

Mar seo a leanas atá an clár seo leagtha amach:

- Tréimhsí dúbailte do corpoideachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí. Is féidir le scoileanna gearrchúrsa corpoideachais CNCM a úsáid nó a ngearrchúrsa féin a fhorbairt don dara agus don tríú bliain.
- Tréimhse amháin do OSPS ina ndírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó gach snáithe de ghearrchúrsa OSPS CNCM. De rogha air sin, is féidir le múinteoirí leanúint de phleanáil don fhoghlaim le siollabas OSPS.⁷²
- Tréimhse amháin do OSSP ina ndírítear ar thorthaí foghlama ó gach snáithe de ghearrchúrsa OSSP CNCM.
- Úsáidtear an 25 uair an chloig eile chun tacú leis an bhfoghlaim a bhaineann le treoir sa chéad bhliain. In aon tréimhse amháin, uair sa tseachtain, foghlaimíonn scoláirí an t eolas agus na scileanna chun iad féin a bhainistiú mar fhoghlaiméoirí níos neamhspleáiche agus chun aistriú dearfach a dhéanamh ón mbunoideachas.

Tá breac-chuntas sa léaráid thíos ar phríomhghnéithe an chlár.

CLÁR 1

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	135
	Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas	Gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag an scoil/CNCM		
OSPS	Tréimhse ranga amháin	Tréimhse ranga amháin	Tréimhse ranga amháin	70
OSSP	Tréimhse ranga amháin	Tréimhse ranga amháin	Tréimhse ranga amháin	70
Foghlaim a bhaineann le treoir	Tréimhse ranga amháin			25

300
uair

CLÁR 2

Sa chlár Folláine seo, cinneann an scoil díriú go sonrach ar thacú le scoláirí roghanna do shlí mhaireachtála shláintiúil a dhéanamh maidir le gníomhaíocht choirp rialta, scíth a ligean, aireachas, agus bia sláintiúil. Cuirtear corpoideachas agus OSPS ar fáil mar chúrsaí neamhspleácha. Bíonn múinteoirí Corpoideachais, OSPS agus Eacnamaíochta Baile ag comhoibriú chun eispéiris foghlama a sholáthar chun tacú le roghanna a bhaineann le slí mhaireachtála shláintiúil. Mar seo a leanas atá an clár leagtha amach:

- Tréimhsí dúbailte do chorpoideachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí.
- Tréimhse amháin do OSSP i ngach bliain den tsraith shóisearach ina ndírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó **gach** snáithe de ghearrchúrsa OSSP. De rogha air sin, is féidir le múinteoirí leanúint de phleanáil don fhoghlaim le siollabas OSSP.
- Tréimhse ranga amháin do OSPS i ngach bliain den tsraith shóisearach ina ndírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó **gach** snáithe de ghearrchúrsa OSPS CNCM agus foghlaim a bhaineann le treoir.
- Tréimhse ranga amháin d'fhoghlaim a bhaineann Corpoideachas/OSPS in éindí sa chéad bhliain agus sa dara bliain. Dírítear gach bliain ar thorthaí foghlama atá deartha chun scoláirí a spreagadh chun gníomhaíocht choirp rialta, scíth a ligean agus aireachas a chuimsiú mar chuid de shlí mhaireachtála shláintiúil. Roghnaítear na torthaí foghlama ó ghearrchúrsaí CNCM sa chorpoideachas agus in OSPS inar aithníodh go leor teacht le chéile agus comhoiriúnachta thar na torthaí foghlama i gceist. Sa tríú bliain, is é an múinteoir eacnamaíochta baile a mhúineann an tréimhse amháin sa tseachtain ina ndírítear go sonrach ar fhoghlaim faoin gcothú agus faoi bhia sláintiúil.

Tá breac-chuntas sa léaráid thíos ar phríomhghnéithe an chlár.

CLÁR 2

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	135
	Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas gníomhaíochta coirp	Gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag an CNCM		
Comhcheangailte Corpoideachas/ OSPS/ Eacnamaíocht Bhaile	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	70
	Corpoideachas / OSPS in éindí		Foghlaim a bhaineann leis an bhFolláine in Eacnamaíocht Bhaile	
OSPS	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	70
	OSPS agus foghlaim a bhaineann le treoir			
OSSP	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	70

CLÁR 3

Sa chlár Folláine seo, tá an scoil ag imeacht ón tairseach íosta chun aonaid bhreise ó raon éagsúil foinsí a chuimsiú de réir a chéile chun tacú le clár leathan Folláine.

Mar seo a leanas atá an clár leagtha amach:

- Tréimhsí dúbailte do chorpoideachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí. Úsáideann múinteoirí creat corpoideachais na sraithe sóisearaí chun an cúrsa a phleanáil.
- Tréimhse ranga amháin do OSPS ina ndírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó **gach** snáithe de ghearrchúrsa OSPS CNCM. De rogha air sin, is féidir le múinteoirí leanúint de phleanáil don fhoghlaim le creat OSPS.
- Tréimhse amháin do OSSP ina ndírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó **gach** snáithe de ghearrchúrsa OSSP.
- Tréimhse ranga amháin sa tseachtain i ngach bliain den tsraith shóisearach le haghaidh aonaid foghlama níos giorra.

Tá breac-chuntas sa léaráid thíos ar phríomhghnéithe an chláir.

CLÁR 3

		An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas		Tréimhse dúbailte Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas gníomhaíochta coirp	Tréimhse dúbailte School-developed / NCCA PE short course	Tréimhse dúbailte	135
OSPS		Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	70
OSSP		Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	70
Aonaid	Téarma 1	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	70
		Foghlaim a bhaineann le treoir lena dtacaítear leis an aistriú chuig an oideachas iar-bhunscoile	Meantóireacht don fhoghlaim	Mo chuid foghlama a bhainistiú le ríomhphunann	
	Téarma 2	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	
		Friends for Life ⁷³	Social Innovation Action Programme (Junior) ⁷⁵	Mé féin a bhainistiú – scileanna chun déileáil le deacrachtaí agus chun scíth a ligean	
	Téarma 3	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	Tréimhse aonair x 10 seachtaine	
		Saoránacht dhigiteach ⁷⁴	Fanacht sábháilte ar líne ⁷⁶	Cruthaitheacht agus folláine (nasctha le ceol agus/nó ealaín)	

345
uair

- 73 Clár don mheabhairshláinte dhearfach is ea *Cairde don Saol* a bhfuil mar aidhm leis imní i measc scoláirí a laghdú le tacaíocht ón tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (SNTI)
- 74 Is ann do roinnt modúil ghearra ar féidir iad a úsáid nó a chur in oiriúint. Mar shampla *Think B4 you click, The web we want: Young and online. Activities for young people by young people, Up2U Anti-bullying kit for junior cycle SPHE* agus *Taisceadán* (ar fad le fáil lena n-íoslódáil ar líne)
- 75 www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/An-tSraith-Sh%C3%B3isearach/Curaclaim-agus-Siollabas-Treoir/jc_civics_sy_ir.pdf
- 76 D'fhéadfaí úsáid a bhaint as modúil amhail *Taisceadán* (acmhainn teagaisc don tsraith shóisearach maidir le comhroinnt íomhánna follasacha) (www.webwise.ie)

CLÁR 4

Sa chlár Folláine seo, forbraíonn an scoil clár a léiríonn go láidir éiteas na scoile i leith an cheartais shóisialta, an chuimsithe agus an chomhionannais. Sa chomhthéacs sin, meastar go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an bhfoghlaim in OSSP le haghaidh fhoghlaim na scoláirí ar an bhfolláine agus le haghaidh a n-eispéireas uirthi. Tugtar eispéiris foghlama do scoláirí atá deartha chun a n-acmhainneacht agus a saoránacht a fhorbairt. Bíonn dhá thréimhse OSSP sa tseachtain ag scoláirí thar na trí bliana. Ar an ábhar sin, bíonn an t-am ann chun páirt iomlán a ghlacadh le gearrchúrsa CNCM in OSSP agus nascadh le gnéithe den oideachas reiligiúnach (OR). Ina theannta sin, d'fhéadfadh múinteoirí OSSP agus OR comhoibriú lena chéile chun tionscnaimh ceartais shóisialta nó oideachais forbartha a fhorbairt a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le scoláirí nasc a dhéanamh idir creideamh agus gníomh. B'fhéarr iad sin a thairiscint mar thréimhse dhúbailte chun tacú le cur chuige na foghlama gníomhaí agus naisc leis an bpobal atá ríthábhachtach don chineál foghlama seo.

Tréimhse ranga dhúbailte OSPS a bhíonn ag scoláirí sa chéad bhliain. Cuimsítear freisin aonad ar an aistriú atá deartha chun tacú lena n-aistriú rathúil isteach san oideachas iar-bhunscoile.

Mar seo a leanas atá an clár seo leagtha amach:

- Tréimhsí dúbailte do chorpoideachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí.
- Dhá thréimhse ranga a bhíonn leagtha amach do OSSP i ngach bliain den tsraith shóisearach.
- Tréimhse ranga dhúbailte a bhíonn leagtha amach do OSPS sa chéad bhliain, agus tréimhse amháin a bhíonn sa dara agus sa tríú bliain.

Tá breac-chuntas sa léaráid thíos ar phríomhghnéithe an chláir.

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	135
	Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas gníomhaíochta coirp	Gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag an CNCM		
OSPS	Dhá thréimhse ranga sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	Tréimhse ranga amháin sa tseachtain	90
	Dírú ar fhoghlaim a bhaineann le Treoir agus ar thorthaí foghlama roghnaithe ó shnáithe 1 agus 2 de ghearrchúrsa OSPS CNCM	Bunaithe ar thorthaí foghlama roghnaithe ó shnáithe 2/3/4 de ghearrchúrsa OSPS CNCM		
OSSP	Dhá thréimhse ranga sa tseachtain	Dhá thréimhse ranga sa tseachtain	Dhá thréimhse ranga sa tseachtain	135
	Gearrchúrsa CNCM in OSSP móide foghlaim ghaolmhar eile a bhaineann leis an gceartas sóisialta agus/nó oideachas forbartha			



CLÁR 5

Sa chlár Folláine seo, cinneann an scoil na trí ghearrchúrsa le CNCM a bhaineann leis an bhfolláine a chuimsiú sa chorpoideachas, OSPS agus OSSP. Is é tosaíocht an chlár Folláine sa chéad bhliain tacú le haistriú dearfach ón mbunscolaíocht i ngach réimse.

Mar seo a leanas atá an clár leagtha amach:

- Tá tréimhsí dúbailte do chorpoideachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí. Sa dara agus sa tríú bliain, tá an fhoghlaim sa chorpoideachas bunaithe ar ghearrchúrsa corpoideachais CNCM.
- Sa chéad bhliain, anuas ar rang dúbailte corpoideachais, bíonn dhá rang sa tseachtain ag scoláirí ar féidir iad a eagrú in aonaid rothlacha 10 seachtaine chun OSSP, OSPS agus foghlaim a bhaineann le treoir a chuimsiú. Is féidir na gearrchúrsaí OSSP agus OSPS a thabhairt isteach i rith na tréimhse sin mar aon le foghlaim eile a bhaineann le OSPS agus le saoránacht. Tá an fhoghlaim a bhaineann le treoir dírithe go príomha ar thacú le scoláirí na chéad bhliana aistriú dearfach ón mbunscolaíocht a dhéanamh. I gcás nach féidir clár ama rothlach a eagrú, d'fhéadfaí aon tréimhse OSSP amháin agus aon tréimhse OSPS amháin a chur sa chlár ama, agus d'fhéadfadh an treoirchomhairleoir socrú a dhéanamh dul i mbun oibre le scoláirí ó am go chéile, rang amháin sa mhí mar shampla.
- Sa dara agus sa tríú bliain, tá an fhoghlaim in OSPS agus OSSP bunaithe ar ghearrchúrsaí CNCM.

Tá breac-chuntas sa léaráid thíos ar phríomhghnéithe an chlár.

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	135
	Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas gníomhaíochta coirp	Gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag an CNCM		
OSPS		Tréimhse dhúbailte	Tréimhse dhúbailte	100
		Gearrchúrsa OSPS CNCM		
OSSP		Tréimhse dhúbailte	Tréimhse dhúbailte	100
		Gearrchúrsa OSSP CNCM		
Units	dhá thréimhse sa tseachtain			45
	Roinnte idir OSSP, OSPS agus treoir			



CLÁR 6

Sa chlár Folláine seo, chinn an scoil úsáid a bhaint as cur chuige téamach i leith na foghlama san Fholláine sa chéad bhliain. Roghnaíodh mar théama ceann atá dírithe ar an aistriú is fearr ón mbunscolaíocht a dhéanamh. ‘Head Start’ is teideal don téama. Tá an fhoghlaim ar fad sa chlár Folláine sa chéad bhliain deartha chun tacú le haistriú dearfach na scoláirí chuig an oideachas iar-bhunscoile.

Mar seo a leanas atá an clár leagtha amach:

- Tréimhse dhúbailte corpoideachais sa chéad bhliain, sa dara bliain agus sa tríú bliain.
- Cuimsíonn an scoil sé aonad sa chéad bhliain a chuireann leis an bhfoghlaim a bhaineann le ‘Head Start’. Tá na haonaid curtha isteach sa chlár ama mar dhá thréimhse ranga aonair sa tseachtain. Maireann gach aonad ar feadh deich seachtaine, rud a fhágann go mbíonn scoláirí ag gabháil do gach aonad ag am ar bith.
- Dhá thréimhse OSPS sa dara bliain agus trí thréimhse sa tríú bliain chun gearrchúrsa CNCM a éascú.
- Trí thréimhse OSSP sa dara bliain agus dhá thréimhse sa tríú bliain chun gearrchúrsa CNCM a éascú.

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	Tréimhse dúbailte	135
	Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas gníomhaíochta coirp	Gearrchúrsa Corpoideachais CNCM		
OSPS		Trí thréimhse ranga	Dhá thréimhse ranga	100
		NCCA SPHE short course		
OSSP		Dhá thréimhse ranga	Trí thréimhse ranga	100
		Gearrchúrsa OSSP CNCM		
Units	Trí thréimhse ranga			45
	Aistriú ón mbunscoil Fanacht sábháilte ar líne Cairde don saol Páirt a ghlacadh i mo scoil agus i mo phobal áitiúil Bia sláintiúil – Saol sláintiúil (nasc idir é seo agus Eacnamaíocht Bhaile) Scileanna dearfacha a fhorbairt chun déileáil le deacrachtaí			
Gníomhaíochtaí scoile uile a bhaineann le folláine				20



CLÁR 7

Sa chlár Folláine seo, tugtar cothromas ama do OSSP, OSPS agus corpoideachas chun tacú le foghlaim na scoláirí san Fholláine agus leithdháiltear am comhchosúil dóibh ar fad thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Féachtar ar an bhfoghlaim sa rang OSSP, corpoideachais agus OSPS, agus féachtar uirthi freisin in aonaid éagsúla cosúil leo sin atá molta thíos.

Mar seo a leanas atá an clár leagtha amach:

- Tréimhsí dúbailte do chorpoideachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí.
- Dhá thréimhse do OSPS sa chéad bhliain (chun foghlaim a bhaineann le treoir a chuimsiú) agus tréimhse amháin sa dara agus sa tríú bliain.
- Tréimhse amháin OSSP gach bliain.
- Tairgtear raon aonad a bhaineann le OSSP, OSPS agus foghlaim a bhaineann le treoir sa scoil freisin in aon tréimhse amháin sa tseachtain i mbloic 10 seachtaine i ngach bliain den tsraith shóisearach. Nuair is féidir, éascaíonn an scoil teagasc foirne do na haonaid sin.
- Cuimsítear freisin sa chlár Folláine seo imeachtaí móra i bhféilire na scoile ina mbíonn gach scoláire páirteach amhail lá spóirt, cúrsa spioradálta, agus foghlaim a bhaineann le Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine, Lá an Domhain nó imeachtaí feasachta eile.

CLÁR 7

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Tréimhse dúbailte Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéreas gníomhaíochta coirp	Tréimhse dúbailte Gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag an CNCM	Tréimhse dúbailte	135
OSPS	Dhá thréimhse ranga Bunaithe ar thorthaí foghlama a roghnaíodh ó shnáithe 1/2 de ghearrchúrsa OSPS CNCM agus foghlaim a bhaineann le treoir chun tacú le haistriú dearfach ó oideachas bunscoile	Tréimhse ranga amháin Dírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó gach snáithe de ghearrchúrsa OSPS CNCM.	Tréimhse ranga amháin	90
OSSP	Tréimhse ranga amháin Dírítear ar thorthaí foghlama roghnaithe ó gach snáithe de ghearrchúrsa OSSP CNCM.	Tréimhse ranga amháin	Tréimhse ranga amháin	70
Units Relating to CSPE, SPHE, PE and guidance	10 n-aonad seachtaine tréimhse amháin sa tseachtain Bia sláintiúil – Saol sláintiúil (nasc leis an Eacnamaíocht Bhaile) Dul suas (aistriú ón mbunscoil) Gradam Comhshaolaí Óg nó gradam comhchosúil	10 n-aonad seachtaine tréimhse amháin sa tseachtain Brat do Scoileanna Gníomhacha Foghlaim a bhaineann le Treoir Scileanna litearthachta digití (a bhaineann leis na torthaí foghlama atá luaite ar leathanach 57)	10 n-aonad seachtaine tréimhse amháin sa tseachtain Aireachas agus scileanna féinchúraim Brí na beatha agus ceisteanna móra eile (Nasctha le OR nó leis an bhfealsúnacht) Fiontraíocht shóisialta	70
35 uair an chloig de ghníomhaíochtaí scoile uile agus/nó teagascóir ranga/cúram tréadach				35



CLÁR 8

Tá an clár Folláine seo deartha chun freastal ar scoileanna ina maireann na ranganna uair an chloig seachas 40 nóiméad. Léirítear freisin leis an gclár seo conas is féidir le clár Folláine naisc fhollasacha a dhéanamh le foghlaim a bhaineann leis an bhfolláine in OR. Mar seo a leanas atá an sampla seo leagtha amach:

- Dhá thréimhse uair an chloig do chorpoidéachas i ngach bliain de thrí bliana na sraithe sóisearaí.
- Tréimhse uair an chloig do OSPS i ngach ceann de na trí bliana. Sa chlár seo, foghlaim a bhaineann le treoir, lena n-áirítear meantóireacht don fhoghlaim, a phléitear i rang amháin gach sé seachtaine.
- Soláthraítear an fhoghlaim in OSSP agus OR le trí aonad rothlacha a mhaireann deich seachtaine i ngach ceann de thrí bliana na sraithe sóisearaí. Gach bliain, féachtar i bpéire de na haonaid sin ar fhoghlaim a bhaineann go díreach le OSSP. Baineann aonad 10 seachtaine amháin gach bliain leis an bhfoghlaim in OR. Ina theannta sin, eagraíonn na scoláirí imeachtaí speisialta gach bliain chun Lá Idirnáisiúnta Chearta an Duine a chomórath, agus glacann siad páirt iontu sin.
- Cuireann an scoil aonaid eile a bhaineann leis an bhfolláine ar fáil freisin a meastar iad a bheith ábhartha agus spéisiúil do scoláirí. Bíonn siad sin ar siúl gach seachtain i mbloic deich seachtaine i ngach bliain den tsraith shóisearach.

	An chéad bhliain	An dara bliain	An tríú bliain	Chloig
Corpoideachas	Dhá thréimhse uair an chloig Dírítear ar raon leathan scileanna agus eispéireas gníomhaíochta coirp	Dhá thréimhse uair an chloig Gearrchúrsa corpoideachais atá forbartha ag an CNCM	Dhá thréimhse uair an chloig	200
OSPS	Tréimhse uair an chloig amháin sa tseachtain Gearrchúrsa OSPS CNCM (lena n-áirítear foghlaim a bhaineann le treoir)	Tréimhse uair an chloig amháin sa tseachtain	Tréimhse uair an chloig amháin sa tseachtain	100
Units (Foghlaim a bhaineann le OSSP)	Trí cinn d'aonaid uair an chloig ar feadh 10 seachtaine Cearta an duine agus comhionannas Saoránacht dhigiteach Maoirseoirí an chruthaithe (nasctha le OR)	Trí cinn d'aonaid uair an chloig ar feadh 10 seachtaine Ceannaireacht a ghlacadh i mo scoil agus i mo phobal Imní a chur in iúl Daoine ar an imeall na sochaí (nasctha le OR)	Trí cinn d'aonaid uair an chloig ar feadh 10 seachtaine An éagsúlacht a cheiliúradh Cearta an duine a iniúchadh trí na healaíona cruthaitheacha Daoine creidmheacha spreagúla (nasctha le OR)	100

400
uair

5





**MEASÚNÚ
AGUS
TUAIRISCIÚ**

5.1

MEASÚNÚ

Sonraítear in *Creat don tSraith Shóisearach* go mba cheart go mbeadh an tacaíocht d'fhoghlaim an scoláire mar phríomhchuspóir ag gach measúnú sa tsraith shóisearach.⁷⁷ Chun é sin a bhaint amach, leagann an creat béim ar a thábhachtaí atá sé an cur chuige i leith an mheasúnaithe a leathnú. Aithnítear freisin 'nach féidir le haon ócáid mheasúnaithe amháin fianaise a sholáthar ar raon gnóthachtála uile an scoláire'.⁷⁸ Is fíor an méid sin go háirithe i leith na foghlama san Fholláine nuair is gá aird a thabhairt sa mheasúnú ar an réimse leathan foghlama a bhíonn ar siúl ag scoláirí. Aithnítear an méid seo a leanas freisin:

I ngeall ar an ngoilliúnacht a bhaineann in amanna leis an achar foghlama seo, beidh solúbthacht mhór ar fáil do scoileanna nuair a bhíonn an fhoghlaim ar Fholláine á meas agus á tuairisciú.⁷⁹

Ní bhaineann an measúnú san Fholláine le múinteoirí ag measúnú cén áit atá bainte amach ag an scoláire ar chontanam na folláine ná ar staid shuibiachtúil folláine an scoláire. Ní bheadh maitheas ar bith ag baint le breith á glacadh ag múinteoir maidir le folláine scoláire *per se*, toisc go mbraitheann folláine an scoláire ar thosca agus ar chúinsí saoil éagsúla ar féidir athrú teacht orthu go tobann agus a bhaineann go sainiúil le comhthéacs áirithe. San Fholláine, díritear sa mheasúnú ar fhianaise a bhailiú ar a d'fhoghlaim an scoláire *faoin* bhfolláine .i. an t eolas, na scileanna agus na meonta atá faighte ag an scoláire. Cé nach gá measúnú a dhéanamh ar gach aon rud, tá sé tábhachtach go spreagtar scoláirí chun machnamh rialta a dhéanamh ar a bhfoghlaim ar fud an chláir Folláine.

MEASÚNÚ LEANÚNACH

Tá sé i gceist go mbeidh formhór na ngníomhaíochtaí don mheasúnú in achar na Folláine rangbhunaithe agus foirmitheach.⁸⁰

Tá deiseanna don mheasúnú leanúnach agus don aiseolas cuiditheach sna comhphárteanna curaclaim ar fad i gcuraclam Folláine. Agus múinteoirí ag pleanáil don fhoghlaim san Fholláine, is féidir gníomhaíochtaí measúnaithe leanúnaigh éagsúla a chur san áireamh. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar scoláirí tascanna, obair thionscadail, cur i láthair, nó taibhléirithe a dhéanamh, gabháil don fhéinmheasúnú/do mheasúnú piaraí, machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim, agus spriocanna a leagan amach do na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint as ceisteanna éifeachtacha freisin le cur ar chumas na scoláirí a gcuid foghlama a léiriú agus chun pleanáil a dhéanamh don fheabhas. Is éifeachtaí na gníomhaíochtaí sin ar fad nuair a thacaítear leo le critéir ratha ina sonraítear conas mar a bhíonn obair mhaith sna comhthéacsanna lena mbaineann. San Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú le CNCM, *Dírú ar an bhFoghlaim*⁸¹, cuimsítear go leor smaointe le haghaidh measúnú leanúnach ar féidir iad a chur in oiriúint lena n-úsáid i réimsí éagsúla den churaclam Folláine.

Le sé tháscaire na folláine, tugtar forbhreathnú ar an eolas, na scileanna agus na meonta a bhfuil scoláirí ag saothrú chun iad a bhaint amach le tacú lena bhfolláine. Is féidir na sé tháscaire – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach – a úsáid chun tacú le machnamh leanúnach ag scoláirí maidir lena bhfoghlaim san Fholláine. Mar shampla, ag deireadh ranga, aonaid nó téarma scoile, is féidir le scoláirí na táscairí a úsáid chun machnamh a dhéanamh orthu seo a leanas:

- an fhoghlaim thábhachtach atá déanta acu faoin bhfolláine
- na táscairí a bhfuil an dul chun cinn is mó déanta acu orthu, dar leo
- na táscairí ar mhian leo dul chun cinn a dhéanamh orthu agus conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh.

77 Ich 35.

78 Ich 34.

79 Ich 23.

80 Ich 42.

81 Foireann Uirlisí don Mheasúnú le CNCM: *Dírú ar an bhFoghlaim*. Faighte an 21 Márta 2016 ó juniorcycle.ie/Assessment/Focus-on-Learning

I ndeireadh na dála, tá mar aidhm leis an bhfoghlaim san Fholláine daoine óga a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a bhfolláine féin agus as folláine daoine eile. Ar an ábhar sin, tá sé cuí go soláthraítear leis an measúnú leanúnach deiseanna do scoláirí úinéireacht níos mó a ghlacadh agus roghanna

a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéantar measúnú san Fholláine. Tá sé tábhachtach freisin go gcabhraíonn cleachtais measúnaithe san Fholláine le scoláirí dul i dtaithí ar theanga na folláine agus a n-acmhainneacht a fhorbairt chun labhairt faoina bhfoghlaim san Fholláine (féach Aguisíní E agus F).

5.2

TUAIRISCIÚ AR AN BHFOLLÁINE SA CHÉAD BHLIAIN AGUS SA DARA BLIAIN

Déanfaidh múinteoirí na scoláirí an fhoghlaim san Fholláine a mheas agus a thuairisciú do scoláirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí i gcaitheamh na sraithe sóisearaí agus ar PGSS.

Déantar tuairisciú ar fhoghlaim scoláirí san Fholláine ar dhá bhealach éagsúla: tuairisciú sa chéad agus sa dara bliain, agus tuairisciú mar chuid de Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ag deireadh na tríú bliain.

Is é atá i dtuairisciú dheireadh an téarma an próiseas trína ndéantar faisnéis ar a bhfuil foghlamtha ag scoláirí san Fholláine a chur in iúl chun cabhrú le scoláirí agus múinteoirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le foghlaim amach anseo san Fholláine.

Tá na prionsabail seo a leanas don tuairisciú sa tsraith shóisearach ábhartha don fholláine agus d'ábhair eile agus do ghearrchúrsaí araon. Ba cheart don tuairisciú na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- fíor-rannpháirtíocht le tuismitheoirí a spreagadh agus teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nach mbíonn sé éasca teacht orthu
- deiseanna a chur ar fáil do scoláirí trí aiseolas chun machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim agus cur leis an bpróiseas tuairiscithe

- luach a chur ar bhreitheanna gairmiúla múinteoirí
- teanga na foghlama a úsáid
- bheith inbhainistithe agus gan am a thógáil ón bhfoghlaim agus ón teagasc
- foghlaim na scoláirí a chur in iúl go soiléir
- faisnéis a chur ar fáil ar réimse leathan gnóthachtála
- tuiscint a léiriú ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta scoláirí agus cur chuige uileghabhálach a ghlacadh.

Tá mar aidhm leis an tuairisciú ar fhoghlaim na scoláirí san Fholláine léiriú a thabhairt do thuismitheoirí ar a bhfuil á bhfoghlaim ag scoláirí faoin bhfolláine agus ar na scileanna atá á bhforbairt acu chun tacú lena bhfolláine. In go leor scoileanna, díreoidh an tuairisciú ar mheasúnachtaí atá déanta ag scoláirí mar chuid dá bhfoghlaim i ngearrchúrsaí nó in aonaid sa chlár Folláine. B'fhéidir go roghnódh scoileanna áirithe cúpla focal a chur sa tuairisc scoile ar fhoghlaim na scoláirí san Fholláine. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i gcomhairle leis na scoláirí féin.

Is mó an seans go ndéanfaí tuairisciú saibhir ar dhul chun cinn scoláirí nuair a fhorbraítear é laistigh de chomhthéacs idirphlé agus aiseolas rialta sa rang agus nuair a thugtar deiseanna minice do scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin. Mar gheall ar a thábhachtaí atá sé do scoláirí foghlaim conas freagracht a

ghlacadh as a bhfolláine féin, táthar ag súil ar deireadh, agus a gclár Folláine féin á fhorbairt ag scoileanna, go mbeadh deis ag scoláirí cur leis an tuairisc scoile.

Tá an tuairisciú foirmiúil ar an bhFolláine deartha chun cur le deiseanna tuairiscithe neamhfoirmiúil eile lena n-áirítear cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, idirphlé idir múinteoirí agus scoláirí, agus cumarsáid i

scríbhinn idir an scoil agus an baile. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm le gach tuairisciú plé eolasach, de bhéal nó i scríbhinn, idir múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí maidir le conas an fhoghlaim a fheabhsú. Tá an tsolúbthacht ag scoileanna a chinneadh conas is fearr is féidir leo pleanáil don tuairisciú sa chéad agus sa dara bliain lena chinntiú go dtacóidh sé le foghlaim na scoláirí san Fholláine.

Léirítear i dTábla 2 thíos roinnt samplaí de conas a d'fhéadfadh scoláirí cur leis an tuairisciú agus a gcleachtas tuairiscithe san Fholláine á neartú ag scoileanna.

COMHPHÁIRT DEN CHURACLAM	GNÍOMHAÍOCHT MEASÚNAITHE	TÁSCAIRÍ FOLLÁINE
Gearrchúrsa OSSP	<p>Cur i láthair póstaer ar an tomhaltas domhanda</p> <p>Ráiteas ó scoláire: 'Tionscadal an-tábhachtach is ea é seo domsa mar tuigim nach bhfuil ach aon phláinéad amháin againn, agus go mbíonn tionchar ag ár slí mhaireachtála anseo ar dhaoine in áiteanna eile ar domhan. Bíim i bhfad níos cúramaí anois gan leictreachas, uisce ná bia a chur amú.'</p>	 FEASACH  FREAGRACH  CEANGAILTE
Gearrchúrsa corpoideachais	<p>Físeán de thaibhléiriú damhsa</p> <p>Ráiteas ó scoláire: 'Ba é seo an chéad uair dom taibhléiriú a dhéanamh os comhair lucht féachana mar chuid de ghrúpa. Dúshlán mór a bhí ann, ach bhí mé an-bhródúil nuair a rinneamar é agus tá súil agam é a dhéanamh arís chun cur le mo mhuinín.'</p>	 FEASACH  ATHLÉIMNEACH  GNÍOMHACH
Aonad maidir le bia sláintiúil	<p>Grianghraif de lónta sláintiúla ó fhéile chócaireachta an ranga</p> <p>Ráiteas ó scoláire: 'Bhí sé seo an-spéisiúil ar fad mar ní dhéanaim eacnamaíocht bhaile, agus tá go leor smaointe agam anois le haghaidh lónta. Mar gheall go bhfuil an rang ar fad páirteach, is mó an seans go ndéanfaidh mé iarracht bia sláintiúil a roghnú.'</p>	 FEASACH  CEANGAILTE  FREAGRACH

5.3

TUAIRISCIÚ AR AN bhFOLLÁINE I BPRÓIFÍL GNÓTHACHTÁLA NA SRAITHE SÓISEARAÍ (PGSS)

I gcás an tuairiscithe ag deireadh na sraithe sóisearaí, úsáidfidh scoileanna teimpléid atá curtha ar fáil do PGSS. Ag brath ar inneachar an chlár Folláine sa scoil, d'fhéadfaí nach ionann inneachar PGSS a bhaineann leis an bhFolláine i ngach scoil. I gcás ina gcuimsíonn scoileanna gearrchúrsaí ina gclár Folláine, déanfar gnóthachtáil na scoláirí sna gearrchúrsaí sin a thaifeadadh ar PGSS sa chuid dar teideal 'Gearrchúrsaí'. Sa chás seo, beidh an Measúnú Rangbhunaithe (MR) a bhaineann leis an ngearrchúrsa (OSSP/ corpoideachas/OSPS) nó le gearrchúrsaí eile a bhaineann leis an bhfolláine curtha i gcrích ag scoláirí. I gcás ina gcuimsíonn scoileanna gearrchúrsaí CNCM ina gclár Folláine, tá comhairle mhionsonraithe ar measúnú agus ar cheisteanna praiticiúla eile le fáil i dtreoirínte measúnaithe na ngearrchúrsaí sin. I gcás ina bhforbraíonn scoileanna a ngearrchúrsaí féin nó ina nglacann siad gearrchúrsaí atá forbartha ag gníomhaireachtaí seachtracha, is féidir leo na cuir chuige measúnaithe atá i ngearrchúrsaí CNCM chun cabhrú le dearadh an mheasúnaithe rangbhunaithe.

D'fhéadfadh scoileanna tuairisciú freisin ar fhoghlaim scoláirí san Fholláine sa chuid sin de PGSS dar teideal 'Réimsí foghlama eile'. Sa chuid sin, beidh scoileanna ag tuairisciú ar réimsí foghlama thar na hábhair agus na gearrchúrsaí ar a dtuairiscítear in PGSS. Anseo, d'fhéadfadh scoileanna liosta a thabhairt d'eispéireas foghlama nó dhó a bhí ag na scoláirí i réimse na Folláine. Ar deireadh thiar, d'fhéadfaí ráiteas ón scoláire maidir lena fhoghlaim san Fholláine a chuimsiú ann.



Amhail an tuairisciú ar an bhFolláine sa chéad agus sa dara bliain, beidh solúbthacht áirithe ag scoileanna maidir leis an méid a chuimseofar ann agus conas a dhéanfaidh siad tuairisciú ar an bhFolláine i gcodanna áirithe de PGSS. Cuirfear comhairle bhreise ar an tuairisciú ar fáil de réir mar a fhorbraíonn scoileanna a gcleachtas sa réimse seo.

6





AGUIŞÍNÍ

AGUISÍN A: GEARRCHÚRSAÍ CNCM AGUS CLÁIR FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH

Dearadh an ceacht clibeála seo chun an méid a chuireann torthaí foghlama sna gearrchúrsaí don Chorpoidéachas, do OSPS agus do OSSP le táscairí na Folláine sa tsraith shóisearach a léiriú. In go leor cásanna, is léir go gcuireann na torthaí foghlama éagsúla le ceann amháin nó níos mó de na torthaí san fholláine.

SNÁITHE 1 GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP DON TSLÁINTE AGUS DON FHOLLÁINE

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Conas monatóireacht a dhéanamh ar a	1.1 spriocanna SICRU a shocrú bunaithe ar a thorthaí/torthaí corpacmhainne a bhaineann le sláinte agus/nó feidhmiú, faoi réir noirm dá aois/haois agus dá ghnéas/gnéas						
Gníomhaíocht choirp do chách chorpacmhainn/ corpacmhainn agus í a fheabhsú	1.2 prionsabail na traenála a chur i bhfeidhm laistigh de chlár pearsantaithe gníomhaíochta coirp (a mhaireann ar a laghad sé seachtaine) atá deartha lena chorpacmhainn/ corpacmhainn a bhaineann le sláinte agus/nó feidhmiú a fheabhsú, ag doiciméadú a dhul/dul chun cinn						
	1.3 a rannpháirtíocht agus a dhul chun cinn sa chlár a mheasúnú, ag tabhairt fianaise ar an dul chun cinn atá bainte amach agus bealaí a shainaithint inar féidir leis/léi forbairt a thuilleadh						
	1.4 réimse teicnící tomhaiste le monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar leibhéal ghníomhaíochta coirp ar feadh tréimhse ama mharthanach						
	1.5 réimse straitéisí a shainaithint le tacú le rannpháirtíocht leanúnach i ngníomhaíocht choirp a bhaineann le sláinte.						
	1.6 bheith i gceannas ar ghníomhaíochtaí coirp a thaitníonn le daoine óga agus atá siad in ann a dhéanamh leis na moltaí le haghaidh bunleibhéal gníomhaíochta coirp atá riachtanach don tsláinte a bhaint amach.						

SNÁITHE 2: CLUICHÍ

















Foghlaimíonn scoláirí faoi **dhá cheann** de na catagóirí cluichí.

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH**FREAGRACH****CEANGAILTE****THLÉIMNEACH****MEAS****FEASACH**

Cluichí ionraidh	2.1 réimse leathan scileanna agus straitéisí luaile a úsáid go héifeachtach chun a bhfeidhmíocht féin a fheabhsú	 				
Cluichí buailte agus gabhála	2.2 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin bunaithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais forbartha phearsanta	 				
Cluichí cúirt roinnte	2.3 gníomhaíochtaí a leasú nó a mhodhnú chun cuimsiú agus taitneamh a chur chun cinn ar mhodh sábháilte	 				
	2.4 gníomhaíochtaí a léiriú chun feabhas a chur ar a gcorpacmhainn ar son a sláinte agus/nó i gcoibhneas lena bhfeidhmíocht i gcluiche áirithe agus lena aghaidh, lena n-áirítear ullmhú agus fuarú	 				
	2.5 freagairt, ina n-aonair agus mar bhall foirne do chásanna difriúla cluichí.	 				

SNÁITHE 3: DÚSHLÁIN AONAIR AGUS FOIRNE


















Foghlaimíonn scoláirí faoi **dhá cheann** de na réimsí gníomhaíocht choirp.

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH**FREAGRACH****CEANGAILTE****THLÉIMNEACH****MEAS****FEASACH**

Treoshuíomh agus dúshláin foirne	3.1 straitéisí treodóireachta agus scileanna léamh mapa a úsáid chun imeachtaí éagsúla treodóireachta a dhéanamh go sábháilte agus go muiníneach ag léiriú measa ar an gcomhshaol	 				
Uiscíocht/ Lúthchleasaíocht	3.2 cur le dúshláin foirne a éilíonn comhoibriú agus scileanna réitithe fadhbanna chun sprioc chomónta a bhaint amach	 				
	3.3 machnamh ar a gcion phearsanta féin agus ar éifeachtúlacht a bhfoirne i dtaca le dúshlán grúpa a chur i gcrích.					
	3.4 feidhmiú go cumasach agus go muiníneach i gceann réimse de bhéimeanna snámha	 				
	3.5 freagairt go cuí do réimse cásanna sábháilteacht uisce	 				
	3.6 freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht féin, bunaithe ar láidreachtaí agus riachtanais forbartha phearsanta in uiscíocht	 				




























SNÁITHE 4: DAMHSA AGUS GLEACAÍOCHT

Foghlaimíonn scoláirí faoi **cheachtar** díobh gleacaíocht nó damhsa sa snáithe seo.

GNÍOMHACH
FREAGRACH
CEANGAILTE
THLÉIMNEACH
MEAS
FEASACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama
Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

		GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Sraith luailí a chruthú Machnamh a dhéanamh ar léiriú Léiriú a dhéanamh	4.1 damhsa a chruthú leis féin nó le daoine eile, ina bhfuil stíl roghnaithe rince agus réimse de theicnící córagrafacha agus frapaí oiriúnacha agus ceol Nó						
	4.2 sraith luailí nó gnáthamh a chruthú bunaithe ar théama gleacaíochta (leo féin nó le daoine eile), agus réimse de theicnící cumadóireachta agus de scileanna gleacaíochta bheith ann						
	4.3 a bheachtú de réir critic ar fhíseán dá léiriú agus/nó aiseolais ó dhaoine eile						
	4.4 an tsraith luailí damhsa/gleacaíochta a léiriú do lucht féachana agus ceol agus/nó frapaí cúí a bheith léi						
	4.5 machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuair siad ag cruthú léirithe agus ag glacadh páirte ann						

GEARRCHÚRSA OSPS

SNÁITHE 1: CÉ MÉ?

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...

GNÍOMHACH









FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Conas a fheictear dom mé féin agus daoine eile	1.1 an tábhacht a thuiscint a bhaineann lena bhféinmheas féin agus cuid daoine eile a ardú						
	1.2 fáiltiú roimh dhifriocht idir dhaoine aonair bunaithe ar an tuiscint atá acu dá n-uathúlacht féin						
Bheith i d'ógánach	1.3 páirt a ghlacadh i bplé eolasach ar thionchar na forbartha fisicí, mothúchánaí, síceolaíche agus sóisialta le linn na hógántachta						
	1.4 a aithint conas a bhaineann gnéasacht agus féiniúlacht inscne le bheith i do dhuine daonna agus go bhfuil toisí bitheolaíocha, síceolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus spioradálta leis						
Féinbhainistíocht	1.5 spriocanna pearsanta gearr-, meán-, agus fadtéarmacha a aithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach						
	1.6 scileanna cinnteoireachta a chur i bhfeidhm i réimse suíomhanna						
	1.7 eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú						
Mo chearta agus cearta daoine eile	1.8 míniú a thabhairt conas is féidir le steiréitíopáil cur le tuiscint agus le taithí duine ar chearta agus ar fholláine						
	1.9 an tábhacht a thuiscint atá le hiompar measúil agus cuimsitheach chun timpeallacht shábháilte a chur chun cinn atá saor ó leatrom						

ÚNÁITHE 2: AIRE A THABHAIRT DOM FÉIN AGUS DO DHAOINE EILE

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</i>	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGALTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Fanacht folláin	2.1 a mheas conas a chuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine 2.2 léirmheas a dhéanamh ar éifeacht na meán, na fógraíochta agus tionchair eile ar chinntí an duine faoin tsláinte agus faoin bhfolláine 2.3 cur síos a dhéanamh ar cad a chuireann an muintearas chun cinn i scoil, ag baile agus sa phobal trí chéile agus ar a ról féin chun timpeallacht chuimsitheach a chruthú 2.4 idirdhealú a dhéanamh idir aire atá oiriúnach a thabhairt agus a fháil			 	 		
Úsáid substaintí	2.5 na scileanna pearsanta agus sóisialta a thaispeáint chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú chun toitíní a chaitheamh, alcól a ól agus/nó substaintí eile a úsáid 2.6 meabhrú ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena n-úsáid féin drugaí nó le húsáid daoine eile 2.7 léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí		 		 		
Cumarsáid mheasúil	2.8 scileanna na héisteachta gníomhaí agus na freagartha cuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla 2.9 scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas		 	 	 		
Frithbhulaíocht	2.10 cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta 2.11 breithmheas a thabhairt ar ról rannpháirtithe agus lucht féachana i dteagmhais bhulaíochta 2.12 athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta agus ar threoirínte sábháilteacht idirlín na scoile agus míniú a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann d'iompar agus do shábháilteacht phearsanta scoláirí		 	 	 		 

SNÁITHE 3: DUL I BPÁIRT LE CHÉILE

Foghlaimíonn
an scoláire
maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an
scoláire...

GNÍOMHACH

FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH	
Cara bheith agat agus tú a bheith i do chara	3.1 a oibriú amach cad atá luachmhar ag daoine óga i gcaidrimh éagsúla agus conas a athraíonn sé sin le himeacht aimsire							
	3.2 meonta, scileanna agus dearchtaí a mheas a chabhraíonn chun cairdeas a dhéanamh, a choimeád agus a chríochnú go measúil							
	3.3 a gcumas a aithint chun cairdeas a dhéanamh agus a bheith acu							
An speictream caidrimh	3.4 na tionchair éagsúla ar chaidrimh agus ar leibhéil dlúthchaidrimh a mhíniú							
	3.5 anailís a dhéanamh ar dheacrachtaí caidrimh a mbíonn taithí ag daoine óga orthu							
Gnéasacht (collaíocht), féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis	3.6 cur síos a dhéanamh ar thorthúlacht, giniúint, forbairt réamhbhreithe agus breith, agus na ceisteanna sláinte ar leith a bhaineann le gach ceann acu							
	3.7 a mhíniú cad a chiallaíonn sé aire a thabhairt dá sláinte ghnéis							
	3.8 scileanna cumarsáide treallúsaí a thaispeáint chun tacú le cinnteoireacht fhreagrach, eolasach faoi chaidreamh agus faoi shláinte ghnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de							
	3.9 meabhrú ar na gnéithe pearsanta agus sóisialta den ghnéaschlaonadh agus den fhéiniúlacht inscne							
Tionchar na meán ar chaidreamh agus ar ghnéasacht	3.10 anailís chriticiúil a dhéanamh ar úsáid íomháineachas ghnéasach agus ar steiréitíopáil inscne i gcineálacha éagsúla meán							
	3.11 léirmheas a dhéanamh ar thionchar na meán ar a dtuiscint ar chollaíocht agus ar shláinte ghnéis							

SNÁITHE 4: MO SHLÁINTE MHEABHRACH

Foghlaimíonn an scoláire maidir le...	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</i>	GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Sláinte mheabhrach dhearfach	4.1 a mhíniú cad a chiallaíonn sé sláinte mheabhrach dhearfach bheith agat						
	4.2 an tábhacht a aithint a bhaineann le rudaí a phlé go mion lena n-áirítear na naisc a aithint idir smaointe, mothúcháin agus iompar						
	4.3 roinnt teicnící scíthe a chleachtadh						
Sláinte mheabhrach agus easláinte mheabhrach	4.4 páirt a ghlacadh i bplé eolasach ar cheisteanna sláinte mheabhrach a mbíonn taitní ag daoine óga agus/nó ag a gcairde agus a dteaghlaigh orthu						
	4.5 tuiscint bheith acu cad a chiallaíonn sé maireachtáil le heasláinte mheabhrach						
	4.6 léirmheas a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte mheabhrach atá ar fáil do dhaoine óga go háitiúil						
	4.7 tábhacht úsáid substaintí do shláinte mheabhrach an duine a mhíniú						
Ócáidí géara coscracha a láimhseáil	4.8 réimse straitéisí a chleachtadh le teacht aníos a mhéadú						
	4.9 scileanna le plé le fadhbanna a úsáid le dúshlán an tsaoil a bhainistiú						
Cailleadh agus méala	4.10 an réimse leathan ócáidí saoil inarbh fhéidir leo taitní bheith acu ar chailleadh agus ar mhéala a mhíniú						
	4.11 na freagairtí pearsanta, sóisialta, mothúcháin agus fisiceacha i leith cailte agus méala a leagan amach						
	4.12 comparáid a dhéanamh ar na bealaí ina gcuirtear cailleadh agus méala i láthair i gcomhthéacsanna agus i gcultúir éagsúla						
	4.13 a mhíniú conas a thabharfadh siad aire dóibh féin agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine eile ar ócáidí cailte agus méala						

GEARRCHÚRSA OSSP

SNÁITHE 1: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

			GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
<i>Foghlaimíonn an scoláire maidir le...</i>	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire...</i>							
Dínit an duine – an bunús le cearta an duine	1.1 a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí							
	1.2 láithriú físe a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna							
	1.3 ordlathas nó liosta tosaíochta a chruthú dá riachtanais, mianta agus cearta							
	1.4 ‘ciseán bunriachtanas’ a chur le chéile a léiríonn riachtanais teaghlaigh atá ina gcónaí in Éirinn (ní hé go díreach a gcuid riachtanas eacnamaíoch)							
	1.5 sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais							
Ionstraimí chearta an duine	1.6 scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine							
	1.7 amlíne a chruthú a rianaíonn cad as ar tháinig coincheap chearta an duine, a léiriú cúigear nó níos mó de phríomhdhátaí, imeachtaí, daoine agus cáipéisí							
	1.8 a dtuiscint ar an gcaoi a mbaineann gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe ar nós UNCHR, UNCRC agus ECHR ⁸³ lena saol féin a chur in iúl, i dtéarmaí a gcuid ceart agus a gcuid freagrachtaí araon							
	1.9 samplaí a aithint de chearta sóisialta, cultúrtha, teanga, eacnamaíocha, saoránachta, creidimh, comhshaoil agus polaitiúla							
	1.10 peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta							
	1.11 a léiriú go dtuigeann siad a bhfreagracht féin chun a gcuid cearta an duine féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint							
	1.12 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo							

* D'fhéadfaí gníomhaíocht choirp laistigh den scoil nó lasmuigh di a chuimsiú i dtionscadail ghníomhaíochta saoránachta na scoláirí.

83 Forógra na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (FNACD), Coimhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL), agus an Coimhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD)

SNÁITHE 3: AN DAONLATHAS A FHIOSRÚ

Foghlaimíonn
an scoláire
maidir le...

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an
scoláire...

GNÍOMHACH





























FREAGRACH

CEANGAILTE

THLÉIMNEACH

MEAS

FEASACH

		GNÍOMHACH	FREAGRACH	CEANGAILTE	THLÉIMNEACH	MEAS	FEASACH
Ciall an daonlathais	3.1	láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu					
	3.2	cur síos a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus róil ghrúpaí difriúla ina rang/scoil					
	3.3	comparáid a dhéanamh idir dhá chóras rialtais nó níos mó, agus aird ar leith a dhíriú ar na bealaí ina n-idirghníomhaíonn an stát lena shaoránaigh, agus inar féidir le saoránaigh a stát a mhúnlú					
	3.4	an téarmaíocht cheart a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar institiúidí, struchtúir, páirtithe polaitiúla agus róil na hÉireann agus na hEorpa					
	3.5	láidreachtaí agus laigí an phróisis dhaonlathaigh a phlé					
An dlí agus an saoránach	3.6	dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena saol féin					
	3.7	a mhíniú conas a dhéantar agus a chuirtear dlíthe i bhfeidhm, agus a fhabhraíonn siad le himeacht aimsire					
	3.8	ról agus ábharthacht cúirteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhíniú					
	3.9	na naoi bhforais a ainmniú faoina bhfuil idirdhealú mídhleathach i ndlí na hÉireann, agus samplaí a thabhairt					
	3.10	fiosrú a dhéanamh conas a d'úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí.					
Ról na meán i sochaí dhaonlathach	3.11	na hargóintí ar son agus in aghaidh saoirse na meán a phlé					
	3.12	cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i gceann amháin acu seo: <ul style="list-style-type: none"> gluaiseacht um cheartas sóisialta toghchán nó reifreann polaitiúil fiosrúchán coiriúil gluaiseacht chomhshaoil 					
	3.13	3.13 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo					

AGUIŚÍN B: AN CHAOI A NAŚCANN NA TÁŚCAIRÍ FOLLÁINE LE RÁITIŚ FOGHLAMA AGUŚ LEIŚ AN BPRÍOMHŚCIL FANACHT FOLLÁIN

CURACLAM NAIŚC	NAIŚC LE NA RÁITIŚ FOGHLAMA	NAIŚC LE PRÍOMHŚCIL – FANACHT FOLLÁIN
Corpoideachas/ OSPS	 GNÍOMHACH <ul style="list-style-type: none"> • is rannpháirtí muinteach agus cumasach é/í an scoláire sa ghníomhaíocht fhísiúil agus tá inspreagadh ann/inti le bheith gníomhach go físiúil (12) • gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (8) 	<ul style="list-style-type: none"> • páirt a ghlacadh in aclaíocht go rialta agus na buntáistí a bhaineann léi a thuiscint • caidrimh dhearfacha a chothú • taitneamh agus spraoi a bhaint as an bhfoghlaim
OSPS/ Corpoideachas	 FREAGRACH <ul style="list-style-type: none"> • tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe agus roghanna á ndéanamh aige/aici a bhaineann le stíl shláintiúil mhaireachtála (13) • gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (8) 	<ul style="list-style-type: none"> • cinntí ciallmhara a dhéanamh faoi roghanna bia, cúram pearsanta agus stíl mhaireachtála • sainaitheint a dhéanamh ar na hiarmhairtí dealraitheacha a leanfadh d'iompraíochtaí rioscúla agus mífholláine • a thuiscint nuair atá sábháilteacht phearsanta faoi bhagairt agus is féidir freagairt don chás sin go hiomchuí
OSSP	 CEANGAILTE	
OSPS Corpoideachas	<ul style="list-style-type: none"> • tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoaránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne (7) • gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (8) • tá feasacht aige ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálaí (5) 	<ul style="list-style-type: none"> • páirt a ghlacadh i mbearta a athraíonn mo scoil, mo phobal agus an saol mór chun feabhais • mo chearta agus mo fhreagrachtaí mar shaoránach áitiúil agus domhanda a thuiscint • meas a léiriú ar an saol, lena ilchineálacht iomlán, agus a thuiscint go bhfuil brí agus cuspóir leis • a bheith dearfach fúm féin
Corpoideachas, OSSP agus OSPS	 ATHLÉIMNEACH <ul style="list-style-type: none"> • tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú (23) 	<ul style="list-style-type: none"> • úsáid a bhaint as straitéisí chun déileáil le fadhbanna pearsanta agus leis an strus • foghlaim ó na botúin a dhéanann sé agus leanúint ar aghaidh • coinneáil le rudaí agus gach iarracht a dhéanamh go dtí go n-éiríonn leis • aithníonn a ghnóthachtálacha féin agus ceiliúran iad
Corpoideachas, OSSP agus OSPS	 MEAS <ul style="list-style-type: none"> • tá feasacht aige ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálaí (5) • gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú (8) 	<ul style="list-style-type: none"> • cinntí a dhéanamh ar mhaithe leis an Leas Coiteann • páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht laistigh den ghrúpa ranga • a thuairimí agus a chreidimh a chur in iúl go muinteach ar bhealaí éagsúla • an fód a sheasamh in éadan thuairim an ghrúpa nuair is gá • caidrimh dhearfacha a chothú
PE, CSPE, and SPHE	 AWARE <ul style="list-style-type: none"> • has an awareness of personal values an understanding of the process of moral decision-making (5) • takes action to safeguard and promote her/his wellbeing and that of others (8) 	<ul style="list-style-type: none"> • demonstrates care and respect for themselves and other people • feels positive about themselves • practises relaxation and mindfulness techniques

AGUISÍN C: TOSÚ AMACH – BREAC-CHUNTAJ MOLTA LE HAGHAIDH CEARDLANN FOIRNE

TOPAIC	AM A THEASTAÍONN	ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA
<p>1 Aidhm agus torthaí foghlama don cheardlann a chomhaontú</p> <p>e.g. Aidhm – tús a chur leis an bpróiseas chun clár folláine a phleanáil do scoláirí na sraithe sóisearaí</p> <p>m.sh. Torthaí foghlama:</p> <ul style="list-style-type: none"> • teacht ar thuiscint faoin rud ata i gceist againn le ‘folláine’ • bealaí a shainaithint ina bhfuil folláine an scoláire á cur chun cinn againn go héifeachtach cheana féin • nithe is féidir linn a fheabhsú agus conas is féidir linn é sin a dhéanamh a shainaithint. 	10 nóiméad	Tús eolais ar an gclár Folláine: céard atá ann, cén áit ar féidir leis an bhfoireann teacht ar na treoirlínte Folláine.
<p>2 Céard atá tábhachtach d’fholláine na scoláirí?</p> <p>Ransú smaointe: Céard is brí leis an bhfocal ‘folláine’, dar linn? Scríobh na freagraí ar smeach-chairt. Tabhair a mhéid gnéithe agus is féidir faoi deara ag an bpointe seo.</p> <p>Tabhair faoi deara an bhfuil ceannas focal a cheanglaíonn folláine le mothúcháin chuspóireacha (sonas, muinín, srl.) agus cuir san áireamh an bhfuil tosca eile, mar aon le tosca síceolaíocha/mothúcháin, a mbíonn tionchar acu ar an bhfolláine, m.sh. tosca caidrimh nó comhthéacsúla.</p> <p>Machnamh aonair:</p> <p>Iarr ar gach múinteoir (go príobháideach) na tosca is tábhachtaí, dar leo, d’fholláine na scoláirí a shainaithint agus iad sin a roinnt le comhghleacaí.</p> <p>Iarr ar bhaill foirne focail bhreise a chur leis an ransú smaointe tar éis an cheachta seo.</p> <p>Tarraing aird ar an raon freagraí agus léirigh go bhfuil folláine ilghnéitheach, gur próiseas dinimiciúil atá ann le tréimhsí maithe agus drochthréimhsí, agus go bhfuilimid ar fad ar chontanam idir neamhfolláine agus folláine.</p> <p>Críochnaigh an seisiún seo trí iarraidh ar na rannpháirtithe grúpaí beaga a dhéanamh agus na háiteanna/suíomhanna/eispéiris foghlama a shainaithint ina bhfaigheann scoláirí tairní ar an bhfolláine sa scoil.</p>	25 nóiméad	Tús eolais ar na treoirlínte Folláine, go hairithe an chuid dar teideal ‘Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an bhfolláine?’ I 20-21

TOPAIC	AM A THEASTAÍONN	ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA
<p>3 An Fholláine – breith lárnach</p> <p>Cé mhéad a bhíonn an Fholláine ina bhreith lárnach sa scoil seo? Cén fhianaise atá ann? Cén t eolas atá againn ar eispéireas scoláirí éagsúla ar an bhfolláine inár scoil? Cá bhfios dúinn?</p> <p>Táscairí folláine</p> <p>Ag oibriú i ngrúpaí beaga, léitear na sé tháscaire Folláine agus ansin déantar machnamh orthu seo a leanas: Cé na táscairí folláine a bhfuilimid ag déanamh go maith i dtacú leo? Cá bhfios dúinn? Cé na táscairí a dteastaíonn ár n-aird uathu? Dá mbeadh gradam le bronnadh agat ar dhea-chleachtas agus réimse a shainnithint inar gá machnamh eile (misean), céard a roghnófaí?</p> <p>Cé na táscairí ar cheart dúinn ár n-aird a dhíriú orthu? Conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh?</p>	25 nóiméad	<p>Ráiteas misin na scoile, struchtúir, beartais agus cleachtais na scoile.</p> <p>Táscairí folláine, I 45</p>
<p>4 Tatal agus na chéad chéimeanna eile</p> <p>Iarr ar gach grúpa léargas tábhachtach amháin ón bplé a chomhroinnt, lena n-áirítear moladh do na chéad chéimeanna eile maidir le clár Folláine don Teastas Sóisearach a phleanáil</p> <p>D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh leis na chéad chéimeanna eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> • dul i gcomhairle le scoláirí agus lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí maidir le torthaí an chruinnithe • riachtanais forbartha gairmiúla leanúnaí don fhoireann a shainnithint chun tacú lena rannpháirtíocht sa chlár folláine • soláthar curaclaim reatha agus tacaíocht seach-churaclaim don fholláine a mhapáil, ina n-aithnítear na tacaíochtaí agus acmhainní sa phobal áitiúil, srl. 	10 nóiméad	

AGUISÍNÍ D: NA TÁSCAIRÍ FOLLÁINE A ÚSÁID CHUN ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR CHLEACHTAS SCOILE

B'fhéidir go bhféadfaí leas a bhaint as na ceistanna seo a leanas chun tacú le grúpaí amhail an fhoireann ar fad, ranna ábhair, múinteoirí bliainghrúpa, an pobal scoile níos forleithne lena n-áirítear an fhoireann riaracháin agus choimhdeach chun machnamh a dhéanamh ar chleachtais reatha agus ar conas a chuireann siad nó conas is féidir leo cur, ina n-aonair agus/nó mar ghrúpa, le tacú le dul chun cinn na scoláirí i ndáil le gach ceann de na táscairí.

I mo ról agus i mo chaidreamh le scoláirí, conas a thacaím lena n-aistear foghlama i dtreo na nithe seo a leanas?		Fíor	Go pointe áirithe	Ní go fóill
 <p>GNÍOMHACH</p>	<ul style="list-style-type: none"> a bheith ina rannpháirtí muiníneach oilte i ngníomhaíocht choirp a bheith gníomhach go fisiciúil 			
 <p>FREAGRACH</p>	<ul style="list-style-type: none"> a bheith in ann gníomhú chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú bia sláintiúil a roghnú a thuiscint cén áit a mbíonn a gcuid sábháilteachta i mbaol, agus cur ar a gcumas na roghanna cearta a ghlacadh 			
 <p>CEANGAILTE</p>	<ul style="list-style-type: none"> a bheith ceangailte lena scoil, lena gcairde, lena bpobal agus leis an saol mór a thuiscint conas a théann a gcuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar a bhfolláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda 			
 <p>ATHLÉIMNEACH</p>	<ul style="list-style-type: none"> a bheith muiníneach astu féin agus na scileanna a bheith acu chun déileáil le dúshlán an tsaoil eolas a bheith acu cén áit ar féidir leo cabhair a fháil a chreidiúint go n-éireodh go maith leo ach an iarracht a chur isteach 			
 <p>MEAS</p>	<ul style="list-style-type: none"> cúram agus meas a léiriú ar dhaoine eile caidreamh dearfach le cairde, piaraí agus múinteoirí a mhothú go n-éistear leo agus go bhfuil meas orthu 			
 <p>FEASACH</p>	<ul style="list-style-type: none"> a bheith feasach ar a gcuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus a bheith in ann ciall a bhaint astu a bheith feasach ar a luachanna pearsanta féin agus machnamh a dhéanamh ar a gcinntí a bheith feasach orthu féin mar fhoghlaimoirí agus a thuiscint conas is féidir leo feabhsú 			

Cuimhnigh orthu seo a leanas agus machnamh á dhéanamh ar an gceacht seo:

Cé na táscairí folláine is mó lena bhfuil tú ag tacú, dar leat?	
Cé na táscairí folláine a dteastaíonn aird uathu?	
Cén t-athrú nó dhó a dhéanfaidh tú chun tacú le dul chun cinn na scoláirí i ndáil leis na táscairí?	
Céard a chuir ionadh ort agus an ceacht seo á dhéanamh?	


AGUISÍN E: ÚSÁID TÁSCAIRÍ FOLLÁINE LE TACÚ LE FÉINMHEASÚNÚ AN SCOLÁIRE


D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith úsáideach chun tacú leis na scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfolláine trí leas a bhaint as na sé tháscaire. D'fhéadfaidís a bheith úsáideach freisin chun deimhniú leis na scoláirí go dtuigeann siad a bhfuil i gceist leis na táscairí éagsúla.

Agus úsáid á baint as an uirlis seo, nó as uirlisí féinmheasúnaithe eile, tá sé tábhachtach a aibhsiú do na scoláirí gur próiseas agus aistear ar feadh an tsaoil atá san fholláine agus go bhféadfadh sé tarlú nach mbainfí amach ceann scríbe go brách. An cuspóir atá leis an uirlis seo cur ar chumas scoláirí machnamh a dhéanamh ar a bhfolláine, réimsí den fholláine a shainaithint inar féidir leo feabhsú, agus faisnéis agus léargais a thabhairt don fhoireann maidir le conas is fearr is féidir leo tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus lena haghaidh.


Is féidir le scoláirí an bosca tuairimí a úsáid chun tuairim a léiriú ar a bhfreagra, sprioc a leagan amach, agus/nó moladh a thabhairt ar conas a d'fhéadfadh an clár Folláine sa tsraith shóisearach cabhrú lena dul chun cinn i dtaca leis an táscaire seo.

Is féidir an uirlis féinmheasúnaithe seo a úsáid freisin chun comhrá faoin bhfolláine a thosú le múinteoir, piara nó tuismitheoir/caomhnóir.


	Ó lá go lá	Fíor	Go pointe áirithe	Ní go fóill
 <p>GNÍOMHACH</p>	<ul style="list-style-type: none"> Is rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp Bím gníomhach go fisiciúil ar bhonn rialta 			
Trácht:				
 <p>FREAGRACH</p>	<ul style="list-style-type: none"> Gníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú Is féidir liom bia sláintiúil a roghnú Tuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus déanaim na roghanna cearta chun mé féin a chosaint 			
Trácht:				
 <p>CEANGAILTE</p>	<ul style="list-style-type: none"> Mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór Tuigim conas a théann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda 			
Trácht:				

Ó lá go lá	Fíor	Go pointe áirithe	Ní go fóill
 ATHLÉIMNEACH <ul style="list-style-type: none"> Tá muinín agam asam féin agus tá na scileanna agam chun déileáil le dúshlán an tsaoil Is eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil Creidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach 			

Trácht:

 MEAS <ul style="list-style-type: none"> Motháim go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm Tá caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí Léirim cúram agus meas ar dhaoine eile 			
--	--	--	--

Trácht:

 FEASACH <ul style="list-style-type: none"> Táim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus is féidir liom ciall a bhaint astu Táim feasach ar mo luachanna pearsanta agus déanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh Táim feasach ar conas is fearr a bhím ag foghlaim agus tá a fhios agam conas is féidir liom feabhsú 			
--	--	--	--

Trácht:

Cuimhnigh orthu seo a leanas agus machnamh á dhéanamh ar an gceacht seo:

Trí rud atá á ndéanamh agam ar bhealach maith chun tacú le mo chuid folláine	1. 2. 3
Trí rud atá beartaithe agam a chabhróidh liom tacú le mo chuid folláine	1. 2. 3

AGUIŚÍN F: GRÚPA FÓCAIS SCOLÁIRÍ CHUN CLÁR FOLLÁINE A FHORBAIRT

Is féidir an cheardlann seo a úsáid le grúpa ranga uile, grúpa fócais ón rang céanna/ón mbliaingrúpa céanna/le bliaingrúpaí éagsúla. Tréimhse dhúbailte a bheadh ag teastáil agus tá sé tábhachtach go léireodh na scoláirí rannpháirteacha réimse eispéireas sa scoil. B'fhéidir go mbeadh roinnt ama ag teastáil ó scoláirí áirithe muinín a chothú chun páirt iomlán a ghlacadh i ngrúpaí den sórt sin. É sin ráite, tá sé tábhachtach scoláirí atá níos ciúine agus níos cúthaile agus scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú chun tuiscint a fháil ar raon iomlán na n eispéireas folláine sa scoil. Is féidir an t aiseolas ón ngrúpa seo a úsáid chun críocha éagsúla amhail planáil don Fholláine nó eolas a chur ar fáil chun ceistneoir a dhearadh do na scoláirí ar fad.

1. RÉAMHRÁ

Mínigh do na scoláirí gurb é cuspóir an tseisiúin éisteacht lena smaointe agus moltaí do réimse nua foghlama, an Fholláine, sa tsraith shóisearach. Abair leo cén áit agus cén chaoi a n-úsáidfear a gcuid aiseolais. Socraigh leo conas a thuairisceoidh tú ar ais don ghrúpa. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na scoláirí go bhfuil daonlathas ag baint leis seo.

2. RANJÚ SMAOINTE: CÉARD IS FOLLÁINE ANN? (GNÍOMHAÍOCHT AN GHRÚPA IOMLÁIN)

Céard iad na focail agus na frásaí a thagann chun cuimhne nuair a luaitear an focal 'folláine'?

Scríobh aiseolas ar smeach-chairt. Tarraing aird ar na gnéithe éagsúla den fholláine a chuimsítear. Sainaithin bearnaí, más ann dóibh, agus iarr ar na scoláirí an measann siad go bhfuil tábhacht leo sin agus ar mhaith leo na bearnaí sin a chur leis an aiseolas.

3. RANJÚ SMAOINTE: CÉARD ATÁ TÁBHACHTACH D'FHOLLÁINE DAOINE ÓGA?

Is féidir an t aiseolas a scríobh ar smeach-chairt, ar bhalla graifítí nó ar bhileoga post-it.

4. OBAIR GHRÚPA

I ngrúpaí triúir/ceathair, iarr ar scoláirí na sé rud is mó tábhacht d'fholláine daoine óga, dar leo, a liostú in ord tosaíochta.

Ansin iarr orthu an rud céanna a dhéanamh i gcomhthéacs na scoile. Ba cheart an t-aiseolas sin a bhailiú chun aiseolas a chur ar fáil don fhoireann planála folláine.

5. GNÍOMHAÍOCHT SMAOINIMH, PÉIREÁLA AGUS ROINNTE:

Asaibh féin, cuimhní ar an dá cheist seo a leanas:

Céard is féidir leis an scoil a dhéanamh le tacú leis an scoláire agus lena fholláine? Lena fhoghlaim faoin bhfolláine?

I mbeirteanna, sainaithní na trí smaoinemh is tábhachtaí.

Ag dul i gcomhar le beirt eile, roinní na rudaí a shainaithin an dá ghrúpa agus aontaí ar an dá mholadh is tábhachtaí.

6. AISEOLAS

Glac le haiseolas ón ngrúpa agus taifead na smaointe éagsúla ar smeach-chairt. Bí cúramach gan smaointe a athrá.

Tabhair cuireadh do na scoláirí a smaointe a chur in ord agus uimhir a haon a thabhairt ar an smaoinemh is tábhachtaí. Is féidir é sin a dhéanamh trí dhá vóta a thabhairt do gach grúpa. Socraíonn gach grúpa conas mar a chaithfidh siad a dhá vóta, agus an chéad vóta á thabhairt don rud is tábhachtaí is féidir le scoileanna a dhéanamh chun tacú le folláine daoine óga sa tsraith shóisearach. (Is féidir an chéad vóta agus an dara vóta a thaifeadadh le greamáin de dhá dhath éagsúla.)

Nuair a bheidh tús áite tugtha do na réimsí, iarr ar gach grúpa moltaí a thabhairt ar conas a d'fhéadfaí dul chun cinn a dhéanamh ar **réimse amháin** díobh. Faigheann gach grúpa tosaíocht éagsúil le díriú uirthi.

7. TÚS ÁITE A THABHAIRT DO RUDAÍ ATÁ TÁBHACHTACH DO MO CHUID FOGHLAMA FAOIN BHFOLLÁINE

Sa ghrúpa ceathrair céanna, críochnaigh an abairt seo a leanas ar bhileog A4:

Le tacú lena bhfolláine, caithfidh daoine óga sa tsraith shóisearach foghlaim faoi...

Lorg moltaí faoi na réimsí ábhair a thacódh leis an gcineál seo foghlama.

Cuir na bileoga sin ar an urlár agus iarr ar scoláirí féachaint ar a bhfuil molta ag daoine eile. Iarr aiseolas.

8. MAR CHRÍOCH:

Is é an smaoinemh mór amháin ó inniu ba mhaith liom go gcuimhneofaí air...

D'fhéadfaí an cheardlann seo a úsáid chun comhrá a chur chun cinn idir an fhoireann agus na scoláirí. Mar shampla, d'fhéadfadh idir mhúinteoirí agus scoláirí na ceachtanna ginearálta a dhéanamh agus teacht le chéile chun freagraí a chomhroinnt ansin.

Tar éis páirt a ghlacadh sa cheardlann seo, d'fhéadfadh scoláirí i ngrúpaí beirte nó triúir an cheardlann seo a éascú i ngrúpaí ranga éagsúla chun tuairimí a lorg ó líon níos mó scoláirí le heolas a chur ar fáil don phleanáil don fholláine.

AGUIŚÍN G: GRÚPA FÓCAIS TUISMITHEOIRÍ CHUN CLÁR FOLLÁINE A FHOBAIRT

Is é is cuspóir leis an ngrúpa fócais seo rannpháirtíocht ghníomhach tuismitheoirí/caomhnóirí a éascú sa phróiseas pleanála don chlár Folláine sa tsraith shóisearach. Ba cheart ionadaithe tuismitheoirí as cohórt na scoile a áireamh sa ghrúpa fócais seo dá mb'fhéidir é.

1. RÉAMHRÁ (GNÍOMHAÍOCHT AN GHRÚPA IOMLÁIN)

Mínigh do thuismitheoirí gur réimse nua foghlama í an Fholláine sa tsraith shóisearach agus gur féidir teacht ar na treoirínte ar líne. Mínigh gurb é cuspóir an tseisiúin éisteacht lena smaointe agus moltaí don réimse nua foghlama seo agus go n-úsáidfear a n aiseolas chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas pleanála

2. RANJÚ SMAOINTE: CÉARD IS FOLLÁINE ANN?

Céard iad na focail agus na frásaí a thagann chun cuimhne nuair a luaitear an focal 'folláine'?

Scríobh aiseolas ar smeach-chairt. Tarraing aird ar na gnéithe éagsúla den fholláine a chuimsítear. Sainaithin bearnaí, más ann dóibh, agus iarr ar na scoláirí an measann siad go bhfuil tábhacht leo sin agus ar mhaith leo na bearnaí sin a chur leis an aiseolas.

3. RANJÚ SMAOINTE: CÉARD ATÁ TÁBHACHTACH D'FHOLLÁINE DAOINE ÓGA?

Is féidir an t aiseolas a scríobh ar smeach-chairt, ar bhalla graifítí nó ar bhileoga post-it.

4. GNÍOMHAÍOCHT SMAOINIMH, PÉIREÁLA AGUS ROINNTE:

Asaibh féin, cuimhnígí ar na nithe seo a leanas:

Céard is féidir leis an scoil seo a dhéanamh le tacú leis an scoláire agus lena fhoghlaim faoin bhfolláine?

I mbeirteanna, sainaithnígí na trí smaoineamh is tábhachtaí.

Ag dul i gcomhar le beirt eile, roinnigí na rudaí a shainaithin an dá ghrúpa agus aontaígí ar an dá mholadh is tábhachtaí.

5. AISEOLAS

Glac le haiseolas ó gach grúpa agus scríobh na smaointe éagsúla ar smeach-chairt. Bí cúramach gan smaointe a athrá.

Tabhair cuireadh do na tuismitheoirí a smaointe a chur in ord tosaíochta, dar leo, agus uimhir a haon a thabhairt ar an smaoineamh is tábhachtaí. Tá dhá vóta ag gach duine. Caitheann siad a vótaí, agus a gcéad vóta á thabhairt don cheann is tábhachtaí. (Is féidir an chéad tosaíocht agus an dara tosaíocht a thairfeadh le greamáin de dhá dhath éagsúla.)

6. TÁSCAIRÍ FOLLÁINE

Déanann na táscairí folláine cur síos ar na scileanna agus ar na meoin a bhfuil clár Folláine le forbairt i ndaoine óga sa tsraith shóisearach.

Asaibh féin, rangaígí na táscairí in ord agus uimhir a haon ar an gceann is tábhachtaí dar leat.

I ngrúpaí de thriúr, pléigí na ranguithe leis an mbeirt tuismitheoirí eile. Aontaígí ar na táscairí a bhfáiltíonn sibh rompu agus an táscaire nó na táscairí

7. AN FHOGHLAIM SAN FHOLLÁINE.

I ngrúpaí beaga, cuimhnígí ar na nithe seo a leanas:

Nuair a smaoiníonn sibh faoi bhur bpáistí nó faoi dhaoine óga sa tsraith shóisearach, céard is gá go mbeidís in ann a dhéanamh le tacú lena bhfolláine? Cén chaoi ar féidir leis an scoil pleanáil don chineál seo foghlama? Sainaitheodh gach grúpa na trí smaoineamh is tábhachtaí agus scríobhfaidh ar smeach-chairt iad.

Tabhair cuireadh do gach grúpa ceann dá smaointe móra a roinnt agus ba cheart iad seo a thaifeadadh.

Céard is féidir leis an scoil a dhéanamh chun tacú leat tacú le folláine do pháiste?

8. MAR CHRÍOCH: MACHNAMH AONAIR

Iarr ar gach tuismitheoir an smaoineamh is mó ón lá inniu ar mhian leo machnamh a dhéanamh air, go háirithe, i bpleanáil na scoile don Fholláine sa tsraith shóisearach a scríobh síos.

Is é an smaoineamh mór amháin ó inniu ba mhaith liom go gcuimhneofaí air...

AGUISÍN H: FOLLÁINE SA TSRAITH SHÓISEARACH: CEISTNEOIR FÉINMHEASTÓIREACHTA LE HAGHAIDH LUCHT BAINISTÍOCHTA AGUS FHOIREANN NA SCOILE⁸⁴

Is féidir an seicliosta seo a úsáid chun machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a bhfuil á dhéanamh go maith ag an scoil agus ar ar gá a fheabhsú sna ceithre phríomhghné den fholláine sa tsraith shóisearach: cultúr; caidrimh; curaclam; agus beartas/pleanáil. Ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as gach fianaise atá ar fáil ó raon daoine lena n-áirítear scoláirí, múinteoirí, agus tuismitheoirí/caomhnóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann siad na gnéithe atá leagtha amach sa cheistneoir.

PRÍOMHGHNÉ: CULTÚR

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÍÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
Misean agus éiteas na scoile	Tá folláine phobal na scoile uile ag croílár ráiteas misin na scoile.			
	Tá folláine phobal na scoile uile ag croílár ráiteas misin na scoile.			
	Tá meas ar gach duine i bpobal na scoile agus bíonn deiseanna acu dul chun cinn a dhéanamh.			
	Cabhraíonn an fhoireann ar fad le timpeallacht thuisceanach chuimsitheach a chur chun cinn laistigh den scoil lena dtacaítear le folláine na scoláirí.			
	Is ann d'fhís agus do thuiscint choiteann ar a bhfuil i gceist le folláine na scoláirí, rud a chuireann béim ar láidreachtaí agus ar acmhainneachtaí seachas díreach díriú ar fhadhbanna agus ar laigí.			
	Cothaítear caidrimh mheasúla thuisceanacha idir an fhoireann agus scoláirí, idir na scoláirí féin, agus idir an fhoireann agus tuismitheoirí.			
	Tá struchtúir i bhfeidhm atá deartha chun tacú le folláine na scoláirí, m.sh. Foireann chun tacú le Scoláirí.			

84 Tá an seicliosta seo curtha in oiriúint ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte. (2013). *Folláine in Iar-bhunscoileanna: Treoirínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe*. Lgh 62-65.

DÍRÍÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
An timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta	Cuirtear cairdiúlacht, fáilte agus cuimsiú in iúl leis an timpeallacht fhisiciúil.			
	Is áit shábháilte do gach scoláire í an scoil.			
	Is ann do spásanna inar féidir le scoláirí teacht le chéile go sóisialta agus am a chaitheamh go ciúin.			
	Tá foirgneamh na scoile inrochtana do gach scoláire.			
	Bíonn scoláirí agus an fhoireann bródúil agus cúramach chun an timpeallacht fhisiciúil a chothú.			
	Tá timpeallacht na scoile fabhrach do ghníomhaíocht choirp agus roghanna bia shláintiúil a chur chun cinn.			
Cultúr an tseomra ranga	Bíonn ionchais arda ag múinteoirí do gach scoláire			
	Is ann do chaidrimh oscailte, dhearfacha agus thacúla idir na múinteoirí agus na scoláirí, sa rang féin agus lasmuigh de araon.			
	Cuirtear cultúr comhoibrithe agus comhair chun cinn trí na cleachtais laethúla teagaisc, foghlama agus measúnaithe			
	Mothaíonn scoláirí slán agus sábháilte sa seomra ranga agus mothaíonn siad go bhfuil meas orthu.			
Teagasc, foghlaim agus measúnú	Bíonn scoláirí gníomhach ag gabháil dá gcuid foghlama agus baineann siad taitneamh as a bheith ar scoil.			
	Tugtar aiseolas múnlaiteach rialta do scoláirí maidir lena bhfoghlaim agus le conas is féidir leo feabhsú.			
	Bíonn deiseanna rialta ag scoláirí labhairt faoina gcuid foghlama agus faoina gcabhraíonn leo foghlaim.			
	Úsáideann múinteoirí modheolaíochtaí gníomhacha chun na príomhscileanna ina n-ábhar a fhorbairt.			
	Déantar idirdhealú idir an teagasc agus an fhoghlaim, agus soláthraítear deis chuí leis chun cur ar chumas gach scoláire gabháil don rath agus eispéireas a fháil air.			

Cé na gnéithe de **Chultúr** thuasluaite ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

Cé a dhéanfaidh é?

Dáta athbhreithnithe:

PRÍOMHGHNÉ: CAIDRIMH

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
Caidrimh idir múinteoirí agus scoláirí	Bíonn caidrimh chairdiúla, thuisceanacha agus mheasúla idir múinteoirí agus scoláirí.			
	Mothaíonn foireann uile na scoile, mar dhaoine aonair, muiníneach as an ról a d'fhéadfadh a bheith acu mar an 'duine fásta maith amháin' ar féidir le scoláirí dul ina muinín chun tacaíocht agus cabhair a lorg.			
	Is eol do scoláirí cén áit ar féidir leo tacaíocht a fháil agus conas teacht ar na struchtúir 'cúraim' sa scoil.			
	Is ann do bheartas araíonachta dearfaí lena réitítear fadhbanna araíonachta le tuiscint, meas agus comhsheasmhacht.			
Caidrimh le piaraí	Léiríonn scoláirí meas, tuiscint agus cineáltas i leith a chéile.			
	Mothaíonn scoláirí sábháilte agus go dtacaítear leo i measc a bpiaraí.			
Guth an scoláire	Tá struchtúir éagsúla i bhfeidhm inar féidir le scoláirí a dtuairimí a léiriú, mar shampla sa rang, cruinnithe leis an teagascóir, grúpaí fócais dírithe ar ghuth an scoláire, cruinnithe le maoir, Comhairle Scoláirí.			
	Is eol do scoláirí go gcuirtear luach ar a n-aiseolas mar baintear leas as agus gníomhaítear dá réir.			
	Bíonn deis ag na scoláirí ar fad a dtuairim a thabhairt agus bíonn baint acu le cinní a dhéanamh faoina saol ar scoil.			
Comhpháirtíocht le tuismitheoirí/ caomhnóirí, leis an bpobal agus tacaíochtaí níos forleithne	Mothaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí go mbíonn fáilte rompu, go mbíonn meas orthu agus go n éistear leo mar chomhpháirtithe in oideachas a leanaí.			
	Bíonn deiseanna ag tuismitheoirí/caomhnóirí foghlaim faoi chlár Folláine na scoile sa tsraith shóisearach agus conas is féidir leo tacú le folláine a linbh.			
	Tugtar spreagadh gníomhach do thuismitheoirí/ chaomhnóirí páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i measúnú an chláir Folláine.			
	Tá naisc dhearfacha, réamhghníomhacha forbartha ag an scoil le grúpaí agus le clubanna sa phobal atá páirteach i dtacú le folláine daoine óga.			

DÍRÍÚ**ROINNT CRITÉAR LE LORG:****AIRD DE
DHÍTH****MAITH GO
LEOR****AR
FHEABHAS**

Cé na gnéithe de **Chaidrimh** thuasluaite ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

Cé a dhéanfaidh é?

Dáta
athbhreithnithe:

PRÍOMHGHNÉ: CURACLAM

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÍÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
OSSP, Corpoideachas, OSPS	Is ann do chur chuige soiléir comhordaithe i leith an tsoláthair OSSP, corpoideachais agus OSPS mar chuid den chlár Folláine sa tsraith shóisearach.			
	Is ann do dheiseanna rialta inar féidir le múinteoirí oibriú go comhoibríoch sa phleanáil do OSSP, corpoideachas agus OSPS.			
	Úsáidtear tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil in OSSP, corpoideachas agus OSPS.			
	Tacaítear le múinteoirí agus spreagtar iad chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach in OSSP, corpoideachas, agus OSPS.			
	Téitear i gcomhairle le múinteoirí sula bhfágfar ranganna OSPS agus/nó OSSP faoina gcúram.			
Treoir	Gné thábhachtach den churaclam Folláine sa tsraith shóisearach is ea foghlaim a bhaineann le treoir.			
	Oibríonn an treoirchomhairleoir i gcomhar leis an bhfoireann folláine chun an clár Folláine sa tsraith shóisearach a phleanáil.			
	Bíonn deiseanna ag an treoirchomhairleoir aithne a chur ar scoláirí na sraithe sóisearaí agus tacú leo.			
	Déanann an treoirchomhairleoir comhordú ar chomhroinnt chúí faisnéise ábhartha maidir le scoláirí lena múinteoirí chun tacú lena bhfolláine.			
Ábhair agus eispéiris foghlama eile	Tuigeann na múinteoirí ar fad an ról atá acu chun tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus lena haghaidh ina n-ábhar féin.			
	Spreagtar múinteoirí nach múinteoirí OSSP, OSPS ná corpoideachais iad machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo cur leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine agus lena haghaidh.			
Foghlaim sheach-churaclaim agus comhchuraclaim	Déantar bainistiú machnamhach ar na bealaí ina mbaintear úsáid as grúpaí agus gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú leis an bhfoghlaim faoin bhfolláine.			
	Tá clár seach-churaclaim na scoile deartha le bheith leathan, inrochtana agus uilechuimsitheach.			
	Bíonn baint ghníomhach ag scoláirí agus tuismitheoirí le clár seach-churaclaim na scoile a phleanáil agus le measúnú a dhéanamh air.			

Cé na gnéithe de **Churaclam** ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

Cé a dhéanfaidh é?

Dáta athbhreithnithe:

PRÍOMHGHNÉ: BEARTAS AGUS PLEANÁIL

Cé chomh maith is atá ag éirí linn? Tabhair rátáil 1–3 agus na critéir sa dara colún á gcur san áireamh. (1. Aird de dhíth, 2. Maith go leor, 3. Ar fheabhas)

DÍRÍÚ	ROINNT CRITÉAR LE LORG:	AIRD DE DHÍTH	MAITH GO LEOR	AR FHEABHAS
Beartais na scoile	Déantar beartais na scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar le scoláirí, tuismitheoirí agus an fhoireann.			
	Tá beartais a bhaineann le folláine i bhfeidhm, lena n-áirítear beartais i ndáil le hiompraíocht, sábháilteacht idirlín, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, OSPS (lena n-áirítear OCG) agus frithbhulaíocht, agus déantar athbhreithniú rialta orthu.			
	Tá fáil ar dhoiciméid bheartais agus scaiptear iad i measc scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.			
	Cuirtear beartais chun feidhme ar bhealach cóir tuisceanach.			
Féinmheastóireacht scoile	Sa phleanáil scoile, cuirtear am ar fáil don phleanáil san Fholláine.			
Pleanáil ábhair agus scoile uile	Déantar naisc fhollasacha idir an phleanáil don Fholláine agus féinmheastóireacht scoile.			
	Déantar na doiciméid phleanála don Fholláine a chomhthiomsú agus a shábháil chun tacú le meastóireacht ar an scoil uile san Fholláine.			
	Tá an Fholláine sa tsraith shóisearach ina gné thábhachtach den phleanáil scoile uile agus ábhair.			
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	Tugtar spreagadh agus tacaíocht do mhúinteoirí páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú le folláine na scoláirí.			
	Spreagtar agus éascaítear múinteoirí a gcuid foghlama i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chomhroinnt le comhghleacaithe.			
	Cuimsítear le forbairt ghairmiúil leanúnach deiseanna do mhúinteoirí a gcuid oibre i bhFolláine na sraithe sóisearaí a chomhroinnt le comhghleacaithe ar scoil.			

Cé na gnéithe de **Bheartas agus phleanáil** ar cheart tús áite a thabhairt dóibh sa phleanáil don Fholláine sa tsraith shóisearach?

Céard a dhéanfaimid?

Cé a dhéanfaidh é?

Dáta athbhreithnithe:

AGUIŚÍN I: TEIMPLÉAD CHUN TACÚ LE SCOILEANNA AGUS AONAIÐ FOGHLAMA NÍOS GIORRA SAN FHOLLÁINE Á BPLEANÁIL

Teideal an Aonaid	Fad
-------------------	-----

Aidhm an Aonaid

Naisc
 Léiríonn na táblaí seo a leanas an chaoi a bhféadfaí _____ (teideal an aonaid) a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

Ráiteas foghlama	Sampla d’fhoghlaim ghaolmhar san aonad
1.	
2.	

Príomhscileanna Leagtar amach na gnéithe agus na torthaí foghlama do na hocht bpríomhscil go mion in Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí. Roghnaigh na ceithre príomhscil is mó a dtacaítear leo san aonad seo.

An príomhscil	Gné	Gníomhaíocht foghlama an scoláire

Leagtar amach go follasach sna táscairí folláine an fhoghlaim atá tábhachtach san Fholláine. Cuir ciorcal timpeall na dtáscairí agus na dtuairiscíní a dtacaítear leo leis an bhfoghlaim san aonad seo (Feach I.45)

Torthaí foghlama

Ag deireadh an Aonaid seo beidh sé ar chumas an scoláire...

Gníomhaíochtaí foghlama samplacha

Measúnú

Léireoidh scoláirí fianaise ar a bhfoghlaim nuair a dhéanfaidh siad na nithe seo a leanas...

Acmhainní úsáideacha, naisc ghréasáin agus naisc phobail

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil leis na scoláirí ó St Joseph's Secondary School, an Ros agus St Mark's Community School, Tamhlacht as a gcaoinchead a thabhairt dúinn grianghraif a ghlacadh díobh. Fuair CNCM cead ó thuismitheoirí/chaomhnóirí le haghaidh rannpháirtíocht a bpáistí sa phróiseas seo.



